




Coimisiún an Chúlchiste Náisiúnta
Pinsean



Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais **2011**



Coimisiún an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean
National Pensions Reserve Fund Commission

Áras an Státhchiste,
Sráid na Canáile Móire, Baile Átha Cliath 2, Éire

Teileafón: (353 1) 664 0800

Facs: (353 1) 664 0890

29 Meitheamh 2012

An tUasal Michael Noonan, T.D.,
Aire Airgeadais,
Tithe an Rialtais,
Sráid Mhuirfeadh Uachtar,
Baile Átha Cliath 2

A Aire a chara,

Tá sé d'onóir agam Tuarascáil agus Cuntais Choimisiún an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean don bhliain dár críoch an 31 Nollaig 2011 a chur faoi do bhráid.

Is mise le meas,

Paul Carty,
Cathaoirleach

Clár

TUARASCÁIL

Ón Gcathaoirleach	4
Príomhfhiricí agus figiúirí	6
Forléargas	8
An Phunann stiúrtha	10
Straitéis infheistíochta	12
Athbhreithniú ar an margadh	15
Feidhmíocht	17
Athbhreithniú ar an bpunann lánroghnach	20
Infheistíocht fhreagrach	28
Rlosca, maoirseacht agus rialuithe	31
Táillí agus Speansais	32
Coimisinéirí	33
Rialachas an chiste	34

RÁITIS AIRGEADAIS

Comhaltaí an Choimisiúin agus Faisnéis Eile	38
Tuarascáil na nInfheistíochtaí Lánroghnacha	39
Ráiteas Maidir le Freagrachtaí an Choimisiúin	40
Ráiteas Maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais	41
Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste	43
Beartais Chuntasáíochta	44
Cuntas an Chiste	47
Ráiteas Glansócmhainní	48
Cuntas Riaracháin	49
Ráiteas Dreabhadh Airgid	50
Nótaí do na Cuntais	51

PUNANN INFHEISTÍOCHTA Í

Punann Infheistíochtaí	72
Gluais	104
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta - Faisnéis Chorporáideach	105

Ráiteas an Chathaoirligh



Is iomaí dúshlán a bhí ag an gCúlchiste Náisiúnta Pinsean (“CNP” nó an “Ciste”) i rith na bliana 2011.

Ar mhaithe le cuspóirí bainistíochta tá an Ciste roinnte idir dhá phunann – An Phunann Lánroghnach (a bhfuil freagracht go fóill ar an gCoimisiún ar a shon) agus

Infheistíochtaí Stiúrtha (infheistíochtaí a dhéantar faoi stiúir ón Aire Airgeadais).

Bhí luach €13.4 billiún ag an CNP ar 31 Nollaig 2011, comhdhéanta de Phunann Lánroghnach €5.4bn agus Punann Stiúrtha €8.0 billiún.

PRÍOMHFHORBAIRTÍ

Tháinig laghdú suntasach ar mhéid na Punainne Lánroghnaí mar gheall ar an riachtanas €10 billiún a leachtú le hinfheistiú faoi Chlár Tacaíochta an AE/ IMF d’Éirinn. Cuireadh na díolúcháin riachtanacha i bhfeidhm thar raon d’aicmí sócmhainní agus ar bhonn céimithe i rith an chéad leath den bhliain 2011, agus dhá chuspóir acu, tionchar an díolúcháin sócmhainní ar an margadh a íoslaghdú agus neamhchosaint na n-aicmí sócmhainní a choinneáil i gcomhar le meáchain fhadtéarmacha straitéiseacha. Chomh maith leis sin, díoladh codanna de shócmhainní neamhleachtacha an Chiste (maoin agus cothromas príomháideach) ag uaireanta a raibh an Coimisiún in ann buntáiste a bhaint as tosca fabhracha i margaí tánaisteacha na sócmhainní seo.

Nuair a Fógraíodh togra an Chiste Infheistíochta Straitéiseach i mí Mheán Fómhair 2011, léirigh an Rialtas go raibh fócas infheistíochtaí an Chiste á n-athdhírú i dtreo na hÉireann. Ba mhór an dúshlán é ailíniú a dhéanamh ar straitéis an Chiste, atá oiriúnach do shainordú fhadtéarmach an Chiste faoina reachtaíocht, agus an dóchúlacht ann go mbeidh sé riachtanach cuid shuntasach den Chiste a infheistiú in Éirinn, cé nach bhfuil reachtaíocht déanta ina leith sin go fóill. I bhfianaise na neamhchinnteachta seo aontaíodh gur cheart bainistiú an Chiste a dhírú níos mó ar chaomhnú caipitil agus an cumas a choinneáil chomh maith le bheith rannpháirteach i ngnóthacháin má fheidhmíonn na margaí go maith.

Baineadh é seo amach trí chéadroghanna ar dhíol in innéacs cothromais a cheannach i mí Mheithimh 2011 le neamhchosaint ainmniúil de €1.3 billiún a rinne laghdú suntasach ar neamhnochtadh an Chiste i leith margaí laga cothromais nuair a chuirtear é le cinneadh infheistíochta oirbheartach seasamh faoi mheáchan chothabháil i gcothromais. Dá thoradh sin bhí an-chosaint ag an gCiste ón meath géar sna margaí cothromais sa dara leath den bhliain.

INFHEISTÍOCHTAÍ STIÚRTHA

Maidir leis na hInfheistíochtaí Stiúrtha:

- Infheistíodh €10 billiún in athchaipitliú Bhainc-Aontas Éireann i mí Iúil 2011 (€8.8 billiún) agus Bhanc na hÉireann (€1.2 billiún).
- I rith an chéad leath de 2011 fuair an Phunann Stiúrtha €1.0 billiún san iomlán ó ghnáthscaireanna Bhanc na hÉireann a dhíol le cuibhreas infheisteoirí príobháideacha. Ar Threoir ón Aire Airgeadais, tugadh an t-airgead seo ar ais don Státchiste.
- Ar 31 Nollaig 2011 tugadh luacháil €8.0 billiún don Phunann Stiúrtha, ar bhonn luacháil chóir margaidh de réir phrionsabail chuntasaíochta a nglactar go coitianta leo.
- Ar 31 Nollaig 2011 bhí úinéireacht an Chiste ar Bhainc-Aontas Éireann agus ar Bhanc na hÉireann cothrom le 99.8% agus 15.1% faoi seach.

FEIDHMÍOCHT

- Fuarthas toradh +2.1% ón bPunann Lánroghnach i 2011, rud a sháraigh tagarmharc an Chiste féin (-0.7%) agus an toradh ar an meán-chiste pinsin bainistithe Éireannach (-3.5%).
- Ó cuireadh tús leis an gCiste i mí Aibreáin 2001, tá toradh bliantúlaithe de +3.3% ginte ag an bPunann Lánroghnach, i gcomparáid le +2.1% sa bhliain do thagarmharc an Chiste agus +1.1% don mheán-chiste bainistithe Pinsin Éireannach.
- Bhí toradh -58.1% ar an bPunann Stiúrtha i 2011 mar gheall ar laghduithe i luachálacha na ngnáthscaireanna agus na scaireanna tosaíochta i mBainc-Aontas Éireann agus i mBanc na hÉireann a bhí i seilbh an Chiste.
- Bhí toradh iomlán an Chiste, lena n-áirítear na Punainn Lánroghnach agus Stiúrtha, cothrom le -36.7% le haghaidh 2011.

Is féidir achoimriú mar seo a leanas a dhéanamh ar ghluaiseacht luach an Chiste i rith na bliana:

	€bn
CNP ag 31 Nollaig 2010	22.7
Aistarraingt an Stáitchiste	-1.0
Glanghnóthachán Luach na Punainne Lánroghnaí	0.2
Glanlaghdú i luach na nInfheistíochtaí Stiúrtha	-8.5
CNP ag 31 Nollaig 2011	13.4

CISTE STRAITÉISEACH INFHEISTÍOCHTA

Ba eochairfhorbairt é fógra an Rialtais i mí Mheán Fómhair 2011 faoi thogra an Chiste Straitéiseach Infheistíochta. Faoin togra seo, táthar ag súil go mbeidh ról cinnireachta ag an gCiste, faoi réir ag na leasuithe riachtanacha reachtaíochta, i bhforbairt agus i mbunú chistí infheistíochta, ag infheistiú ar bhonn tráchtála in earnála a mbaineann tábhacht straitéiseach leo in eacnamaíocht na hÉireann. Beidh an Ciste ina infheisteoir cloch coirnéil, ag feidhmiú dá réir mar chatalaíoch le caipiteal infheistíochta triú páirtí a mhealladh agus ag tuilleamh torthaí tarraingteacha coirgeartaithe le haghaidh riosca don Chiste.

Mar go mbeifear ag díriú níos mó ar infheistíocht in Éirinn sa chur chuige seo, beidh gá le hathrú a dhéanamh sa reachtaíocht i sainordú an Chiste. In oirchill an leasú reachtaíochta seo, bhí an Coimisiún ag obair le píblíne infheistíochtaí ionchasacha a fhorbairt faoi scáth an Chiste Straitéiseach Infheistíochta.


BAINISTEOIR

Tar éis dul i gcomhairle leis an Aire Airgeadais, d'athcheap an Coimisiún an GBCN mar Bhainisteoir an Chiste i mí Mhárta 2011 le haghaidh tréimhse breise cúig bliana go dtí mí Aibreáin 2016.

ACHOIMRE

D'fheidhmigh an Ciste go maith i mbliain a bhí luaineach sna margaí agus dúshlánach don Chiste agus é ag tabhairt faoi athfhócasú suntasach a dhéanamh i dtreo níos mó infheistíochta in Éirinn. Tá riocht maith ar an gCiste áfach leis an gclár oibre nua seo a sheachadadh.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le mo Chomhchoimisinéirí agus le comhaltaí ár gcoistí comhairleacha ar son a dtiomantais agus a ndúthracht le dhá mhí déag anuas. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil go háirithe le foireann an GBCN as an obair chrua a rinne siad agus as an ngairmiúlacht le linn tréimhse chasta inar tharla athruithe suntasacha don Chiste.



Paul Carty

Cathaoirleach
29 Meitheamh 2012

Príomhfhirice agus Figiúirí

FORLÉARGAS

Ag 31 Nollaig 2011 bhí luach iomlán an Chiste cothrom le €13.4 billiún:

- Bhí luach €5.4bn ag an bPunann Lánroghnach, a bhfuil freagracht go fóill ag an gCoimisiún as a infheistiú, (40.6 % den iomlán).
- Bhí luach €8.0 billiún ag an bPunann Stiúrtha, infheistióchtaí i bhforais airgeadais Éireannacha a rinneadh ar chúiseanna bheartas poiblí ar threoir ón Aire Airgeadais (59.4 % den iomlán).

Cairt 1

CNP 31 Nollaig 2011 - luach iomlán €13.4bn



- Punann Stiúrtha - €7,962m
- Punann Lánroghnach - €5,453m

LEITHDHÁILEADH SÓCMHAINNÍ

Is mar seo a leanas a bhí leithdháileadh sócmhainní an Chiste ag 31 Nollaig 2011:

Leithdháileadh Sócmhainní			
	Sócmhainní €m	% den Phunann Lánroghnach	% den Chiste Iomlán
Mórchaidhp	1,346	24.7	
Mionchaidhp	141	2.6	
Margaí ag Teacht chun Cinn	376	6.9	
Céadroghanna Cothromais	265	4.9	
Iomlán Cothromas Liostaithe	2,128	39.1	
Bannaí rialtais Crios euro	-	0.0	
Bannaí Boilsciú-nasca Crios euro	78	1.4	
Bannaí Corparáideacha Crios euro	271	5.0	
Airgead Tirim	946	17.3	
Iomlán Sócmhainní Airgeadais	1,295	23.7	
Cothromas Priobháideach	772	14.2	
Maoin	507	9.3	
Tráchtearraí	273	5.0	
Bonneagar	308	5.6	
Cistí Dearbh-Thoradh	170	3.1	
Iomlán Sócmhainní Malartacha	2,030	37.2	
IOMLÁN PUNANN LÁNROGHNACH	5,453	100.0	40.6
Bainc-Aontas Éireann	6,119		45.6
Banc na hÉireann	1,843		13.8
IOMLÁN INFHEISTÍOCHTA STIÚRTHA	7,962		59.4
CISTE IOMLÁN	13,415		100.0

- I mí Mheitheamh 2011 laghdaigh an CNP a neamhchosaint cothromais trí chéadroghanna ar dhíol in innéacs cothromais dhá bhliain a cheannach agus trí sheasamh suntasach oirbheartach faoi mheáchan a ghlacadh i gcothromais.

- Ag deireadh na bliana bhí neamhchosaint dhíreach an Chiste i leith cothromais cothrom le €1,863 ach i nglantearmaí bhí an neamhchosaint seo fritháirithe ag méid ainmniúil comhiomlánaithe de €1,428 milliún. Bhí luach €265 ag na céadroghanna ar dhíol ag deireadh na bliana.
- Bhí an Phunann Stiúrtha comhdhéanta de €6.1 billiún i mBainc-Aontas Éireann (úinéireacht 99.8 %) agus €1.8 billiún i mBanc na hÉireann (úinéireacht 15.1%).


FEIDHMÍOCHT

- Bhí toradh +2.1% ar Phunann Lánroghnach an Chiste i 2011.
- Bhí toradh na +2.1% ag an bPunann Lánroghnach i gcomparáid le toradh -0.7% ar thagarmharc an Chiste agus toradh -3.5% ar an meán-chiste pinsin Éireannach
- Ó cuireadh an CNP ar bun i 2001, tá toradh bliantúlaithe de +3.3% sa bhliain ginte ag an bPunann Lánroghnach, i gcomparáid le torthaí do na meán-chistí bainistithe pinsin Éireannacha de +1.1% sa bhliain, boilsciú Éireannach de +2.5%, agus tagarmharc an chiste de +2.1% sa bhliain.
- D'eascair feidhmíocht láidir an Chiste i 2011 i gcoinne a thagarmharc den chuid is mó as an gcinneadh laghdú a dhéanamh ar neamhchosaint an Chiste sna margáí cothromais. Tiománadh an cinneadh seo ag an riachtanas níos mó caipitil a chaomhnú agus sainordú an Chiste ag forbairt agus bhí cinneadh oirbheartach ann chomh maith a bheith faoi mheáchan sna margáí cothromais.
- Tugtar léargas ar thorthaí bliantúla an Chiste ó cuireadh ar bun é sa chairt thíos.
- Athraíodh straitéis infheistíochta na Punainne Lánroghnaí ón 1 Eanáir 2010 agus sonraíodh cuspóir tánaisteach infheistíochta, le costas fhiachas an rialtais a shárú sa bhfeidhmíocht thar tréimhsí rollaithe 5 bliana le dóchúlacht 75%.

Thuill an Phunann Lánroghnach toradh +6.8% sa tréimhse ón 1 Eanáir 2010, i gcomparáid le torthaí don mheán-chiste bainistithe pinsean Éireannach de +3.7% sa bhliain, do thagarmharc an Chiste de +6.2% sa bhliain agus do mheántoradh de +6.9% ar fhiachas cúig bliana Rialtas na hÉireann.
- Ghin punann na nInfheistíochtaí Stiúrtha toradh -58.1 % i 2011 rud a léiríonn leagadh anuas i luach cóir margaidh na scaireanna tosaíochta agus na ngnáthscaireanna i mBainc-Aontas Éireann agus i mBanc na hÉireann.
- Bhí toradh iomlán an CNP, lena n-áirítear an Phunann Stiúrtha, cothrom le -36.7% i 2011.

Cairt 2

Punann Lánroghnach CNP: Feidhmíocht 2001 go 2011



Forléargas

COSTAIS FHADTÉARMACHA PINSEAN

Bunaíodh an Cúlchiste Náisiúnta Pinsean i mí Aibreáin 2001 faoin Acht um an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean, 2000. Tá sé de chuspóir aige an oiread agus is féidir de chostais leasa sóisialaigh agus pinsin seirbhíse poiblí a chlúdach ó 2025 go 2055 ar a laghad.

Tá córas pinsin Stáit íoc mar a théann tú ag Éirinn faoi láthair – in aon bhliain amháin íoctar costais phinsin leasa shóisialta agus seirbhíse poiblí as cánachas, ranníocaíochtaí árachais shóisialta agus fáiltais eile an Rialtais.

Léiríonn na teilgin dheimeagracha go mbeidh níos lú ná beirt d'aois oibre ann do gach duine a bheith 65 bliana d'aois nó níos sine faoi lár an chéid, i gcomparáid le beagnach seisear sa lá atá inniu ann. Le bunú an Chiste, chuaigh an Rialtas ó chóras iomlán íoc mar a théann tú go córas pinsean réamhíochta i bpáirt, ar mhaithe le costas na bpinsean d'fhórsa oibre an lae inniu a laghdú do na glúnta atá le teacht.

Tá cóibhéis de 1% den OTN infheistithe go bliantúil ag an Rialtas sa CNP. Ní féidir aon airgead a tharraingt anuas roimh 2025, agus as sin amach, leanfaidh na tarraingtí ar aghaidh go dtí 2055 ar a laghad chun tacú leis an gcóras íoc mar a théann tú faoi rialacha atá le déanamh ag an Aire Airgeadais.

Ní mór a threisiú nár dearadh an CNP le toradh iomlán a sholáthar do na saincheisteanna buiséid a éiríonn as méadú na gcostais pinsin, agus nuair a dhéantar lamhál don réamh-mhaoiniú i bpáirt, beidh méadaithe móra ar chostais soláthar pinsin leasa sóisialta agus seirbhíse poiblí don Státchiste.

BEARTAS INFHEISTÍOCHTA

Éilítear i mbeartas reachtúil infheistíochta an Chiste go ndéantar an CNP a infheistiú d'fhonn an toradh optamach iomlán airgeadais a bhaint amach a fhad is go mbíonn an leibhéal riosca don airgead a choinnítear nó a infheistítear inghlactha don Choimisiún. I bhfianaise rialacha maoinithe agus tarraingt anuas an Chiste, agus a nádúr fadtéarmach, d'fhorbair an Coimisiún beartas infheistíochta fadtéarmach atá le feiceáil ina leithdháileadh straitéiseach sócmhainní atá dírithe go príomha ar infheistíocht i bpunann ilghnéitheach sócmhainní fóra (seachas airgeadais).

GÉARCHÉIM AIRGEADAIS

I 2009 chinn an tAire Airgeadais úsáid a bhaint as cuid de shócmhainní an Chiste le cabhrú le deileáil leis an ngéarchéim airgeadais a bhí ag Éirinn.

Leis an *Acht um Infheistíocht an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean agus Forálacha Ilghnéitheacha 2009* (“Acht 2009”) leasaíodh an tAcht um an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean, 2000 leis an CNP a chumasú lena úsáid ar son cuspóirí athchaipitliú bancanna. Cumhachtaíonn sé an tAire Airgeadais le ordú don Choimisiún infheistiú in urrúis shonraithe fhorais liostaithe creidmheasa má chinneann sé, tar éis dul i gcomhairle le Gobharnóir an Bhanc Ceannais agus leis an Rialtóir Airgeadais, go bhfuil an t-ordú sin riachtanach, ar son leas an phobail, le cheann ceann de na cuspóirí seo a leanas, nó an dá cheann:-

- corraíl shuntasach in eacnamaíocht an Stáit a leigheas;
- damáiste ionchasach tromchúiseach do chóras airgeadais an Stáit a chosc agus cobhsúchán leanúnach an chórais sin a chinntiú.

Rinne sé leasú chomh maith ar an Acht um an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean, 2000 lena bheartas reachtúil infheistíochta a bhaint as feidhm (an toradh optamach airgeadais a lorg a fhad is go mbíonn an leibhéal riosca inghlactha ag an gCoimisiún).

Ag druidim le deireadh mhí na Samhna 2010, d'fhógair an Rialtas go gcuirfeadh an Ciste suas le €10 billiún de chionroinnt €17.5 billiún an Stáit i gClár Tacaíochta Airgeadais an AE/IMF d'Éirinn ar fáil (“an Clár”).

Rinneadh leasú suntasach ar an reachtaíocht a rialaíonn an Ciste san Acht um Fhorais Chreidmheasa (Cobhsúchán), 2010 (“an tAcht CISA”).

Tugadh cumhachtaí suntasacha don Aire Airgeadais san Acht CISA, lena n-áirítear na cumhachtaí seo a leanas:

- ranníoc bliantúil 1% an Státchiste don CNP a laghdú nó a chur ar fionraí in aon bhliain de na blianta 2012 agus 2013;
- treoir a thabhairt don Chiste infheistiú in urrúis Rialtas na hÉireann;
- treoir a thabhairt don Chiste íocaíochtaí a dhéanamh go díreach chuig an Státchiste sna blianta 2011, 2012 nó 2013, nuair a fheictear dó é a bheith inmhianaithe ar mhaithe le caiteachas caipitil an Státchiste a mhaoiniú.

PUNAINN LÁNROGHNACHA AGUS STIÚRTHA

De thoradh na n-infheistíochtaí stiúrtha sna forais baincéireachta bheartaigh an Coimisiún an Ciste a roinnt i dhá phunann:

- Punann Lánroghnach – a bhfuil a cuid infheistíochtaí de chúram ar an gCoimisiún, agus
- Punann Stiúrtha – infheistíochtaí a dhéantar ar ordú ón Aire Airgeadais.

SAINORDÚ

D'fhógair an Rialtas togra an Chiste Straitéiseach Infheistíochta i mí Mheán Fómhair 2011. Faoin togra seo, díreofar infheistíocht ar bhonn tráchtála ón CNP i dtreo infheistíocht tháirgiúil in earnála tábhachtacha straitéiseacha in eacnamaíocht na hÉireann (lena n-áirítear bonneagar, uisce, caipiteal fiontais agus caipiteal fadtéarmach a sholáthar don earnáil na bhFontair Bheaga agus Mheánmhéide) agus lorgófar infheistíocht tráchtála comhoiriúnach ó infheisteoirí príobháideacha.

Beidh athruithe le déanamh ar reachtaíocht rialachas an CNP le héifeacht a thabhairt don athfhócasú suntasach seo ar shainordú an CNP i dtreo infheistíocht in Éirinn.

RIALACHAS

Tá an CNP á rialú agus á bhainistiú ag Coimisiún an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean.

Áirítear i measc feidhmeanna an Choimisiúin deimhniú agus feidhmiú straitéis infheistíochta an CNP de réir a bheartas reachtúil infheistíochta agus éilítear air chomh maith orduithe a eisíonn an tAire Airgeadais de bhun Acht 2009 agus an Acht CISA a fheidhmiú.

BAINISTEOIR

Cuireann an Coimisiún a chuid feidhmeanna i bhfeidhm tríd an GCBN, atá ina Bhainisteoir ar an gCiste. I mí Mhárta 2011, d'athcheap an Coimisiún an GCBN mar Bhainisteoir ar feadh tréimhse cúig bliana eile go dtí mí Aibreáin 2016, de réir reachtaíocht an Chiste agus tar éis dul i gcomhairle leis an Aire Airgeadais.

Punann stiúrtha

CÚLRA

Sa bhliain 2009, de bhun a chumhachtaí faoi Acht 2009, d'ordaigh an tAire Airgeadais don Choimisiún €7 billiún a infheistiú i scaireanna tosaíochta a d'eisigh Banc na hÉireann agus Banc-Aontas Éireann, d'fhonn na forais seo a athchaipitliú.

I mí Aibreáin 2010 ghlac an Ciste páirt i láithriú scaireanna agus in eisiúint chearta ag Banc na hÉireann, mar ar aistríodh timpeall leath na scaireanna tosaíochta ina ngnáthscaireanna, agus d'athcheannaigh Banc na hÉireann barántais a bhí i seilbh an Chiste. Tar éis an idirbhirt seo bhí úinéireacht cothrom le 36.0% de chaipiteal gnáthscaireanna an bhainc ag an gCiste.

I mí na Nollag 2010 rinneadh infheistíocht bhreise €3.7 billiún i ngnáthscaireanna Bhainc-Aontas Éireann de bhun ordú ón Aire Airgeadais. Ar 1 Aibreán 2011 d'aistrigh an Ciste 10.5 billiún gnáthscaireanna inaistrithe neamhvótála ina ngnáthscaireanna – eisíodh na scaireanna neamhvótála chuig an CNP in infheistiú €3.7 billiún agus aistríodh iad tar éis gnónna Bhainc-Aontas Éireann sa Pholainn a bheith díolta. Leis seo méadaíodh úinéireacht an Chiste de Bhainc-Aontas Éireann go 92.8%.

CLÁR TACAÍOCHTA AE/IMF D'ÉIRINN

I dtreo dheireadh mhí na Samhna 2010, d'fhógair Rialtas na hÉireann go gcuirfeadh an Ciste suas le €10 billiún de ranníoc €17.5 billiún an Stáit ar fáil do Chlár Tacaíochta an AE/IMF d'Éirinn.

Ina dhiaidh sin, ar bhun orduithe ón Aire Airgeadais, réadaíodh €10 billiún trí dhíolacháin sócmhainní de €5.5 billiún i mí Feabhra 2011 agus €4.5 billiún i mí Aibreáin 2011.

I mí Iúil 2011, threoraigh an tAire Airgeadais go ndéanfaí an €10 billiún a réadaíodh in airgead tirim de bhun ordú an Aire a infheistiú i mBanc na hÉireann (€1.2 billiún) agus i mBainc-Aontas Éireann (€8.8 billiún).

IDIRBHEARTA I RITH 2011

D'íoc Banc na hÉireann díbhinn in airgead tirim de €214.5 ar an 21 Feabhra 2011, maidir le scaireanna tosaíochta 2009 a bhí i seilbh an Chiste. Bhí toirmeasc Choimisiún an AE ar dhíbhinn rognach agus íocaíochtaí cúpóin a íoc imithe in éag ar an 31 Eanáir 2011. Tá an t-ioncam díbhinne seo ar fáil don Phunann Lánrognach, de réir ordú an Aire.

Ar an 29 Aibreán 2011, ar ordú ón Aire Airgeadais, cuireadh €7 billiún i dtaisce go gearrthéarmach le Banc-Aontas Éireann agus cuireadh €3 billiún i dtaisce le Irish Life & Permanent, agus bhí ráta úis margaidh de 1.7% á thuilleamh ag an dá thaisce.

Chuir Coimisiún an AE bac ar Bhainc-Aontas Éireann ó dhíbhinn bhliantúil a íoc ar Scaireanna Tosaíochta 2009 in airgead agus dá thoradh sin eisíodh 1,247 gnáthscaireanna chuig an gCiste i mí Bhealtaine agus i mí Iúil le luach iomlán de €289m.

I mí Iúil 2011 d'ordaigh an tAire Airgeadais go ndéanfaí an €10 billiún d'airgead tirim i dtaisce a infheistiú mar seo a leanas:

- €1.2 billiún i ngnáthscaireanna Bhanc na hÉireann ag praghas €0.10 an scair;
- €5.0 billiún i mBainc-Aontas Éireann ag praghas €0.01 an scair; agus
- ranníoc caipitil €3.8 billiún do Bhainc-Aontas Éireann.

De bhun Ordú Aire a eisíodh i mí Iúil 2011, d'aontaigh an Ciste cuid dá shealús scaireanna i mBanc na hÉireann a dhíol ar son €1 billiún san iomlán thar tréimhse céimiúil de roinnt seachtainí (glan ar tháillí). D'ordaigh an tAire chomh maith go ndéadfaí torthaí glana na ndíolachán seo tar éis táillí a aisíoc leis an Stáitchiste nuair a bheadh siad faighte.

Nuair a bhí na hidirbhearta seo curtha i gcrích, bhí úinéireacht 99.8% de Bhainc-Aontas Éireann agus 15.1% de Bhanc na hÉireann ag an gCiste.

LUACHÁIL

Bhí luach phraghas margaidh shealúchas an Chiste i ngnáthscaireanna Bhanc na hÉireann cothrom le €0.082 (8.2 cent) ar 31 Nollaig 2011.

Mar gur infheistíochtaí neamhliostaithe iad na hinfeistíochtaí sa dá bhanc agus go bhfuil sealúchas 99.8% de AIB ag an gCiste agus nach bhfuil ach 0.2% de chomhlúthacht shaor ann, d'fhostaigh an Coimisiún Goodbody Corporate Finance le luacháil chóir margaidh mar a bhí ar 31 Nollaig 2011 neamhspleách a sholáthar d'fhonn na hinfeistíochtaí a luacháil de réir prionsabail chuntasaíochta a nglactar leo go coitianta.

Tá luacháil €0.0076 (0.76 cent) an scair tugtha ag an gCoimisiún do ghnáthscaireanna Bhainc-Aontas Éireann bunaithe ar chomhairle Goodbody Corporate Finance agus tá luacháil mar a leanas déanta aige ar na hinfeistíochtaí i scaireanna tosaíochta:

- Bainc-Aontas Éireann: 63.5% den chostas;
- Banc na hÉireann: 80.2% den chostas.

FEIDHMÍOCHT

Taispeántar feidhmíocht na Punainne Lánroghnaí sa tábla seo a leanas:

Achoimre ar infheistíochtaí sna bainc					
30/12/2011	Oil- Infheistíochtaí	Táillí faighte	Caite €bn	Airgead Faighte €bn	Luach €bn
Scaireanna Tosaíochta	1.9	0.03	1.8	0.8	1.5
Gnáthscaireanna	3.0	0.08	2.9	1.0	0.4
Banc na hÉireann	4.9	0.11	4.7	1.8	1.9
Scaireanna Tosaíochta	3.5	0.03	3.5	-	2.2
Gnáthscaireanna	8.8	0.12	8.7	-	3.9
Ranníoc Caipítíl	3.8	-	3.8	-	-
AIB	16.1	0.15	16.0	-	6.1
Iomlán	21.0	0.26	20.7	1.8	8.0

Go hachomair: ón tús tá €20.7 billiún infheistithe, tá €1.8 billiún in airgead tirim faighte ó ioncam agus ó dhíol infheistíochtaí, agus bhí luacháil na n-infheistíochtaí a bhí fágtha, ar bhonn luach cóir margaidh, cothrom le €8.0 billiún ar 31 Nollaig 2011.

FORBAIRTÍ I 2012

Fuair an CNP díbhinn airgid de €188 milliún ar scaireanna tosaíochta Bhanc na hÉireann i mí Feabhra 2012 agus i mí Bhealtaine 2012 fuair sé díbhinn gnáthscaireanna in áit díbhinn airgid ar a scaireanna tosaíochta i mBainc-Aontas Éireann.

Straitéis Infheistíochta

CUSPÓIR INFHEISTÍOCHTA - PUNANN LÁNROGHNACH

Léirítear straitéis infheistíochta an Chiste ina leithdháileadh straitéiseach fadtéarmach ina bhfuil an meascán optamach aicmí sócmhainní a oireann do chuspóirí riosca agus toradh an Chiste agus do na srianta infheistíochta atá air.

Ghlac Coimisiún an CNP le leithdháileadh nuashonraithe sócmhainní don Chiste go luath sa bhliain 2010.

Agus é ag teacht ar an leithdháileadh nua straitéiseach, ghlac an Coimisiún leis go raibh a Ráiteas Misin mar atá leagtha amach in Acht CNP 200 bailí i gcónaí:

a oiread agus is féidir de chostas leasa sóisialaigh agus pinsin seirbhíse poiblí a bheidh le híoc ón mbliain 2025 go dtí an bhliain 2055 a bhaint amach, laistigh de pharaiméadair stuama riosca a aontóidh an Coimisiún.

D'aontaigh an Coimisiún, nach ndéanfaí measúnú ach ar Phunann Lánroghnach an CNP agus nach gcuirfí Infheistíochtaí Stiúrtha an CNP san áireamh agus an straitéis infheistíochta á leagan amach. Luaigh an Coimisiún nach raibh aon athrú sa reachtaíocht a thabharfadh air athchuir a thabhairt ar an Ráiteas Misin chomh fada agus a bhain sé le hinfeistíochtaí lánroghnacha an CNP.

D'aontaigh an Coimisiún gur cheart an Cuspóir Infheistíochta reatha a mhaolú le cuspóir forlíontach a chur leis: feidhmiú chostas fhiachas an Rialtais a shárú. Sna blianta tosaigh ní raibh costais iasachta áirithe go sonrach i gcuspóir toradh an Chiste mar go raibh farasbarr ag an Státchiste agus go raibh an coibhneas fiachais/OTI íseal.

Cuireadh an cuspóir forlíontach isteach mar go raibh costas iasachtaí an Rialtais i bhfad níos tábhachtaí agus easnamh ar an Státchiste agus méadú mór ar chostas iasachtaí. Sa chomhthéacs seo is féidir a áiteamh go réasúnta gur ionann costas fhiachas an Rialtais agus an costas deise ar cheart an toradh a ghineann an CNP a chur i gcomparáid leis.

Cinneadh dá bhrí sin aitheantas foirmiúil a thabhairt do na costais iasachta i gcuspóir infheistíochta an Chiste agus go luafaí go follasach é sa leibhéal riosca a bhí sé sásta a ghlacadh.

Dá réir sin leag Coimisiún an CNP a Chuspóir Infheistíochta amach mar seo a leanas:

Is é an príomhchuspóir saibhreas ceann cúrsa an Chiste a uasmhéadú sa scála ama atá leagtha síos san Acht, trí straitéis infheistíochta a thugann an aird chuí ar chuspóir an Chiste.

Beidh sé de chuspóir forlíontach feidhmiú chostas cúig bliana fhiachas an rialtais thar tréimhsí rollaithe cúig bliana a shárú ag leibhéal dóchúlachta 75%.

Glacadh leis an gcuspóir forlíontach atá leagtha amach thuas ar an mbonn gur cothromú réasúnta é idir léargas fadtéarmach infheistíochta a chothabháil agus seasamh athraithe fíoscach na hÉireann agus tionchar méadaithe na gcostas seirbhísiú fiachais a aithint.

LEITHDHÁILEADH STRAITÉISEACH SÓCMHAINNÍ

Tá an Leithdháileadh Straitéiseach Sócmhainní a ghlac an Coimisiún go luath i 2010 leagtha amach sa tábla seo a leanas.

Punann Lánroghnach an CNP Leithdháileadh Straitéiseach Sócmhainní	
	%
Cothromas Luaite	
Mórchaidhp Domhanda	29
Mionchaighp Domhanda	10
Margaí Domhanda ag teacht chun cinn	10
Iomlán na gCothromas Luaite	49
Bannaí	
Bannaí Rialtais Crios Euro	6
Bannaí Corparáideacha Crios Euro	6
Bannaí Boilsciú-nasctha Crios Euro	5
Airgead Tirim	1
Iomlán na Sócmhainní Airgeadais	18
Sócmhainní Malartacha	
Cothromas Príobháideach	10
Maoin	8
Tráchtearraí agus Foraoiseacht	5
Bonneagar	5
Infheistíochtaí Dearbh-thoradh	5
Iomlán na Sócmhainní Malartacha	33
Iomlán: Punann Lánroghnach	100

Ba iad na príomhthosca a bhí laistiar den leithdháileadh seo:

- Éagsúlú: leithdháileadh ar réimse leathan aicmí sócmhainní a bhí scaipthe go tíreolaíoch, d'fhonn an riosca go mbeidh gannfheidhmíocht in aicmí aonair sócmhainní a éagsúlú;
- Fás: leithdháileadh ar aicmí sócmhainní a bhfuiltear ag súil go mbéarfaidh siad ar an bhfás eacnamaíoch, lena n-áirítear Margaí ag Teacht chun Cinn agus cothromais Mionchaidhpe agus Cothromas Príobháideach;
- Cosaint ar bhoilsciú: leithdháileadh ar sócmhainní ar dócha go dtabharfaidh siad cosaint in aghaidh boilsciú fadtéarmach lena n-áirítear banna boilsciú-nasctha, tráchtarraí agus bonneagar.

LEITHDHÁILEADH DINIMICIÚIL SÓCMHAINNÍ

Tá dhá phrúiseas ar leith sa leithdháileadh sócmhainní: leithdháileadh straitéiseach agus dinimiciúil.

- Bíonn leithdháileadh straitéiseach sócmhainní bunaithe ar chuspóirí fadtéarmacha riosca agus toradh agus ar ionchais infheisteoirí maidir le torthaí na n-aicmí sócmhainní, luaineacht agus comghaolmhaireacht.
- Tagraíonn leithdháileadh dinimiciúil sócmhainní do dhiallais ó na meáchain straitéiseacha ar mhaithe le buntáiste a bhaint as aon deiseanna sonraithe praghsála margaidh in aicmí áirithe sócmhainní.

Tá údarás tarmligthe ag Coimisiún an CNP chuig an GBCN le leibhéal leithdháileadh lárnach straitéiseach na sócmhainní a athrú taobh istigh de raoin cheadaithe mar atá leagtha amach sa tábla thíos.

Aicme Sócmhainní	Raon Ceadaithe % den bPunann Lánroghnach
Cothromas Luaite	+/- 10%
Bannaí Ainmniúla agus Bannaí Boilsciú-nasctha	+/- 10%
Airgead Tirim	+10%
Maoin/Cothromas Príobháideach	+/-2%
Tráchtarraí	+/-2%
Bonneagar	+/-2%

Bunaidh na raoin seo ar an mbonn gur cheart go mbeadh gluaiseachtaí leithdháileadh dinimiciúil sócmhainní mór go leor le tionchar ábhartha a imirt ar riosca agus ar thoradh an Chiste agus nach mbeadh siad chomh mór sin go gcuirfeadh siad an leithdháileadh straitéiseach sócmhainní nó ról muiníneach an Chomisiúin maidir leis an CNP i mbaol. Tá beartas an leithdháileadh dinimiciúil sócmhainní bunaithe ar sheasaimh shuntasacha a ghlacadh má ghluaiseann seasaimh margaidh go foircneach nó nuair a tharlaíonn sé sin, seachas ar sheasaimh bheaga a ghlacadh ar bhonn leanúnach nó iarracht a dhéanamh gluaiseachtaí an mhargaidh a thuar.

ÉABHLÓID AN TSAINORDAITHE - CÉADROGHANNA AR DHÍOL

Ó glacadh le leithdháileadh straitéiseach acmhainní an Chiste go luath sa bhliain 2010, b'éigean leasú a dhéanamh ar straitéis infheistíochta an CNP mar gheall ar athruithe i reachtaíocht rialaithe an Chiste agus fógairt an Chiste Straitéiseach Infheistíochta le gné suntasach caomhnú caipitil a áireamh ann chomh maith le cumas don taobh thuas a choinneáil nuair a fheidhmíonn an margadh go dearfach. Is dúshlán é an leithdháileadh straitéiseach sócmhainní (a oireann do chuspóirí reatha fadtéarmacha reachtúla an Chiste) a chur in oiriúint don riachtanas dóchúí (nach bhfuil reachtaíocht lena haghaidh ann fós) go n-athdhíreofaí an Ciste ar Éirinn.

Go praiticiúil, cé go bhfuil leithdháileadh straitéiseach sócmhainní an Chiste atá ann i gcónaí oiriúnach le haghaidh cuspóirí fadtéarmacha infheistíochta an Chiste, is mó an riachtanas atá ann le haghaidh caomhnú caipitil sa ghearrthéarma d'fhonn a chinntiú go mbeidh sócmhainní na Punainne Lánroghnaí ar fáil le maoiniú a dhéanamh ar dheiseanna infheistíochta tráchtála in Éirinn nuair a bheidh a leithéid ann.

Go dtí seo baineadh an gné caomhnú caipitil seo amach trí chéadroghanna ar dhíol cothromais a cheannach i mí Mheithimh 2011 a thugann cosaint i gcoinne meath sna margaí ach a leanann ar aghaidh leis an rannpháirtíocht má fheabhsaíonn na margaí.

Bíonn céadroghanna ar dhíol níos daoire d'infheisteoirí fadtéarmacha (an phréimh) de ghnáth ná a mhalairt, na sócmhainní fisiciúla atá laistiar díobh a dhíol le riosca a laghdú. Go príomha mar sin is ceart céadroghanna ar dhíol a fhostú ar son cuspóirí oirbheartacha gearrthéarmacha seachas mar chroígné fadtéarmach de leithdháileadh

sócmhainní an Chiste. Mar sin, is straitéis oiriúnach don CNP iad sa tréimhse trasdula seo ó chiste éagsúlaithe domhanda go ciste a bheidh dírithe ar Éirinn.

Ní mór a thabhairt faoi deara, ó tharla go bhfuil sé níos dírithe ná mar is gnáth ar chaomhnú caipitil sa ghearthearma, go bhféadfadh feidhmíocht an Chiste i leith a thagarmharc a bheith an-éagsúil mar gheall ar thionchar na gcéadroghanna ar dhíol. Nuair a thitfidh na margáí caomhnóidh na roghanna luach a thitfeadh gan iad. Déanfar costas préimhe roghanna a thobhadh i gcónaí áfach agus is féidir leo a bheith suntasach, agus beidh na préimheanna sin ag baint den bhfeidhmíocht dá réir, rud a laghdóigh an fheidhmíocht dhearfach a fhaighfí gan iad dá n-ardódh na margáí.

Tá níos mó béime curtha ag an gCoimisiún chomh maith ar leachtacht na Punainne Lánroghnaí agus ní aon infheistíocht déanta aige a laghdódh leachtacht an Chiste.

AN CISTE STRAITÉISEACH INFHEISTÍOCHTA

Le fógart togra an Chiste Straitéiseach Infheistíochta léirigh an Rialtas athfhócasú ar infheistíochtaí an Chiste ó mhargaí domhanda go hÉirinn. Cuirfear infheistíocht tráchtála ón CNP i dtreo infheistíochta táirgiúil in eárnálacha tábhachtacha straitéiseacha in eacnamaíocht na hÉireann.

Is eochairphrionsabal den Chiste Straitéiseach Infheistíochta é go mbeidh cómhaoiniú infheistíochta á lorg ag infheistíocht an CNP, a dhéanfar ar bhonn tráchtála amháin, ó infheisteoirí tríú páirtí. Ar an gcaoi seo is féidir sócmhainní an Chiste a úsáid mar chatalaíoch le breis caipitil a mhealladh ar son infheistíochtaí in eacnamaíocht na hÉireann. Tá an Ciste ag obair go dlúth chomh maith le NewERA maidir le deiseanna infheistíochta a bhaineann leis an eanáil tráchtála leath-stáit.

Beidh sraith fo-chistí sa Chiste Straitéiseach Infheistíochta a dhíreofar ar infheistíocht tráchtála i réimsí a mbainfidh tábhacht straitéiseach leo d'eacnamaíocht na hÉireann sa todhchaí, lena n-áirítear bonneagar, uisce, caipiteal fiontair agus soláthar caipitil fadtéarmach d'Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéide (SME). Táthar ag súil go mbeidh ról ceannasach ag an CNP i bhforbairt agus i bhfeidhmiú gach fo-chiste.

Tuigtear don Rialtas go mbeidh athrú ag teastáil sa reachtaíocht a rialaíonn sainordú an Chiste, leis an gCiste Straitéiseach Infheistíochta a chur i bhfeidhm, agus tá na sonraí á bplé go fóill.

Ag an am céanna, agus mar ullmhúchán don reachtaíocht rialaithe a leasófar in am tráth, tá an Coimisiún ag obair le píblíne infheistíochtaí ionchasacha a fhorbair faoi scáth an Chiste Straitéiseach Infheistíochta, chomh maith le bainistiú a dhéanamh ar an bPunann Lánroghnach.

Mar phrionsabail leathana ní dhéanfaidh an CNP infheistíochtaí ach ar bhonn tráchtála, agus go ginearálta beidh an CNP ina infheisteoir cloch choirnéil mionlaigh, ag gníomhú dá réir mar chatalaíoch le caipiteal tríú páirtí a mhealladh chuig deiseanna infheistíochtaí den chineál sin.

Ní mór a mheabhrú go mbeidh struchtúr na n-infheistíochtaí faoin gCiste Straitéiseach Infheistíochta deartha le dhá chuspóir a bhaint amach: toradh tráchtála coigeartaithe le haghaidh riosca a ghiniúint don Chiste agus leas eacnamaíocht an hÉireann a dhéanamh trí infheistíocht in eárnálacha tábhachtacha straitéiseacha.

Athbhreithniú Margaidh


Is féidir feidhmíocht phraghsanna sócmhainní a scoilt go ginearálta ina dhá leath i 2011. Bhí praghsanna ag gluaisacht ar leataobh sa chéad leath den bhliain agus bhí luaineacht an-íseal ann. Bhí an t-innéacs Vix, a thomhasann ionchais an mhargaidh i leith luaineacht innéacs cothromais S&P 500 na Stáit Aontaithe, tar éis titim go dtí an pointe is ísle le bliana ag tús mhí an Mheithimh. Tharla sé seo in ainneoin na rioscaí ag bhí ag teacht chun cinn don eacnamaíocht dhomhanda, go háirithe géarchéim an chrios Euro a bheadh chun tosaigh mar thionchar ar ghníomhaíocht an mhargaidh sa dara leath den bhliain.

Cairt 3
Innéacs Vix 2011




I mí an Mheithimh d'éirigh le vóta faoi bhearta nua déine i bparlaimint na Gréige le mionlach beag agus sa mhí chéanna tosaigh torthaí bannaí ceannasacha na hIodáile agus na Spáinne ag ardú go mear. In ainneoin tuairiscí mórthaibhseacha ioncáim a bheith ag teacht ó SAM go háirithe, tosaigh na margáí ag díriú ar an todhchaí macra-eacnamaíoch. Bhí fadhbanna buiséid i SAM, chomh maith le sonraí díomácha eacnamaíocha a spreag imní mheathlú dhá umar.

Cairt 5
Margáí Cothromais Roghnaithe Toradh 2011 (Euro)



Mar thoradh ar na fadhbanna seo, d'imigh an calm as na margáí i mí Iúil. Bhí cailteanais mhóra ag formhór na sócmhainní riosca i rith an tsamhraidh agus an fhómhair agus mhéadaigh an luaineacht go mór. Tuigeadh anois go raibh go leor rialtas le fiacha sa domhan forbartha tagtha go deireadh na feide ó thaobh cumas iasachtaí agus go raibh geilleagar an domhain ag brath níos mó agus níos mó ar na bainc cheannais le cinntiú nach dteipfeadh go tubaisteach ar éileamh. Cé gur lean Banc Ceannais na hEorpa (BCE) ag ceannach bannaí ceannasacha imeallacha ar an margadh tánaisteach, agus torthaí bannaí Gréagacha éirithe go leibhéil fhíorarda, d'ardaigh torthaí bannaí don Spáinn agus don Iodáil chomh maith mar gheall ar amhras faoina gcumas chun fiachas nua a eisiúint go rathúil, go dtí gur shroich siad na leibhéil a thug ar thíortha níos lú dul isteach i gcláir tacaíochta airgeadais an AE/IMF.

Cairt 4
Torthaí Roghnaithe Ceannasacha 10 mbliana Eorpacha 2011




D'éirigh freagairtí oifigiúla do ghéarchéim an euro níos suntasaí sa cheathrú ráithe agus ba léir é seo i bhfeidhmíochtaí a bhí an-láidir go ginearálta sna margaí cothromais. Chuir an BCE síneadh le haibíocht a chuid maoinithe don chóras baincéireachta go háirithe ó bhliain amháin go trí bliana, agus mhaolaigh siad na riachtanais chomhthaobhachta le rochtain a fháil ar an maoiniú seo. Chabhraigh sonraí eacnamaíochta i SAM, le tacaíocht ó chaitechas ar earraí caipitil gnó agus teacht aniar na dtomhaltóirí go mór le meon an mhargaidh.

I rith na bliana 2011 bhí éagsúlacht mhór i bhfeidhmíocht na margaí cothromais i dtíortha éagsúla. Bhí SAM agus an RA i measc na margaí ba fhearr feidhmíochta, ach bhí feidhmíocht na margaí atá ag teacht chun cinn an-lag. I gcrios an euro, ba é margadh na Gréige ba mheasa ó thaobh feidhmíochta, le titim os cionn 50% faoi dheireadh na bliana. Ba ghné suntasach de na margaí cothromais i 2011 an comhghaol ard idir cothromais aonair, mar gur ghluais praghsanna scaireanna i bpatrúin chosúla gan aird ar bhuntréithe na gcuideachtaí a bhí laistiar díobh.

Bhain an fheidhmíocht is fearr i sócmhainní le bannaí ceannasacha a ghnóthaigh ón teitheadh go sreabhanna ardchaighdeáin, bannaí SAM, RA agus na Gearmáine go háirithe. Bhrúigh an teitheadh seo go hardchaighdeán torthaí síos agus tiománagh praghsanna suas dá réir.

Cairt 6


Torthaí 10 mBliana Ceannasacha 2011



Bhí meath ar an euro i gcoinne gach airgeadra forbartha i 2011, cé nach raibh an difríocht an-mhór ach i gcoinne an yen. Go ginearálta, bhí na glanghluaiseachtaí airgeadra is lú le blianta ann i rith na bliana. Chríochnaigh dolar SAM, sterling, an euro agus franc na hEilbhéise an bhliain 2011 ag rátaí i gcoibhneas lena chéile a bhí cosúil le rátaí thús na bliana.

Cairt 7

Torthaí rátaí malartáin versus Euro 2011



FORBAIRTÍ I 2012

Le tacaíocht ó sholáthar ionsaitheach leachtacha ó bhainc ceannais, lean feidhmíocht láidir na sócmhainní riosca faoi dheireadh na bliana 2011 ar aghaidh trí thús na bliana 2012. Athraíodh meon an mhargaidh san Eoraip go mór ag togra Oibríochtaí Athairgeadaithe Fadtéarmacha an BCE (LTRO) trí mhaolú a dhéanamh ar an riosca suntasach go mbeadh géarchéim baincéireachta ann. Chuir an togra seo cistí gan teorainn ar fáil d'fhorais bhaincéireacht ar feadh tréimhse trí bliana ag rátaí ísle úis. Léirigh an t-instealladh leachtachta seo do na margaí nach mbeadh an BCE neamhghníomhach i leith na rioscaí córasacha. Thacaigh an €1 trilliún de mhaoiniú a cuireadh ar fáil leis an LTRO leis na margaí ceannasacha bannaí, go háirithe bannaí le dátaí gearra agus na bainc ag infheistiú airgid shaor sna hionstraimí seo. I SAM, thit na hionchais le haghaidh rátaí úis sa todhchaí nuair a rinne an Federal Reserve síneadh ar an tréimhse a ndúirt sé go raibh sé ag súil le rátaí úis a choinneáil an-íseal go heisceachtúil ó 2013 go 2014. Chuir an tSeapáin chomh maith dlús le ceannach lena clár ceannach fachais i rith an chéad ráithe.

Tháinig meath ar an soirbhíochas iar-LTRO faoi mhí Aibreáin áfach agus tháinig géarchéim ceannasach agus baincéireachta chrios an euro chun cinn arís in intinn na n-infheisteoirí. Tá moilliú mór tagtha ar an bhfás domhanda chomh maith agus meath ag teacht ar thionchair an spreagadh airgeadaíoch.

Feidhmíocht

FORIOMLÁN

Tuairiscítear feidhmíocht an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean ar thrí leibhéal: (i) An Phunann Lánroghnach, (ii) na hInfheistíochtaí Stiúrtha, agus (iii) an Ciste Iomlán.

Ag 31 Nollaig 2011, bhí luach iomlán an CNP ag €13.4 billiún, comhdhéanta den bPunann Lánroghnach ag €5.4 billiún agus an Phunann Stiúrtha ag €8.0 billiún.

AN PHUNANN LÁNROGHNACH


Thuill an Phunann Lánroghnach toradh de +2.1% i 2011 i gcomparáid le tagarmharc an Chiste de -0.7% agus leis an meán-chiste bainistithe pinsean Éireannach de -3.5%.

Ó cuireadh an Ciste ar bun i 2001 go dtí 31 Nollaig 2011, tá toradh bliantúil de 3.3% seachadta ag an bPunann Lánroghnach.

- Is féidir é seo a chur i gcomparáid le toradh bliantúil de +1.1% don mheán-chiste bainistithe pinsean Éireannach agus leis an ráta boillsithe Éireannach de +2.5% sa bhliain sa tréimhse chéanna.
- Sháraigh feidhmíocht an Chiste a thagarmharc (+2.1% sa bhliain) de 1.2% ó cuireadh ar bun é.

Cairt 8

Punann Lánroghnach an CNP Feidhmíocht



Tugadh tagarmharc tánaisteach isteach i 2010 – is é sin go mbeadh sé d'aidhm ag an bPunann Lánroghnach costas fiachas cúig bliana an rialtais a shárú ina fheidhmíocht thar tréimhsí rollaithe cúig bliana ag leibhéal dóchúlachta 75%.

Bhí toradh +6.8% bliantúil ar an bPunann Lánroghnach ó tugadh an cuspóir tánaisteach isteach i 2010, toradh atá beagán níos ísle ná costas an mheántoradh ar fhiachas 5 bliana Éireannach a bhí cothrom le +6.9%. Is toradh fabhrach é seo go ginearálta don Chiste nuair a chuirtear san áireamh costais ardaithe fhiachas na hÉireann sa tréimhse atá i gceist. Bhí toradh deireadh bliana de 7.3% ar fhiachas 5 bliana na hÉireann ag deireadh 2011.

Leagtar amach thíos na ranníocóirí i dtoradh +2.1% na Punainne Lánroghnaí i 2011:

Aicme Sócmhainní		
2011	Toradh Sócmhainne	Cionroinnt i leith Toradh Punainne
Cothromais	-6.5%	-0.9%
Bannaí	6.2%	0.4%
Maoin	9.1%	1.0%
Cothromas Priobháideach	6.0%	1.3%
Tráchtarraí	2.4%	0.2%
Airgead Tirim	0.8%	0.2%
Toradh Absalóideach	8.8%	0.2%
Bonneagar	18.4%	0.9%
Fálú Airgeadra		-1.2%
Iomlán		2.1%

Tráchttaireacht:

- Ba í an earnáil bonneagair ba fhearr feidhmíochta, le toradh +18.4%.
- Feidhmíocht dhiúltach a bhí ag cothromais. Bhí cothromas chrios an euro ag digití arda singil, agus bhí toradh diúltach níos mó ná -20% i bhformhór na Margaí atá ag Teacht chun Cinn.
- Bhí toradh +6.2%, ar Bhannaí, tiomáinte ag an teitheadh i dtreo ardchaighdeáin i mbannaí ceannasacha agus feidhmíocht láidir i mbannaí corparáideacha.
- Fuarthas torthaí dearfacha ó Mhain agus ó Chothromas Priobháideach chomh maith, agus an téarnamh iar-ghéarchéime ag leanúint ar aghaidh.
- Bhí torthaí ar airgead tirim fíoríseal i gcónaí.

Go hachomair, bhí feidhmíocht dhearfach ann ó fhorhóir na n-aicmí sócmhainní ach cuireadh an mhórchuid de seo ó mhaith mar gheall ar fheidhmíocht dhiúltach ar leibhéal éagsúla i bhformhór na margaí cothromais.

Dearadh straitéis neamhghníomhach fálaíthe an Chiste le tionchar ghluaiseachtaí codarsnacha airgeadra a mhaolú i leith sócmhainní nach bhfuil ainmnithe i euro. Is é beartas an Chiste fálú a dhéanamh ar 50% den neamhchosaint neamh-euro i gcothromais luaite (seachas margaí atá ag teacht chun cinn nach bhfálaítear) agus i gcothromas príobháideach agus 100% den neamhchosaint ainmnithe neamh-euro i maoin a fhálú. Is é cuspóir an straitéis fhálaíthe tionchair na luaineachtaí airgeadra ar an gCiste a laghdú, agus is é an tionchar atá aige luach a mhéadú nuair a dhímheastar sócmhainní bunaidh an Chiste agus luach a laghdú nuair a thagann méadú ar na sócmhainní bunaidh. Ba é tionchar an fhálú airgeadra i 2011 gur laghdaíodh an feidhmíocht absalóideach de 1.2%.

FEIDHMÍOCHT GHAOLMHAR

I 2011, gineadh toradh +2.1% sa Chiste Lánroghnach i gcomparáid le toradh tagarmharc de -0.7% don tréimhse chéanna, sárú feidhmíochta de +2.8%

Tugtar anailís ar an sárú feidhmíochta sa tábla seo a leanas:

Punann Lánroghnach - Ranníocóirí i leith feidhmíocht Chomparáideach i gcoinne Tagarmharc 2011	
Céadrogha ar dhíol Cothromais	1.2%
Cinntí oirbheartacha leithdháileadh sócmhainní	0.4%
Feidhmíocht na mBainisteoirí Gníomhacha	0.4%
Tionchair feidhmíocháin	0.2%
Táillí	-0.3%
Maoin	-1.1%
Cothromas príobháideach	1.8%
Infheistíochtaí Creidmheasa	0.2%
Iomlán	2.8%

Tráchteaireacht:

- Tháinig an breisluach is mó ó thionchar na gcéadroghanna ar dhíol a chuir +1.2% leis an bhfeidhmíocht ghaolmhar i dtimpeallacht ina raibh na margaí cothromais ag meath sa dara leath den bhliain 2011.
- Chuir cinntí oirbheartacha sócmhainní +0.4% leis an bhfeidhmíocht. D'éascair an feidhmíocht seo go príomha as an gcinneadh gannmheáchan a thabhair do bhannaí ceannasacha, rud a bhain den bhfeidhmíocht.
- Bhain meánfeidhmíocht na mbainisteoirí den chuid is mó le feidhmíocht dhearfach na mbainisteoirí cothromais agus feidhmíocht an-láidir sa phunann Dearbhtháirgeachta.
- Cé go raibh feidhmíocht an-láidir ag na punainn chothromais phríobháideacha, bhí maoin, mar a bhfuil formhór infheistíochtaí an Chiste neamhliostaithe, laistiar den tagarmharc do mhaoin phríobháideach liostaithe a léiríonn téarnamh luachála níos tapúla ná luachálacha neamhliostaithe infheistíochta.
- Ní mór a thabhairt faoi deara gur gá a bheith cúramach nuair a chuitear feidhmíocht maoiné agus punainn chothromais phríobháideacha in aghaidh a dtagarmharcanna in aon bhliain ar leith. Mar go bhfuil siad neamhleachtach is fearr feidhmíocht infheistíochta na n-aicmí sócmhainní seo a luacháil ar bhonn fhadtéarmach.

AN PHUNANN STIÚRTHA

Bhí toradh -58.1% ar an bPunann Stiúrtha i 2011. Áirítear sa toradh seo luachanna córa margaidh na n-infheistíochtaí i mBainc-Aontas Éireann agus i mBanc na hÉireann, de réir na moltaí a fuarthas ón tuarascáil neamhspleách luachála.

IOMLÁN AN CNP

Cuireadh toradh iomlán don CNP ar taifead ag -36.7% sa bhliain 2011.

Toradh Infheistíochta	Ciste 2011	Tagarmharc 2011	Ciste ó Thús	Tagarmharc ó thús
	%	%	% sa bhliain	% sa bhliain
Punann Lánroghnach	2.1	-0.7	3.3	2.1
Infheistíochtaí Stiúrtha	-58.1	-	-34.6	-
Iomlán	-36.7	-	-3.2	-

PUNANN THAGARMHARCÁLA

Faoin Acht um an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean, 2000 éilítear ar an gCoimisiún tagarmharcanna cuí a dheimniú le toradh infheistíochta an CNP a thomhas ina choinne.

Déantar feidhmíocht an CNP a thomhas i gcoinne phunann tagarmharcála atá comhsheasmhach lena leithdháileadh straitéiseach sócmhainní. Leis an tagarmharc a ríomh, déantar meáchain gach aicme sócmhainní a choigeartú nuair a bhíonn an leachtacht ina shrian ar an leithdháileadh straitéiseach sócmhainní a fheidhmiú go ciallmhar, mar shampla leis an meáchan níos airde i gcothromas príobháideach a léiriú tar éis gur feidhmíodh díolacháin €10 billiún i sócmhainní i 2011 in aicmí leachtacha amháin.

Déantar feidhmíocht gach aicme sócmhainní a thomhas i gcoinne tagarmharc sainmhínithe (m.sh. tomhastar infheistíochtaí cothromas crios Euro an CNP i gcoinne an FTSE All World eurobloc Index). Is ionann toradh foriomlán tagarmharcála an CNP agus suim na dtorthaí le haghaidh gach aicme sócmhainní meáite de réir a scair i gcéatadán de leithdháileadh straitéiseach sócmhainní an CNP.

Punann Lánroghnach Atbhreithniú

LEACHTÚ €10 BILLIÚN LE HAGHAIDH CLÁR TACAÍOCHTA AIRGEADAIS AN AE/ IMF D'É IRINN

Go déanach i mí na Samhna 2010, d'fhógair an Rialtas go gcuirfeadh an Stát suas le €10 billiún de rannioc €17.5 billiún an Stáit do Chlár Tacaíochta Airgeadais an AE/IMF (“an Clár”) ar fáil. Rinneadh dlí den Acht “CISA” i mí na Nollag 2010 leis an infheistíocht seo ón gCiste i bhforais creidmheasa nó in urrúis Rialtas na hÉireann a áisiú.

I 2011, de bhun orduithe ón Aire Airgeadais, réadaíodh €10 billiún in airgead tirim, comhdhéanta de €5.5 billiún i mí Feabhra 2011 agus €4.5 billiún i mí Aibreáin 2011. Cuireadh an t-airgead seo i dtaisce le bainc thráchtála Éireannacha, agus ar ordú ón Aire Airgeadais, infheistíodh é in athchaipitliú Bhainc-Aontas Éireann agus Bhanc na hÉireann.

Bhí na díolacháin sócmhainní d'fhonn an €10 billiún a bhailiú dírithe ar aicmí leachtacha sócmhainní agus cuireadh i bhfeidhm iad trí phainéal bhainisteoir trasdula an Chiste. Nuair a bhíonn idirbhearta díolacháin de mhéid chomh mór sin á ndéanamh, bíonn riosca ann go dtiománfadh méid an idirbhirt praghsanna an mhargaidh i gcoinne an díoltóra. Trí idirbhearta céimiúla a dhéanamh agus aird a thabhairt ar dhála an mhargaidh ag an am, bhí an Coimisiún in ann costais an leachtaithe a íoslaghdú. Bhí spríoceasnamh an fheidhmithe (costas iomlán na trádála lena n-áirítear cánacha, coimisiúin agus, an rud is tábhachtaí, tionchar méideanna na n-idirbhearta ar an margadh) níos lú ná 0.2% don €10 billiún go léir, toradh a bhí thar a bheith sásúil.

De thoradh an réadú a dhíriú ar aicmí sócmhainní leachtacha, bhí rómheáchan sa Phunann Lánroghnach a bhí fágtha ó thaobh sócmhainní neamhleachtacha, maoin agus cothromas príobháideach den chuid is mó. Cé go bhféadfaí imeacht as na seasaimh sin ar fhógra gearr, ba ghá glacadh le lascaí móra go ginearálta. Ba é tuairim an Choimisiúin gur gá glacadh leis an seasamh rómheáchain sa ghearrthéarma agus sa mheántéarma ar mhaithe leis an toradh ó na seasaimh seo a uasmhéadú, agus gur fearr do leas an Chiste na hinfheistíochtaí seo a laghdú de réir a chéile.

LEITHDHÁILEADH DINIMICIÚIL SÓCMHAINNÍ

I rith na bliana 2011 d'fheidhmigh an Ciste na seasaimh leithdháileadh dinimiciúil sócmhainní seo a leanas:

- Choinnigh an Ciste seasaimh suntasacha faoi mheáchan i mbannaí ceannasacha ainmniúla agus boilsciú-nasctha;
- I mí an Mheithimh 2011, mar gur chreid sé nach raibh neamhchinnteachtaí chrios an euro ó thaobh fadhbanna ceannasacha agus baincéireachta á léiriú go sásúil ag praghsáil an mhargaidh, rinne an Ciste laghdú mór ar a mheáchan i gcothromais luaite dhomhanda. Laghdaíodh an seasamh seo go luath i mí na Nollag roimh fhógairt an LTRO, tar éis tagairtí a rinne cinnteoirí beartais sa chrios euro a léirigh féidireacht mhéadaithe i ngluaiseachtaí substaintiúla a ligfeadh don BCE a chlár comhardaithe a leathnú agus tacú le maoiniú ceannasach.
- Sna cúinsí ina bhfuil an Ciste faoi láthair, agus mar gheall ar gur seasamh le riosca a laghdú é seo, mheas an Coimisiún go raibh sé oiriúnach an dá chinneadh seo a ghlacadh in éineacht, agus dá thoradh bhí rómheáchan airgid tirim os cionn an 10% atá ceadaithe faoi bheartas dinimiciúil leithdháileadh sócmhainní an Chiste.
- Choinnigh an Ciste beagán cothromais mhionchaidhpe gaolmhar faoi mheáchan i gcoinne cothromais mhórchaidhpe.


COTHROMAIS

Mar a bhí ar 31 Nollaig 2011 bhí an CNP infheistithe i 3,387 cuideachta ar fud margaí domhanda forbartha agus ag teacht chun cinn (tá liosta iomlán de na cuideachtaí seo curtha ar fáil i roinn eile den tuarascáil bhliantúil seo). Ní raibh seilbh ag Punann Lánroghnach an Chiste ar nós mó ná 0.38% de na scaireanna in aon chuideachta agus ní raibh aon stoc aonair níos mó ná 0.61% den Phunann Lánroghnach.

Tugtar achoimre sa tábla a leanas d'fheidhmíocht réimse innéacsanna cothromais margaidh i rith 2011.

Cairt 9

Torthaí Roghnaithe Margadh Cothromais 2011



Meáchain Chothromais CNP % den Phunann Lánroghnach ar 31 Nollaig 2011

	Leithdháile Ciste	Tagarmharc
	%	%
Iomlán Mórchaidhp Crios Euro	7.4	7.8
<i>Meiriceá Thuaidh</i>	10.9	10.5
<i>An Eoraip seachas Crios Euro</i>	3.1	2.9
<i>An tSeapáin</i>	1.6	1.7
<i>Imchuach an Aigéin Chiúin</i>	1.7	1.6
Iomlán Mórchaidhp seachas Crios Euro	17.3	16.7
Iomlán Mórchaidhpe	24.7	24.5
Mionchaidhp	2.6	8.6
Margaí ag Teacht chun Cinn	6.9	8.3
Céadroghanna Cothromais	4.9	0.0
IOMLÁN	39.1	41.4

Tráchtairacht ar phunann Cothromais an Chiste:

- Ba mhó an tionchar a bhí ag tosca a bhain go sonrach le tíortha ná mar a bhí ag torthaí stoc aonair de réir mar a d'éirigh an dibhéirsiú idir torthaí thíortha níos mó i 2011. Go ginearálta bhí feidhmíocht níos fearr ag tíortha a bhfuil solúbthacht a ráta malartáin féin acu, ar nós SAM, an RA agus an Eilbhéis.

- Bhí claonadh sna margaí is lú luaineachta agus a bhfuil tréithe cosantacha acu, an fheidhmíocht a shárú. Bhí feidhmíocht níos ísle i margaí atá ag teacht chun cinn ná i margaí forbartha.
- Ba ghné shuntasach de na margaí cothromais i 2011 go raibh torthaí infheistíochta go cuideachtaí aonair á dtiomáint níos mó ag imní macra-eacnamaíoch agus ag mothúcháin na n-infheisteoirí. Bhí sé seo le feiceáil i dtomhasanna comhghaolmhaireachta a bhain airde stairiúil amach i measc stoc aonair agus praghsanna ag gluaiseacht i bpatrúin chosúla ar neamhaird ar na hionchais fáis agus ar luachálacha na mbuncheideachtaí.

Bhí toradh -6.5% ar phunann cothromais an Chiste i 2011 a bhí comhdhéanta de chothromais mhórchaidhpe -2.7%, cothromais mhionchaidhpe -7.2% agus cothromais margaí ag teacht chun cinn -18.2%.

I mí Mheithimh 2011 d'aontaigh an Coimisiún céadroghanna ar dhíol in innéacs cothromais a cheannach. Thug na roghanna a ceannaíodh cosaint in aghaidh gluaiseachtaí codarsnacha praghsanna ar €1.3 billiún de shealúchais cothromas luaite an Chiste de €1.7 billiún, agus ag an am céanna choinnigh sé an cumas chun gnóthú de bharr aon ghluaiseacht praghsanna in airde ar an €1.7 billiún go léir.

BANNAÍ

Tá leithdháileadh straitéiseach acmhainní an Chiste d'infheistíochtaí ioncaim seasta éagsúlaithe thar bannaí ceannasacha, bannaí boilsciú-nasctha agus bannaí corparáideacha. Bhí na hinfeistíochtaí seo cothrom le 6.4% den Phunann Lánroghnach ag 31 Nollaig 2011 agus bhí toradh +6.2% orthu i 2011.

Ar 31 Nollaig 2011, bhí an Ciste faoi mheáchan i mbannaí ainmniúla agus boilsciú-nasctha ceannasacha i gcoinne an tagarmharc, rud a léiríonn an dearcadh oirbheartach nach riosca tarraingteach iad na torthaí i mbannaí ceannasacha i gcróimhargai chrios an euro, atá thar a bheith íseal de réir na gcaighdeán stairiúla, nach bhfuil toradh ionchasach coigeartaithe do riosca á dtairiscint acu agus nach dócha go bhfuil siad inmharthanach.

Tá punann infheistíochta bainistithe ag triú páirtí áirithe in infheistíochtaí corparáideacha an Chiste de bhannaí corparáideacha de ghrád infheistíochta chrios euro, agus roinnt láithriúchán príobháideacha Éireannacha nach dtrádáiltear de ghnáth mar a bhfuil sé ar intinn iad a choinneáil chun aibíochta (cé go luacháiltear iad ar bhonn marc go margadh).

Tá leithdháileadh an Chiste i mBannaí leagtha amach thíos:

Meáchan Bannaí CNP % den Phunann Lánroghnach ag 31 Nollaig 2011		
	Leithroinnt Ciste	Tagarmharc
	%	%
Bannaí Ceannasacha Crios Euro	0.0	5.2
Bannaí Boilsciú-Nasctha Crios Euro	1.4	4.5
Bannaí Corparáideacha Crios Euro	5.0	5.3
Iomlán	6.4	15.0

AIRGEAD TIRIM

Ar 31 Nollaig 2011, bhí sealúchas airgid de €946 million, representing, arb ionann é agus 17.3% den Phunann Lánroghnach. Go príomha léirigh an sealúchas measartha ard airgid seo an geannmheáchan i mbannaí ceannasacha agus an geannmheáchan i gchothromais. Thuill iarmhéideanna airgid an Chiste, atá i dtaisce le Banc Ceannais na hÉireann agus ag tuilleamh an ráta EONIA toradh de 0.8% i 2011.

TRÁCHTEARRAÍ

Bhí toradh +2.4% ar phunann tráchtearraí an Chiste i 2011, agus ar 31 Nollaig 2011 b'ionann sin agus 5.0% de luach na Punainne Lánroghnaí.

Ar dtús fuair an Coimisiún neamhchosaint neamhghníomhach i leith tráchtearraí domhanda trí theastais a cheannach a thug toradh bunaithe ar innéacs tráchtearraí domhanda. Ach de réir

mar a tháinig na teastais seo in aibíocht, rinneadh infheistíochta tráchtearraí an Chiste i gcisté innéacs breisithe leachtacha. Tá infheistíocht iomlán tráchtearraí an Chiste, €240 milliún, infheistithe anois i gcisté tráchtearraí atá á bhainistiú ag Morgan Stanley a chuireann leachtacht laethúil ar fáil. Bainistiú neamhghníomhach a dhéantar ar an gcisté seo in aghaidh innéacs atá maolaithe le cuid de na costais a bhaineann le todhchaíochtaí rollaithe tráchtearraí a laghdú.

Rinne an CNP a chéad infheistíocht i bhforaoiseacht le linn 2009 le hinfeistíocht €20m i gcisté foraoiseachta Éireannach an 1ú Ciste Foraoiseachta'. Cheannaigh an ciste foraoiseachta seo timpeall cúig mhíilliún crann leathaibí (gan an talamh fúthu a cheannach) ó Coillte, agus fanfaidh Coillte i gceannas ar bhainistiú na gcrann ó lá go lá. Bainfead toradh infheistíochta an 1ú Ciste Foraoiseachta as díol na gcrann nuair a bheidh siad aibí sa tréimhse 2025-2035.

INFHEISTÍOCHTAÍ DEARBH-THORADH

Is straitéisí iad infheistíochtaí Dearbh-thoradh atá dírithe ar thoradh dearfa a thaispeáint gan aird ar thosca an mhargaidh. Tá infheistíocht déanta ag an gCiste i straitéis Airgeadra amháin agus i straitéis Leithdháileadh Oirbheartach Sócmhainní amháin. Seachadtar na straitéisí seo trí chistí comhthiomsaithe agus é d'aidhm acu torthaí a ghiniúint trí neamhéifeachtúlachtaí praghsanna a aithint agus a shaothrú i measc airgeadraí agus aicmí eile sócmhainní. Bhí toradh +8.8% ar na hinfeistíochtaí seo, arb ionann iad agus 3.1% den Phunann Lánroghnach, i 2011.

BONNEAGAR

Déantar infheistíocht bhonneagair an Chiste trí chothromais liostaithe atá á mbainistiú go neamhghníomhach. Bhí feidhmíocht bhonneagair an-mhaith i 2011, le toradh 18.4% agus buntáistí thorthaí chobhsaí agus torthaí arda in airgead tirim á aithint ag infheisteoirí. Ag 31 Nollaig 2011 bhí na hinfeistíochtaí struchtúir cothrom le 5.6% den Phunann Lánroghnach.


MAOIN

Tá feithiclí neamhliostaithe infheistíochta mar bhonn do chur chuige fadtéarmach an Chiste i leith infheistíocht i maoin, agus, ag an 31 Nollaig 2011 bhí luach €507m acu, nó 9.3% den Phunann Lánroghnach. Tarraingítear ceangaltais maoin anuas ag bainisteoirí ar bhonn céimithe de réir mar a aithníonn siad deiseanna oiriúnacha infheistíochta. Bhí ceangaltais neamhghlaoite de €80 m ag an gCiste ar 31 Nollaig 2011. Ní raibh aon neamhchosaint aige i leith REIT liostaithe.

Tá éagsúlacht mhór sa phunann neamhliostaithe maoinne ó thaobh réigiúin tíreolaíocha, eanála agus bainisteoir infheistíochta. Ar an mbonn tíreolaíoch, tá an CNP ag díriú ar leithroinnt eastáit réadach de 50% san Eoraip, 35% i Meiriceá Thuaidh, agus 15% san Áise. Ar bhonn luacha, mar atá leagtha amach sa chairt thíos, bhí an phunann ag réiteach go ginearálta leis an leithdháileadh sprice seo ag deireadh 2011 agus tá infheistíocht déanta i níos mó ná 30 tír.

Cairt 10

Punann Maoine CNP Nochtadh Tíreolaíoch



Mar gheall ar an meáchan breise in eastát réadach a tháinig as laghdú na Punainne Lánroghnaí, thiomsaigh an Coimisiún straitéis chun an neamhchosaint i leith eastát réadach a laghdú. Ba é leachtú a phunann liostaithe maoinne €547m i mí Eanáir agus i mí Aibreáin 2011 an chéad chéim. Cuireadh siteach fógraí fuascailte chomh maith ar 7 gciste neamhliostaithe agus cuireadh díolacháin iomlána nó páirteacha margaí tánaisteacha i gcíoch ag nó i ngar dá luacháil ar 3 chiste neamhliostaithe eile.

D'éirigh go measartha maith leis an bpunann i 2011, in ainneoin deacrachtaí na margaí. Ag leibhéal foriomlán na punainne, is féidir a mheas go ndeachaigh na cistí bunúsacha éagsúla i ngleic go maith leis na sócmhainní deacra a bhí acu agus go bhfuil seasamh cobhsaithe anois acu.

Bhí toradh +9.1% ar a bpunann neamhliostaithe i 2011. Ghin an phunann sreabhadh dearfach airgid de €24m i 2011, agus fritháireamh glaonna caipitiúla de of €47m le fáiltas dáileacháin €71m caipitil agus ioncaim.

COTHROMAS PRÍOBHÁIDEACH

Ag deireadh mhí na Nollag 2011, bhí luach €772 milliún ag infheistíochtaí i gcothromas príobháideach, nó 14.2% den Phunann Lánroghnach. Tarraingítear ceangaltais i gcothromais phríobháideacha anas ar bhonn chéimiúil de réir mar a aithníonn na bainisteoirí deiseanna infheistíochta cuí. Ar an mbonn sin tá ceangaltais bhreise de €414m ag an gCiste.

GNÉITHE DE CHLÁIR INFHEISTÍOCHTA MAOINE AGUS COTHROMAIS PHRÍOBHÁIDEACHA AN CNP

Tá cláir maoinne agus cothromas phríobháideacha an CNP comhdhéanta de phunann d'fheithiclí indíreacha infheistíochta, i struchtúr comhpháirtíochta teoranta de ghnáth, a fhaigheann foirgnimh fhisiciúla nó cuideachtaí atá ábhartha don straitéis maoinne nó cothromais phríobháideach atá á leanúint (m.sh. gheobhaidh ciste maoinne SAM infheistíochtaí oifige sna mórcheantair uirbeacha i SAM).

Bíonn na feithiclí seo comhdhéanta de ghnáth ionas go mbíonn an CNP ina infheisteoir fad lámhe gan aon rannpháirtíocht i mbainistiú na hinfheistíochta ó lá go lá. Feithiclí aonaid a bhíonn iontu de ghnáth le saol socraithe de timpeall ocht nó deich mbliana. Bíonn comhpháirtí ginearálta freagrach as forfheidhmíú na straitéise agus faigheann an CNP, mar chomhpháirtí teoranta, tuarascálacha rialta faoi fheidhmíocht na hinfheistíochta. Féadfaidh ionadaíocht a bheith ag an CNP ar bhord comhairleach an fheithicil infheistíochta.

Tugtar faoi infheistíochtaí de ghnáth ar bhonn ceangaltais .i. tugann an CNP ceangaltas de shuim áirithe airgid ar féidir glaoc air thar tréimhse shainithe, trí go cúig bliana de ghnáth.


Tá punann na gcothromas príobháideacha éagsúlaithe ó thaobh cineáil agus réigiúin. Ar bhonn neamhchosanta iomlán, a shainmhínítear mar luach iomlán móide na ceangaltais uile atá amuigh, bhí an phunann roinnte mar seo a leanas ar 31 Nollaig 2011:

- 57% le bainisteoir le speisialtacht i gceannach thar barr amach,
- 23% le bainisteoirí le speisialtacht i gcaipiteal fiontair,
- 20% le bainisteoirí le speisialtacht in eanála infheistíochta eile.

Ar bhonn tíreolaíocht is féidir an phunann a rangú i gcúig mhórghrúpa mar atá sa chairt thíos:

Cairt 11

Ceangaltais Cothromais Phríobháideacha CNP
ag 31 Nollaig 2011



Tá an leithdháileadh d'Éirinn comhdhéanta de chúig cheangaltas de luach €81 a rinneadh i gcistí caipiteal fiontais Éireannacha a cruinníodh sna blianta 2007, 2008 agus 2010. Is beag den cheangaltas seo atá tarraingthe anuas go dtí seo agus mar sin bhí €50 milliún de na ceangaltais amuidh ag 31 Nollaig 2011. Chomh maith leis sin, tá ceithre cheangaltas ciste de €78 milliún san iomlán maidir lena rannpháirtíocht i gCiste Nuála Éireann. Tá €125 leithdháilte ag an gCoimisiún le Ciste Nuála Éireann agus táthar ag súil le ceangaltais eile a dhéanamh le linn 2012.

Mar go ndearnadh méid na Punainne Lánroghnaí a laghdú le linn 2011 trí shócmhainní leachtacha a dhíol, mhéadaigh an céatadán den Phunann Lánroghnach i gcothromas príobháideach go mór dá réir. Is é an norm i margadh na gcothromas príobháideacha go dtarlaíonn bearta tánaisteacha i gcistí cothromais príobháideacha (cosúil le hinfheistíochtaí an CNP) ag lascaine suntasach i gcoinne luachála. Dheimhnigh an Coimisiún nach ndéanfaí díolacháin sócmhainní neamhleachtacha ag an gCiste ach dá mbeadh na leibhéil praghsanna a bhainfí amach gar don luacháil agus nach dtabhfaí lascaí suntasacha go díreach ar mhaithe le cothromú a dhéanamh ar mheáchan na n-aicmí sócmhainní sa Phunann Lánroghnach.

Rinne an Coimisiún faireachas dlúth ar thosca an mhargaidh, agus bhí sé ábalta buntáiste a bhaint as margadh cothromas príobháideacha a bhí measartha buacach sa chéad seacht mí de 2011 leis an neamhchosaint sa phunann cothromas príobháideacha a laghdú timpeall aon cheathrú (timpeall €470 milliún). Bhí na sócmhainní reatha

agus na ceangaltais neamhtharraingte a ghabh leis na hinfheistíochtaí sin san áireamh sna hidirbhearta díolacháin seo. Cuireadh gach idirbheart díolacháin a tiomsaíodh le linn na bliana 2011 i gcríoch faoi Eanáir 2012.

Léiríonn luachálacha 31 Nollaig 2011 méadú measartha in iolraigh praghas-le-tuilleamh sna margaí poiblí i rith na bliana 2011 agus tionchar na dtosca eacnamaíochta a bhí ag feabhsú ar chuideachtaí a d'éirigh níos éifeachtúla i rith an chúlú. Bhí toradh +6.0% ar infheistíocht an CNP i gcothromas príobháideach i 2011.

I dtéarmaí thimpeallacht leathan an mhargaidh, ba í 2011 an bhliain ba láidre do chothromas príobháideach ó theip ar Lehman Brothers agus ó thosaigh an ghéarchéim airgeadais, má thomhastar é de réir gníomhaíochtaí nua trádála agus scoir. Bhain luach domhanda bearta nua a fógraíodh agus scoir nua a tuairiscíodh buaiceanna nua amach sa dara ráithe den bhliain. Ach bheadh na figiúirí dara ráithe seo mar dheireadh le téarnamh socair naoi ráithe don tionscal agus tháinig moilliú soiléir i ngníomhaíocht trádála agus scoir mar gheall ar ghéarchéim ceannasach fiachais na hEorpa i mí Lúnasa 2011 agus an luaineacht a lean í sa mhargadh. Ba í 2011 an tríú bliain as a chéile ar tháinig meath ar chruinniú cistí áfach, le tirim 61% ar an gcaipiteal combhailithe a chruinnigh na cistí a dhún i 2011 ón mbuaicmhéid a chruinnigh na cistí a dhún sa bhliain 2008.

CISTE STRAITÉISEACH INFHEISTÍOCHTA

I mí na Samhna 2011 d'fhógair an CNP ceangaltas €250 milliún do chiste nua infheistíocht bonneagair Éireannach atá ag iarraidh suas le €1 billiún a fháil ó infheisteoirí institiúideacha in Éirinn agus thar lear agus a dhéanfaidh infheistíocht i sócmhainní bonneagair in Éirinn, lena n-áirítear sócmhainní atá ainmnithe le diúscairt ag an Rialtas agus ag fiontair thráchtála Stáit agus tionscadail nua bonneagair. Bhunaigh Irish Life Investment Managers an Ciste Bonneagair Éireannach agus ceapadh AMP Capital mar bhainisteoir ar infheistíochtaí lánroghnacha an chiste.

Mar atá tuairiscithe cheana, bhí sé beartaithe ag an gCoimisiún, faoi réir ag réamhchoinníollacha éagsúla, saoráid maoinithe a chur ar fáil don chuideachta nua Uisce Éireann le maoiniú a dhéanamh ar shuiteáil méadar nua uisce i dtithe ar bhonn náisiúnta. Glactar leis anois go mbeidh an tsaoráid seo cothrom le timpeall €450 milliún. Mar nach bhfuil aon chuid

den tsaoráid seo tarraingthe anuas fós agus mar go n-aithnítear tábhacht straitéiseach an uisce, táthar ag súil go dtiocfaidh ceangaltas an CNP faoi thogra Chiste Straitéiseach Infheistíochta.

Táthar ag súil leis ar an gcaoi chéanna, mar nach bhfuil ach cuid bheag de na ceangaltas tarraingthe anuas go dáta agus mar go bhfuil an caipiteal fiontair aitheanta mar earnáil thábhachtach straitéiseach, go dtiocfaidh ceangaltas €125 milliún an Chiste do Chiste Nuála Éireanna faoi thogra an Chiste Straitéiseach Infheistíochta.

I mí an Mheithimh 2012, d'fhógair an Ciste caidreamh chomhoibritheach le Silicon Valley Bank atá dírithe ar thacú le hearnáil nuálaíocht na teicneolaíochta in Éirinn. Tá ceangaltas ar an CNP infheistiú i gcistí teicneolaíochta atá á mbainistiú ag SVB Capital, agus beidh láithreach ag Silicon Valley Bank in Éirinn le súil le US\$100 milliún a thabhairt ar iasacht do ghnólachtaí teicneolaíochta, eolaíochtaí beatha agus caipiteal fiontair Éireannacha thar tréimhse cúig bliana.

Tá deiseanna breise infheistíochta ionchasacha á bhforbairt go comhthreormhar ag an gCoimisiún faoi scát an Chiste Straitéiseach Infheistíochta agus é ag feitheamh leis an reachtaíocht a thabharfaidh éifeacht don Chiste Straitéiseach Infheistíochta, lena n-áirítear cistí infheistíochta a fhorbairt a dhíreoidh ar mhaoiniú a chur ar fáil don earnáil SME.

RANNÍOCAÍOCHTAÍ AN STÁTCHISTE

Tar éis rannaíochtaí a fháil ar an 31 Nollaig 2009 agus i 202011 ó sé scéim pinsin déag de chuid na n-ollscoileanna agus na gcuideachtaí státurraithe de luach iomlán de €2,072m, meastar go bhfuil ranníocaíocht bhliantúil an Státchiste don CNP, de 1% den OTN maoinithe go dtí go luath sa bhliain 2012.

Thug an Acht CISA mhí na Nollag 2010 cumhacht don Aire Airgeadais ranníocaíocht bhliantúil 1% an Státchiste a laghdú nó a chur ar fionraí in aon bhliain de blianta 2012 nó 2013.

SAINORDUITHE AGUS BAINISTEoirí AN CNP

Ceapadh an GBCN, faoi théarmaí reachtaíocht an Chiste, mar Bhainisteoir ar an gCiste ó cuireadh tús leis go ceann tréimhse tosaigh deich mbliana go dtí mí Aibreáin 2011. Creideann an Coimisiún gurb í feidhmíocht an GBCN mar bhainisteoir an ról is tábhachtaí a chuidíonn leis an gCiste a gcuid cuspóirí a sheachadadh. I 2011, chuir an Coimisiún síneadh

cúig bliana eile le tréimhse ceapacháin an GBCN go dtí mí Aibreáin 2016.

Bristear cionroinnt straitéiseach sócmhainní an Chiste de réir sainorduithe éagsúla infheistíochta. Is í an tsamhail a úsáideann an Ciste foinsiú allamuigh a dhéanamh ar bhainistiú na sainorduithe seo chuig institiúidí speisialaithe bainistiú infheistíochta a bhfuil saineolas acu i margaí ar leith.

Déantar bainistiú ar na sainorduithe laistigh de threoirínte agus de pharaiméadair atá leagtha síos ag an gCoimisiún. Tá cinntí oirbheartacha agus leibhéal stoic tarmilgthe chuig na bainisteoirí aonair. Féadfaidh sainorduithe infheistíochta a bheith neamhghníomhach (nuair a bhíonn sé de sprioc ag an bhainisteoir toradh innéacs sonrach margaidh a atáirgeadh) nó gníomhach (nuair a bhíonn sé de sprioc ag an mbainisteoir innéacs sonrach margaidh a sháru).

Is bealach an-éifeachtúil ó thaobh costais é an bhainistíocht neamhghníomhach agus bhí bainistíocht neamhghníomhach á dhéanamh ar 60% de chionroinnt chothromais luaite an Chiste faoi dheireadh 2011.

Fostaítear bainisteoirí gníomhacha nuair atá ionchas réasúnta ann gur féidir leo luach sa bhreis ar an tagarmharc a bhaint amach tar éis aon chostais bhreise a thabhairt a bhaint as. Is é cur chuige an Choimisiúin riosca an bhainistithe gníomhaí a dhíriú ar na réimsí is mó ar dócha go mbeadh toradh breise le fáil iontu.

Go ginearálta leanann bainisteoirí maoine agus cothromais príobháidí stíleanna sonracha infheistíochta in acmhainní.

Ceadaíonn an cur chuige seo le bainisteoirí iomadúla éagsúlú ionas nach mbíonn feidhmíocht an Chiste ag brath rómhór ar fheidhmíocht aon bhainisteora nó aon stíl infheistíochta amháin.

Is é gnó speisialta bhainisteoirí trasdula blocanna móra trádála a dhéanamh sa mhargadh thar ceann infheistíochtaí institiúideacha ar mhaithe le costais agus riosca punainne a eascraíonn as na trádálaithe seo a íoslághdú. De ghnáth fostaítear na seirbhísí seo nuair a bhíonn idirbhearta móra le déanamh le sócmhainní a leachtú nó athchothromú le déanamh ar phunann. Tá painéal de thriúr bainisteoirí trasdula fostaithe ag an gCiste a dhéanann tairiscint ar gach ócáid a mbíonn seirbhísí bainistiú trasdúla ag teastáil ón gCiste.

Tá liosta de bhainisteoirí uile an Chiste mar a bhí ar 31 Nollaig 2011 sa tábla thall.

Bainisteoirí CNP ag an 31 Nollaig 2011

Aicme Acmhainní	Sainordú	Bainisteoir	Luach (€m)
Cothromas Mórchaidhpe			
Neamhghníomhach	Crios Euro	State Street Global Advisors Ireland	189
Gníomhach	Pan-Eorpach	Putnam Investments	92
Gníomhach	Pan-Eorpach	Oechsle International Advisors	90
Neamhghníomhach	An Eoraip seachas Crios Euro	State Street Global Advisors Ireland	108
Neamhghníomhach	Meiriceá Thuaidh	Blackrock	656
Gníomhach	Meiriceá Thuaidh	Goldman Sachs Asset Management International	103
Neamhghníomhach	An tSeapáin	Blackrock	106
Gníomhach	Pacific Basin ex Japan	Schroder Investment Management	124
Gníomhach	Domhanda	Generation Investment Management	84
Iomlán Mórchaidhp			1,552
Cothromas i Margáí ag Teacht chun cinn			
Gníomhach	Domhanda	Batterymarch Financial Management	121
Gníomhach	Domhanda	Principal Global Investors	128
Neamhghníomhach	Domhanda	State Street Global Advisors Ireland	150
Iomlán Margáí ag teacht chun Cinn			399
Cothromas Mionchaidhpe			
Gníomhach	EAFE	Acadian Asset Management	85
Neamhghníomhach	SAM	Blackrock	96
Iomlán Mionchaidhp			181
Ilghnéitheach			
Todhchaíochta agus Eile		Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta	-269
Roghanna			
Céadroghanna Cothromais		Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta	265
COTHROMAS IOMLÁN			2,128
Ioncam Seasta			
Gníomhach	Bannaí Corparáideacha Crios Euro	DB Advisors	153
Gníomhach	Bannaí Boilsciú-nasctha Crios Euro	Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta	78
Gníomhach	Bannaí Corparáideacha Crios Euro	Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta	118
Iomlán Ioncam Socraithe			349
Airgead Tirim			
Airgead Tirim	Éire	Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta	680
Fálú Airgeadra	Domhanda	Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta	-91
Airgead Tirim	Conarthaí Todhchaíochta	Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta	278
Bainisteoir Trasdula		State Street	0
Bainisteoir Trasdula		Nomura International	0
Bainisteoir Trasdula	Conarthaí Todhchaíochta	Citigroup	79
Iomlán Airgead Tirim			946
IOMLÁN SÓCMHAINNÍ AIRGEADAIS			1295
Infrastrucure			
Neamhghníomhach	Domhanda	State Street Global Advisors Ireland	308
Iomlán Bonneagar			308
Toradh Absalóideach			
Gníomhach	Airgeadra	JP Morgan Asset Management	62
Gníomhach	Maicrea Domhanda	Bridgewater Associates	108
Iomlán Toradh Absalóideach			170
Tráchtarraí			
Domhanda	Tráchtarraí	Fund Logic	241
Foraoiseacht	Éire	Irish Forestry Unit Trust	11
Foraoiseacht	Éire	AIB Investment Managers	21
Iomlán Tráchtarraí			273

Aicme Acmhainní	Sainordú	Bainisteoir	Luach (€m)
Private Equity			
Ceannach thar Barr amach	Domhanda	CVC Capital Partners	40
Ceannach thar Barr amach	Domhanda	Providence Equity Partners	75
Ceannach thar Barr amach	Domhanda	TPG	59
Ceannach thar Barr amach	Domhanda	Vestar Capital Partners	22
Ceannach thar Barr amach	Pan Eorpach	Charterhouse Capital Partners	30
Ceannach thar Barr amach	Pan Eorpach	Nordic Capital Partners	37
Ceannach thar Barr amach	SAM	Madison Dearborn Capital Partners	34
Ceannach thar Barr amach	SAM	New Mountain Capital Partners	24
Ceannach thar Barr amach	SAM agus an Eoraip	Clayton, Dubilier & Rice	140
Ceannach thar Barr amach	SAM agus an Eoraip	Hellman & Friedman	14
Ceannach thar Barr amach	SAM	Jordan Resolute Fund	22
Eile	Pan Eorpach	Palamon Capital Partners	17
Eile	SAM	Fortress Investment Group	81
Eile	SAM agus an Eoraip	Summit Partners	17
Eile	Pan Eorpach	Atlantic Bridge	1
Eile	SAM agus an Eoraip	HIG Capital	7
Eile	SAM agus an Eoraip	OCM Opportunities Fund	30
Caipiteal Fiontair	Domhanda	Greenspring Associates	44
Caipiteal Fiontair	Domhanda	Weathergace Capital	16
Caipiteal Fiontair	SAM	Frazier Healthcare	6
Caipiteal Fiontair	SAM	Oak Investment Partners	13
Caipiteal Fiontair	SAM agus an Eoraip	Abingworth	14
Caipiteal Fiontair	Éire	Delta Partners	6
Caipiteal Fiontair	Éire	Fountain Healthcare Partners	7
Caipiteal Fiontair	Éire	Seroba Kernel Lifesciences	3
Caipiteal Fiontair	Éire	NCB	5
Caipiteal Fiontair	Ciste Nuála	Draper, Fisher, Jurvetson	3
Caipiteal Fiontair	Ciste Nuála	DFJ Esprit	5
Caipiteal Fiontair	Ciste Nuála	Polaris Ventures	0
Caipiteal Fiontair	Ciste Nuála	Sofinnova Venture Partners	0
		Iomlán Cothromas Priobháideach	772
Maoin			
Croí	An Áise	Pramerica REI	6
Croí	Europe	Grosvenor	27
Croí	Éire	AIB Investment Managers	1
Croí	Éire	IPUT	19
Croí	Éire	Irish Life Investment Managers	12
Croí	Éire / RA	State Street Global Advisors	19
Deisthapúil	An Áise	Composition Capital	11
Deisthapúil	An Áise	MGPA	12
Deisthapúil	An Eoraip	AXA REIM	0
Deisthapúil	An Eoraip agus an Áise	Forum Partners	56
Deisthapúil	SAM agus an Eoraip	Pramerica REI	23
Deisthapúil	Domhanda	Morgan Stanley REI	69
Deisthapúil	Domhanda	Silverpeak	20
Deisthapúil	RA	Aviva	6
Deisthapúil	SAM	Broadway Partners	14
Deisthapúil	SAM	Capital Trust	2
Deisthapúil	SAM agus an Eoraip	Tishman Speyer	52
Breisluch	An Eoraip	Lothbury	3
Breisluch	An Eoraip	Rockspring PIM Ltd	32
Breisluch	SAM agus an Eoraip	CBRE Investors	21
Breisluch	SAM	AREA	32
Breisluch	SAM	Berkshire	34
Breisluch	SAM	Madison Marquette	35
Eile	Éire / RA	Various	1
		Iomlán Maoine	507
Iomlán Sócmhainní Malartacha			2,030
Iomlán na Punainne Lánroghnaí			5,453

Infheistíocht Fhreagrach

Aithníonn an Coimisiún go mbíonn tionchar ag an mbainistiú a dhéanann cuideachtaí ar thosca timpeallachta, sóisialta agus rialachais (TSR) ar a bhfeidhmíocht fhadtéarmach agus tá bearta curtha i gcrích aige chun na tosca seo a chomhtháthú ina chleachtais úinéireachta agus ina chinnteoireacht. Tá glactha aige le beartas foirmiúil um Infheistíocht Fhreagrach agus tá sé ar cheann de shínitheoirí bunaidh do Phrionsabail na NA don Infheistíocht Fhreagrach (PRI).

HERMES EQUITY OWNERSHIP SERVICES

Cheap an Coimisiún Hermes Equity Ownership Services (EOS) chun seachvótaí a fhorghníomhú thar ceann an Chiste agus chun saincheisteanna timpeallachta, sóisialta agus rialachais a phlé le cuideachtaí ina phunann domhanda cothromais.

Tá cur chuige Hermes bunaithe ar an mbonn nach mór do chuideachta a rithear chun leas fadtéarmach na scairsealbhóirí bainistiú éifeachtúil a dhéanamh ar a chaidreamh lena fostaithe, le soláthróirí agus le custaiméirí, iompar eiticíúil a chleachtadh agus aird a thabhairt ar an timpeallacht agus ar an tsochaí i gcoitinne. Tá iarphríomhfheidhmeanaigh agus comhaltaí eile boird ó chuideachtaí poiblí, mar aon le straitéiseoirí sinsearacha, saineolaithe ar rialachas corparáideach, baincírí infheistíochta, bainisteoirí cistí, dlíodóirí agus cuntasóirí i bhfoireann Hermes. Bíonn Hermes ag feidhmiú go discrédieach de ghnáth agus rochtain níos mó aige dá bharr sin ar bhoird agus ar bhainistíocht.

VÓTÁIL

I 2011 vótáil Hermes thar ceann an CNP ar 51,438 rún ag cruinnithe agus chuir sé i gcoinne rún amháin nó níos mó ag 2,633 de na cruinnithe sin. Vótáil Hermes leis an mbainistíochta trí eisceacht (nuair a bhíonn sé sásta go ngníomhóidh bainistíocht na cuideachta dá éis le dul i ngleic le hábhair imní). Ag 4 chruinniú agus staon sé ag 54 cruinniú. Thacaigh sé leis an mbainistíocht i ngach rún ag an 2,229 eile.

PRIONSABAIL DON INFHEISTÍOCHT FHREAGRACH (TSR)

Soláthraíonn na Prionsabail creat don chleachtas is fearr d'infheisteoirí chun tosca TSR a chomhtháthú ina gcinnteoireacht infheistíochta agus ina gcleachtais úinéireachta. Ó seoladh é in mí Aibreáin 2006, tá líon na sínitheoirí méadaithe go os cionn 700 sínitheoir le US\$32 trilliún de shócmhainní faoi bhainistíocht acu. Mar shínitheoir TSR, tá an Cúlchiste Náisiúnta Pinsean tiomanta dá shé phrionsabal, a fheidhmíonn mar threoir gníomhaíochta agus tuairisceoireachta maidir le hinfheistíocht fhreagrach.


Tiomantais na Sínthitheoirí

- 1. Saincheisteanna TSR a fhí isteach in anailis infheistíochta agus i gcinnteoireacht**
- 2. A bheith ina n-úinéirí gníomhacha agus saincheisteanna TSR a fhí isteach i mbeartais agus i gcleachtais úinéireachta.**
- 3. Nochtadh cuí ar shaincheisteanna TSR a lorg ó aonáin a ndéanann siad infheistíocht iontu.**
- 4. Glacadh agus forfheidhmiú TSR a chothú sa tionscal infheistíochta.**
- 5. Obair le chéile chun éifeachtúlacht TSR a fheabhsú sa tionscal infheistíochta.**
- 6. Tuairiscíú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí a bhaineann le forfheidhmiú TSR agus le dul chun cinn ina leith.**

Mar shínitheoir TSR tá dualgas ar an CNP an dul chun cinn atá déanta aige i bhforfheidhmiú na bprionsabal a thuairiscíú mar chuid den suirbhé bliantúil measúnaithe TSR. I rith na bliana 2011 shocraigh an Coimisiún a chuid freagraí ar shuirbhé 2010 a chur os comhair an phobail. Tá an fhaisnéis seo ar fáil ar www.nprf.ie.

Cairt 12


Gníomhaíocht Vótála CNP 2011



Go ginearálta tacóidh Hermes le moltaí bhord chuideachta mura mbíonn cúis mhaith aige a mhalairt a dhéanamh. Forchoimeádann an Coimisiún an ceart chun moltaí vótála Hermes a shárú. Léirítear na saincheistanna ar ar vótáil Hermes in aghaidh na bainistíochta nó inar staon sé ar rúin sa tábla thíos.

Cairt 13

Vótaí i gCoinne nó Staonadh 2011



Maidir le ghabháltas gnáthscaireanna i mBanc na hÉireann agus AIB, vótáil an Coimisiún a ghabháltas scaireanna de réir an vóta a d'ordaigh an tAire Airgeadais maidir le hInfeistíochtaí i Scaireanna Tosaíochta.

I rith na bliana 2011 lean an Coimisiún ar aghaidh ag foilsíú taifead ráithiúla dá sheachvótáil ar a shuíomh idirlín.

IDIRBHEARTAÍOCHT

Tá an idirbheartaíocht bunaithe ar an gcoincheap go luann scairshealbhóirí a n-ábhar imní go díreach le boird na gcuideachtaí ar bhealach tógála chun dul i ngleic le saincheistanna agus athrú a chur i gcrích. I bhformhór na gcásanna is straitéis níos oiriúnaí í an idirbheartaíocht ná an rogha stoic a eisiáimh as punainn mar chéad chéim, agus dá réir sin, aon deis a bheadh ann tionchar dearfach a imirt ar na cuideachtaí sin a chealú.

Áirítear i measc na ngníomhaíochtaí idirbheartaíochta:

- Cruinnithe le stiúrthóirí feidhmiúcháin agus neamhfeidhmiúcháin cuideachta;
- Rannpháirtíocht i dtograí le hinfeisteoirí eile; agus
- Rúin scairshealbhóirí a chur os comhair cruinnithe ginearálta.


I rith 2011 bhí Hermes i mbun idirbheartaíochta le 343 cuideachta maidir le 1169 saincheist i réimsí saincheistanna sóisialta, comhshaoil, rialachais agus straitéisí gnó.

I gcuid de na hidirbheartaíochtaí bíonn cruinniú nó dhó ann thar tréimhse míonna agus bíonn roinnt eile níos casta le mórán cruinnithe le comhaltaí éagsúla boird thar tréimhse de bhlianta. Foilsíonn an CNP achoimre mionsonrach d'idirbheartaíocht leanúnach Hermes ar a shuíomh idirlín gach ráithe.

Tá tuaiscíú déanta ag Hermes ar dhul chun cinn a idirbheartaíochta comhliomlána i gcoinne na clocha míle réamshocraithe mar atá leagtha amach thíos:

Cairt 14

Dul chun Cinn Rannpháirtíochta i 2011



AN TSÚDÁIN

Chomh maith lena ghníomhaíochtaí idirbheartaíochta trí Hermes, lean an CNP lena thacaíocht le Grúpa Idirbheartaíochta PRI na Náisiún Aontaithe, idirbheartaíocht i gcomhar ag infheisteoirí institiúideacha le timpeall US\$2.3 trilliún san iomlán de shócmhainní á mbainistiú acu, ar sínitheoirí PRI iad go léir.

TIONSCADAL NOCHTADH CARBÓIN (TNC)

Tá an CNP ina shínitheoir den Tionscadal Nochtadh Carbóin (TNC) ó mbliain 2007 – togra faoi threoir infheisteoirí a iarrann go nochtódh cuideachtaí a n-astaíochtaí carbóin. Cuireadh an t-iarratas faisnéise TNC is déanaí chuig níos mó ná 3,700 cuideachta ar fud an domhain, sínithe ag infheisteoirí do shócmhainní comhiomlána de \$78 trilliún. Mhéadaigh rannpháirtíocht cuideachtaí Éireannacha i 2011 agus tá 48% den 40 cuideachta is mó atá liostaithe ar innéacs cothromais ISEQ ag freagairt. Tacaíonn CNP freisin leis an Tionscadal Nochtadh Uisce – clár faoi theoir infheisteoirí atá dírithe ar thuairisceoireacht bhríoch chórasach a dhéanamh ar shaincheisteanna lena n-áirítear úsáid agus caomhnú uisce.

CNUAS-MHUINISIN

Cuireann an tAcht um Chnuas-Mhuinisin agus Mianaigh Fhrithphearsanra, 2008 de dhualgas ar an gCiste infheistíocht a sheachaint i ndéantúsóirí cnuas-mhuinisean nó mianaigh frithphearsanta. Tá deireadh curtha ag an gCoimisiún le hinfeistíochtaí i seacht gcuideachta agus ceithre cinn eile eisiata (nach raibh infheistíochtaí iontu cheana) ón gCiste mar gheall ar a rannpháirtíocht i ndéantúsaíocht cnuas-mhuinisin nó mianaigh frithphearsanta nó mar nach bhfuil na cuideachtaí seo sách deighilte amach ó dhéantúsaíocht na n-arm seo.

Líosta Urrús Toirmiscthe

Aerostar (An Rómáin)

Alliant Techsystems (SAM)

General Dynamics Corp (SAM)

L-3 Communications Holdings Inc (SAM)

Lockheed Martin (SAM)

Northrop Grumman (SAM)

Raytheon (SAM)

Textron (SAM)

Hanwha Corporation (An Chóiré Theas)

**Poongsan Holdings Corporation
& Poongsan Corporation (An Chóiré Theas)**

Singapore Technologies Engineering

Riosca, Maoirseacht agus Rialuithe

Tá an CNP nochtaithe i leith rioscaí éagsúla agus tá bainistiú na rioscaí seo ar cheann de na cúramaí is mó atá ar an gCoimisiún agus ar an CNP.

RIOSCA MARGAIDH

Is é suim an riosca absalóideach bunúsach margaidh an príomhfhoinsé riosca atá ann don Chiste.

Eascaíonn sé as cumas na sócmhainní sa Chiste titim i luach mar gheall ar laghduithe i bpraghsanna sócmhainní.

- Áirítear luaineachtaí i bpraghsanna cothromais, bannaí agus maoine, agus gluaiseachtaí sna malartáin eachtracha i rioscaí an mhargaidh.
- Is léir gur gá riosca a ghlacadh sa mhargadh chun toradh a fháil. Is é cuspóir an Choimisiúin an toradh ionchasach a uasmhéadú ach luaineacht a choinneáil laistigh de leibhéal réasúnta trí éagsúlú a dhéanamh ar infheistíochtaí an CNP thar earnálacha iomadúla sócmhainní agus luaineacht ionchasach gach aicme sócmhainní agus comhghaolú ionchas aicmí sócmhainní le haicmí sócmhainní eile a chur san áireamh.
- Díríonn an Coimisiún den chuid is mó ar bhainistiú a dhéanamh ar riosca absalóideach ag leibhéal foriomlán na Punainne Lánroghnaí. Cé gur féidir le haicmí aonair sócmhainní dul suas nó síos, mar gheall ar straitéis éagsúlú an Chiste is í éifeacht chomhcheangailte an leibhéil fhoriomláin is tábhachtaí.
- Cuimsíonn leithdháileadh straitéiseach fadtéarmach an Chiste sprioc luaineachta de 12%. I rith na bliana 201 laghdaigh céadroghanna ar dhíol cothromais riosca margaidh an Chiste i bhfad níos mó ná an sprioc luaineachta fadtéarmach de 12%.
- Mar infheisteoir fadtéarmach, is féidir luaineacht i luachanna sócmhainní a laghdú a fhad is go gcoinníonn sócmhainní an cumas chun bisiú thar am. Dá bhrí sin is é an rud is tábhachtaí d'infheisteoir fadtéarmach sócmhainní a sheachaint a fhuilgíonn cailteanas nach féidir a fháil ar ais.
- Déanann an Bainisteoir monatóireacht laethúil ar riosca absalóideach margaidh an Chiste (beart ex-ante) agus ar fheidhmíocht an Chiste (beart ex-post). Is é seo an rialú criticiúil i maoirseoireacht an riosca iomlán a éiríonn laistigh den Chiste.

Eascaíonn riosca cóibhéiseach margaidh as (i) feidhmíocht bhainisteoirí infheistíochta an Chiste i gcomparáid lena dtagarmharc agus (ii) as aon chinnteoireacht a dhéanann an Coimisiún i leith cionroinnt oirbheartach sócmhainní.

- Déantar an riosca maidir le diallas ó thoradh iarbhír an Chiste ón toradh tagarmharc a thomhas trí earráid a rianadh: diallas caighdeánach ionchasach na difríochta sa bhfeidhmíocht idir an Ciste iarbhír agus an phunann tagarmharcála. Is coincheap staidrimh é an diallas caighdeánach a léiríonn athrúchán an toradh.
- Tá an teorainn fhoriomlán rianta don CNP mar atá deimhnithe ag an gCoimisiún socraithe ag 3%.
- Le ceannach céadroghanna ar dhíol cothromais tá an dóchúlacht go dtitfidh luach an Chiste laghdaithe; dá thoradh sin tá diallas dearfach ionchasach níos mó ann ó thagarmharc an Chiste.
- Is ionann riosca creidmheasa agus an riosca go dtabhadh an Ciste cailteanas dá dteipfeadh ar chontrapháirtí a oibleagáid i leith an Chiste a chomhlíonadh. Maolaítear riosca creidmheasa trí theorannacha cuí neamhchosanta a shocrú bunaithe ar rátálacha airgeadais agus ar thimpeallachtaí rialacháin agus monatóireacht a dhéanamh ansin ar mhéid an neamhchosaint creidmheasa i gcoinne na dteorannacha seo.

RIOSCA OIBRÍOCHTÚIL

Is ionann riosca oibríochtúil agus an riosca go bhféadfadh cailteanais eascairt as próisis agus rialuithe easnamhacha nó theipthe, nó ó dhaoine, córais nó theagmhais seachtracha. Is í aidhm an Choimisiúin riosca oibríochtúil a íoslaghdú.

Chun na críche seo, tá córais teicneolaíochta faisnéise suiteáilte ag an CNP agus nósanna imeachta rialaithe forbartha aige de réir na gcleachtas is fearr sa tionscal. Déantar athbhreithniú rialta ar na rialuithe seo le cinntiú go bhfuil siad ag freagairt go cuí do na rioscaí a mbíonn an CNP nochtaithe dóibh. Déanann Aonad Rialaithe Inmheánach an GBCN monatóireacht ar fhorfheidhmiú na rialuithe seo. Tá an obair seo á fhorlíonadh ag gnólacht iniúchóirí, PricewaterhouseCoopers faoi láthair, a dhéanann obair iniúchóireachta inmheánach. Tá sé de dhualgas ar an Aonad Rialaithe Inmheánach aird a tharraingt ar aon bhearnaí i rialuithe nó ar ócáidí a gcreideann siad gur chóir rialuithe a neartú de réir an chleachtais idirnáisiúnta is fearr agus moltaí cuí a dhéanamh maidir le hathrú.

AN CAOMHNÓIR DOMHANDA

Tá caomhnóir domhanda an Chiste, BNY Mellon, freagrach as socrú bearta (seachadadh airgid nó urrúis i leith ceannach/díolacháin sócmhainní an Chiste) agus, i bhformhór na gcásanna, as sócmhainní uile an CNP a choimeád go neamhspleách ó na bainisteoirí infheistíochta.

Is cuid riachtanach den tseirbhís é taifid chruinne a choinneáil agus tuarascálacha a eisiúint chuig an gCiste chomh maith le deimhnithe a eisiúint chuig iniúcháirí a dhearbhaíonn sonraí na sócmhainní atá á gcumhdach. Úsáidtear sonraí a chuireann an caomhnóir ar fáil gach lá go leictreonach chun luachálacha agus tuarascálacha riosca agus rialaithe an Chiste a ghiniúint.

Tá bailiú ioncaim agus díbhinní ar shócmhainní, athfháil chánacha atá dlite don Chiste agus réimse cuimsitheach de thuarascálacha cuntasáíocht airgeadais a sholáthar i measc fheidhmeanna an chaomhnóra freisin.

Níl infheistíochtaí maoiné agus cothromais phríobháidigh an Chiste ná a chuid infheistíochtaí i gcistí cionmhiomsaithe infheistíochta á gcoimeád ag an gcaomhnóir domhanda. Den chuid is mó tá infheistíochtaí maoiné agus cothromais phríobháidigh an Chiste struchtúraithe mar chomhpháirtíochtaí teoranta, agus an Ciste ina comhpháirtí teoranta iontu. Tá gabháil an Chiste i gciste cionmhiomsaithe infheistíochta, in iontaobhais áirithe aonad maoiné agus i dtáirgí struchtúraithe cothromais cláraithe in ainm an CNP le gníomhaire aistrithe nó iontaobhaí ábhartha.

RIOSCA RIALÁLA

Is ionann riosca rialála agus an riosca go dteipfeadh ar an CNP cloí le dlíthe agus rialacháin. Tá clár oideachais forbartha ag feidhm ghéilliúntais an GBCN do choimisinéirí agus do bhaill foirne ionas go mbeidh siad eolach ar na dlíthe agus ar na rialacháin ábhartha go léir, agus ar mhaithe le géilliúntas leanúnach a chinntiú, cuidíonn sé le nósanna imeachta cuí bainistíochta agus clár ráiteas a fhorbairt.

MAOIRSEACHT

Luíonn an príomhfhreagracht ó thaobh bainistíú a dhéanamh ar rioscaí an Chiste ar an GBCN ar bhonn laethúil.

Bíonn Coiste Iniúcháireachta an Choimisiúin rannpháirteach go gníomhach sa phróiseas rialuithe. Éilítear ar phearsana sinsearach ainmnithe sa GBCN sraith tuarascálacha caighdeánacha scríofa a dhéanamh chuig ach cruinniú den Choiste Iniúcháireachta le sonraí faoi aon sárú a rinneadh ar rialuithe agus aon saincheist rialaithe eile a bheadh tarlaithe.

Measann an Coiste athbhreithniú riosca an GBCN gach bliain, ina n-aithnítear réimse leathan foinsí ionchasacha riosca agus ina meastar gach ceann acu ó thaobh dóchúlachta agus tionchair, agus dirítear go háirithe ar na rioscaí leis an chomhscór is airde. Chomh maith leis sin, déanann an Coiste Iniúcháireachta athbhreithniú ar thorthaí na n-iniúcháireachtaí a dhéanann Aonad Rialaithe Inmheánach an GBCN, an ghnólacht sheachtrach agus iniúcháir seachtrach reachtúil an Chiste, an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Táillí agus Speansais

Bhí táillí agus speansais fhabhráithe de €17.2 milliún ag oibriúchán an CNP i 2011.

Speansais an Chiste 2011	
	€'000
Táillí na mBainisteoirí Infheistíochta	11,981
Córais agus Seirbhísí	1,875
Táillí an Chaomhnóra Domhanda	1,827
Táillí Dlí agus Comhairliúchán Cánach	843
Táillí Comhairleacha	259
Táillí Coimisiúin	223
Táillí Iniúcháireachta Inmheánaí	90
Táillí Iniúcháireachta Seachtraí	42
Speansais an Choimisiúin	1
Comhairle Comhairleach agus Sainchomhairle maidir le hInfheistíochtaí Stiúrtha	51
Iomlán	17,192

De bhreis ar na speansais thuas, bhí costais €3.7m ag an CNP mar Bhainisteoir sa bhliain 2011. Seasann an Státchiste na costais seo.

Bíonn an Ciste rannpháirteach gach bliain i suirbhé a reachtálann an gnólacht Ceanadach, Cost Effectiveness Management (CEM) Inc a thomhaiseann costais iomlána oibriúcháin chistí pinsin i gcomparáid lena bpiaraí. Cuireann an suirbhé tagarmharc saincheaptha ar fáil chun feidhmíocht chostais Phunann Lánroghnaí an CNP a mheas, tagarmharc atá comhdhéanta de phiarghrúpa de chistí cosúla idirnáisiúnta atá aitheanta ag CEM mar chomparáid oiriúnach don Chiste. Cuireann an suirbhé difríochtaí i gcionroinnt sócmhainní sa phiarghrúpa san áireamh.

Léirigh an suirbhé is déanaí, don bhliain 2010, gur ionann costais iomlána an Chiste, lena n-áirítear costais a thabhaigh an GBCN mar Bhainisteoir agus táillí a gearradh laistigh d'fheithiclí infheistíochta tríú páirtí, agus 0.39% de mheán-sócmhainní an Chiste. Tá costais an CNP beagán fabhrach i gcoinne airmheáin thagarmharc a phiarghrúpa.

Coimisinéirí



Paul Carty – Cathaoirleach

Comhairleoir Airgeadais agus
iar-Chomhpháirtí Bainistíocht,
Deloitte & Touche, Éire.



John A Canning Jr

Cathaoirleach Madison Dearborn
Partners LLC



Dr Brian Hillery

Cathaoirleach Providence
Resources plc agus Iar-Stiúrthóir
ar an mBanc Ceannais agus ar
Údarás Seirbhísí Aigeadais na
hÉireann.



Maurice Keane

Stiúrthóir cuideachtaí (lena
n-áirítear an Chorporáid Éireannach
um Réiteach Banc), agus
Príomhfheidhmeannach Grúpa
(ar Scor) de Bhanc na hÉireann.



Knut N. Kjaer

Cathaoirleach FSN Capital,
Iar-Uachtarán Risk Metrics
Group agus
Iar-Phríomhfheidhmeannach
Norges Bank Investment
Management.



An tOll. Frances Ruane

Stiúrthóir An Institiúid Taighde
Eacnamaíochta agus Sóisialta
(ESRI).



John C. Corrigan

Príomhfheidhmeannach,
Gníomhaireacht Bainistíochta
an Chisteáin Náisiúnta.

Rialachas an Chiste

FORLÉARGAS

Tá an Ciste á rialú agus á bhainistiú ag Coimisiún an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean, comhlacht corparáideach atá comhdhéanta de sheacht gcomhalta atá ceaptha ag an Aire Airgeadais. Faoin Acht um an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean, 2000, (“An tAcht”) is daoine a bhfuil saineolas agus taithí shubstaintiúil faighte acu ag leibhéal sinsearach in aon cheann de líon réimsí liostaithe lena n-áirítear infheistíocht nó bainistíocht idirnáisiúnta gnó, airgeadas nó eacnamaíocht, dlí, cleachtas achtúireach agus cuntasáíocht agus iniúcháireacht amháin is féidir a bheith ceaptha ag an Aire.

Áirítear i measc feidhmeanna an Choimisiúin deimhniú agus forfheidhmiú straitéis infheistíochta an CNP de réir a bheartas reachtúil infheistíochta Éilíonn beartas reachtúil an Chiste go ndéanfar an CNP a infheistiú leis an toradh optamach iomlán airgeadais a bhaint amach a fhad is a bhíonn an leibhéal riosca, don airgead a bhíonn ina sheilbh nó infheistithe, inghlactha don Choimisiún. Níl feidhm ag beartas infheistíochta reachtúil an CNP maidir le hInfheistíochtaí Stiúrtha.

Is í Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (GBCN) Bainiseoir reachtúil an CNP don tréimhse go dtí mí Aibreáin 2016 agus éilítear a chuid feidhmeanna a dhéanamh tríd an mBainisteoir.

AN COIMISIÚN

Leagann an Coimisiún straitéis leithdháileadh sócmhainní an CNP amach agus na paraimhéadair inar féidir sócmhainní an Chiste a infheistiú agus déanann sé athbhreithniú ar fheidhmíocht agus ar forfheidhmiú straitéise an Chiste.

Tá Coiste Iniúcháireachta, Coiste Comhairleach Maoine agus Coiste Comhairleach um Choithromas Príobháideach bunaithe ag an gCoiste chun cabhrú leis a chuid feidhmeanna a chomhlíonadh. Gan dochar dá fhreagracht féin i leith a chuid feidhmeanna, féadfaidh an Coimisiún aon cheann dá fheidhmeanna a mheasann sé a bheith cuí a tharmligean chuig an mBainisteoir.

Déanann an Coimisiún cothabháil ar liosta foirmiúil feidhmeanna atá tarmligthe chuig an GBCN ar bhonn leanúnach.

Feidhmeana tarmligthe chuig an GBCN

An t-údarás chun cuntais bainc a oscailt agus a chothabháil, lena n-áirítear cuntais in airgeadraí eile seachas airgeadra an Stáit.

Airgead neamhinfeistithe an Chiste agus a oibríochtaí fálaíthe in airgeadraí iasachta a bhainistiú.

Punann neamhghníomhach na mbanna a bhainistiú mar is gá.

An t-údarás chun maoin aonair a roghnú agus infheistiú inti agus i bhfeithiclí cothromais phríobháideacha, lena n-áirítear an chumhacht leis na hinfeistíochtaí sin a dhiúscairt go hiomlán nó i bpáirt.

Leithdháileadh dinimiciúil sócmhainní laistigh de pharaiméadair a aontaíonn an Coimisiún.

Monatóireacht (athbhreithniú feidhmíochta) ar bhainisteoirí seachtracha infheistíochta an Chiste agus a bhfeithiclí infheistíochta.

Monatóireacht agus bainistiú ar rioscaí an Chiste.

An t-údarás chun an Ráiteas Cuspóirí agus Srianta (“SIOR”) a leasú ar an mbun gur athruithe teicniúla amháin iad agus go bhfógrófaí iad go dtí an Coiste Iniúcháireachta.

Feidhm chuntasaíochta an Chiste.

Beartas Riosca Contrapháirtí an Chiste a fheidhmiú.

Is iad seo a leanas comhaltaí Choimisiún an CNP mar a bhí i mí Mheithimh 2012:

Paul Carty - Cathaoirleach

(Athcheaptha ó 31 Iúil 2010).

Comhairleoir Airgeadais agus iar-Chomhpháirtí Bainistíochta, Deloitte & Touche Éire.

John A Canning Jr.

(Athcheaptha ó 2 Aibreán 2010).

Cathaoirleach Madison Dearborn Partners LLC.

Dr. Brian Hillery

(Athcheaptha ó 1 Iúil 2009).

Cathaoirleach Providence Resources plc agus Iar-Stiúrthóir ar an mBanc Ceannais agus ar Údarás Seirbhísí Aigeadais na hÉireann.

Maurice Keane

(Athcheaptha ó 5 Feabhra 2012).

Stiúrthóir cuideachtaí (lena n-áirítear an Chorparáid Éireannach um Réiteach Banc), agus Príomhfheidhmeannach Grúpa (ar Scor) de Bhanc na hÉireann.

Knut N. Kjaer

(Ceaptha ó 2 Aibreán 2010).

Cathaoirleach FSN Capital, Iar-Uachtarán Risk Metrics Group agus Iar-Phríomhfheidhmeannach Norges Bank Investment Management.

An tOll. Frances Ruane

(Ceaptha ó 1 Iúil 2009).

Stiúrthóir An Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ESRI).

John C. Corrigan

(Comhalta Ex-officio, ceaptha 4 Nollaig 2009).

Príomhfheidhmeannach, Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta.

Téarma oifige cúig bliana a bhíonn ag coimisinéir, seachas príomhfheidhmeannach an Bhainisteora a fhreastalaíonn ar an gCoimisiún ar bhonn ex-officio. Ní fhreastalóidh Coimisinéir, seachas príomhfheidhmeannach an Bhainisteora, ar feadh níos mó dhá théarma chomhleanúnacha oifige. Bhí cúig chruinniú ag an gCoimisiún i 2011.

Comhalta Coimisiúin	Freastal ar Chruinnithe
Paul Carty	5/5
John Canning	5/5
John Corrigan	5/5
Brian Hillery	5/5
Maurice Keane	5/5
Knut Kjaer	5/5
Frances Ruane	5/5

CÓID UM RIALÚ CORPARÁIDEACH

Tá an Cód Cleachtais do Rialú Chomhlachtaí Stáid múnlaithé ar struchtúr tipiciúil corparáideach atá comhdhéanta de Bhord Stiúrthóirí a bhfuil freagracht dlíthiúil orthu as an gcomhlacht, agus foireann bainistíochta feidhmeannais agus foireann a dhéanann na feidhmeanna a tharmligear chucu ag an mBord.

Níl a fheidhmeannas féin ag an gCoimisiún áfach agus is tríd an GBCN a dhéanann sé a chuid feidhmeanna. Tá an Cód á fheidhmiú ag an gCoimisiún agus é oiriúnaithe do struchtúr rialaithe an CNP agus do riachtanais Acht an CNP.

Tá cód iompar gnó i bhfeidhm do Choimisinéirí agus d'fhostaithe an GBCN.

Is comhlacht forordaithe é an Coimisinéir le haghaidh chuspóirí na nAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus 2001. De bhreis air sin, tá ceangaltas sonracha maidir le nochtadh leasanna ann faoi Acht an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean.

AN COISTE INIÚCHÓIREACHTA

Déanann an Coiste Iniúchóireachta athbhreithniú ar an bpróiseas tuairisceoireachta airgeadais, córas rialú inmheánach an GBCN, an próiseas iniúchóireachta agus próiseas an GBCN chun monatóireacht a dhéanamh ar ghéilliúntas chaomhnóir an Chiste, na mbainisteoirí infheistíochta agus sholáthróirí tábhachtacha seirbhíse eile dá n-oibleagáidí conarthacha i leith an Choimisiúin/ GBCN.

Triúr comhalta atá ar an gCoiste:

Maurice Keane (Cathaoirleach)

Brian Hillery

Frances Ruane

Bíonn cruinnithe ag an gCoiste ar bhonn leanúnach leis na bainisteoirí sinsearacha sa GBCN atá freagrach as an gCiste, le Ceann Rialú Inmheánach an GBCN, agus le hiniúchóirí inmheánacha agus seachtracha an CNP. Bhí seacht gcruinniú ag an gCoiste Iniúchóireachta i rith na bliana 2011.

LUACH SAOTHAIR AGUS SPEANSAIS

Is é an tAire Airgeadais a leagan síos Luach Saothair an Choimisiúin agus d'aontaigh gach comhalta le laghdú deonach mar a d'iarr an tAire.

Is é seo a leanas an leibhéal luach saothair atá ann faoi láthair:

Cathaoirleach: €51,424 sa bhliain

Comhaltaí Eile: €34,283 sa bhliain

Íocadh €834 i speansais le coimisinéirí i 2011, ar son speansais taistil agus cóiríochta a thabhairt choimisinéirí nach bhfuil lonnaithe in Éirinn.

Ní fhaigheann Príomhfheidhmeannach an GBCN aon luach saothair maidir lena chomhaltacht ar an gCoimisiún.

Ní fhaigheann comhalta an Choiste Comhairleach Maoine ná an Choiste Comhairleach Cothromais Príobháidí aon luach saothair.

AN COISTE COMHAIRLEACH MAOINE

Tá cinntí i leith infheistíocht maoine tarmligthe ag an gCoimisiún chuig an GBCN. Chuir sé an Coiste Comhairleach Maoine ar bun le comhairle a thabhairt don GBCN maidir le infheistíocht maoine, le monatóireacht a dhéanamh ar fhorfheidhmiú na straitéise infheistíochta maoine agus le tuairisciú ar ais chuig an gCoimisiún.

Tá ceathrar comhalta ag an gCoiste - beirt choimisinéirí agus beirt comhalta seachtrach.

Is iad Paul Carty (Cathaoirleach) agus Maurice Keane an dá choimisinéir atá ar an gCoiste.

Is iad na comhaltaí seachtracha:

Barden Gale
Former CEO, J.E. Roberts Companies

John Mulcahy
Ceann Bainistiú Sócmhainní, An Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bhainistíocht Sócmhainní.

COISTE COMHAIRLEACH DO CHOTHROMAS PRÍOBHÁIDEACH

Tá cinnteoireacht maidir le hinfheistíocht i gcothromas príobháideach tarmligthe ag an gCoimisiún chuig an GBCN. Chuir sé an Coiste Comhairleach do Chothromas Príobháideach ar bun le comhairle a thabhairt don GBCN maidir le infheistíocht i gcothromas príobháideach, le monatóireacht a dhéanamh ar fhorfheidhmiú na straitéise infheistíochta maidir le hinfheistíocht i gcothromas príobháideach agus le tuairisciú ar ais chuig an gCoimisiún.

Cúigear comhalta atá ag an gCoiste, triúr coimisinéirí agus beirt chomhalta seachtrach.

Is iad Paul Carty (Cathaoirleach) John Canning agus Brian Hillery an triúr coimisinéir atá ar an gCoiste.

Is iad na comhaltaí seachtracha

Maurice O'Connell
Iar-GHobharnóir ar an mBanc Ceannais

Walter O'Hara
Stiúrthóir Bainistíochta, Allen & Co., New York.

NOCHTADH LEASANNA

Déanann Alt 12 (1) den Acht um an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean, 2000 foráil, inter alia, san áit go mbíonn leas airgid nó eile ag coimisinéir nó ag ball foirne an Bhainisteora nó ag comhalta de choiste a bhunaíonn an Coimisiún in aon ábhar atá á bhreithniú ag an Coimisiún, ag an mBainisteoir nó ag an gCoiste, nach mór dó nó dí an leas sin a nochtadh, gan iarracht a dhéanamh tionchar a imirt ar chinneadh maidir leis an ábhar sin ná aon pháirt a ghlacadh in aon bhreathnú ar an ábhar.

Rinneadh dhá nochtadh leasa faoi Alt 12(1) den Acht i rith na bliana 2011 maidir le hinfheistíochtaí stiúrtha i bhforais baincéireachta:

- Mar a bhí i 2009, luaigh Maurice Keane, a ceapadh mar Stiúrthóir ar an gCorparáid Éireannach um Réiteach Banc (Anglo Irish Bank roimhe sin) ag an Air Airgeadais ar 21 Eanáir 2009, go bhféadfadh coinbhleacht leasa a bheith ann maidir le measúnú Choimisiún ar Infheistíochtaí Stiúrtha an CNP i mBanc na hÉireann agus i mbainc-Aontas Éireann.

- Tar éis feidhmeanna áirithe baincéireachta a bheith tarmligthe don GBCN i mí Mhárta 2010, luaigh John Corrigan, mar Phríomhfheidhmeannach an GBCN, coinbhleacht leasa maidir le haon phlé ar shaincheisteanna baincéireachta.

D'fhan na hUaisle Keane agus Corrigan as láthair ó chruinnithe agus ó chodanna de chruinnithe nuair a bhí saincheisteanna a bhain le Banc na hÉireann agus Bainc-Aontas Éireann á bplé agus níor ghlac siad aon pháirt sa mheasúnú ar na hábhair seo.

Luaigh John Corrigan coinbhleacht a bheith ann maidir le hathcheapadh an GBCN mar Bhainisteoir ar an gCiste. D'fhan an tUasal Corrigan as láthair ó chruinnithe agus ó chodanna de chruinnithe nuair a bhí saincheisteanna a bhain le

GNÍOMHAIREACTH BAINISTÍOCHTA AN CHISTEÁIN NÁISIÚNTA

Áirítear iad seo a leanas i mar chroífheidhmeanna an GBCN ina fheidhm mar Bhainisteoir an CNP:


- comhairle bheartais a sholáthar don Choimisiún;
- forfheidhmiú straitéis infheistíochta an Chiste;
- cinnteoireacht dhinimiciúil faoi leithroinnt sócmhainní laistigh de paraméadair aontaithe;
- roghnú bainisteoirí infheistíochta agus feithicilí sonracha infheistíochta agus athbhreithniú ar a bhfeidhmíocht;
- Orduithe a eisiónn an tAire Airgeadais maidir le hInfheistíochtaí Stiúrtha an CNP a chur i bhfeidhm, faoi threoir agus monatóireacht a dhéanamh de réir na reachtaíochta ábhartha, ar fheidhmeanna úinéireachta an Chiste maidir leis an sócmhainní seo;
- rialuithe an Chiste a fhorbairt agus a oibriú le cinntiú go ndéantar bainistíocht ar an CNP laistigh de na paraimhéadair atá leagtha síos ag an gCoimisiún agus go ndéantar na rioscaí oibriúcháin a íoslaghdú don Chiste; agus
- ráitis airgeadais an Chiste a ullmhú agus monatóireacht a dhéanamh ar chaomhnóir domhanda an Chiste.

Déantar na feidhmeanna seo a sheachadadh go príomha trí Aonad tiomnaithe CNP agus trí fhoireann sainchuntasaíochta laistigh de Stiúrthóireacht Airgeadais an GBCN. Faightear tacaíocht freisin ó Aonaid Airgeadais, TF agus Dlí an GBCN.

An Chúlchiste Náisiúnta Pinsean

Ráitis Airgeadais

Don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2011



Comhaltaí an Choimisiúin agus Faisnéis Eile

COMHALTAÍ AN CHOIMISIÚIN

An tUasal Paul Carty - Cathaoirleach

Mr. John A. Canning Jr.

Mr. John C. Corrigan (ex-officio)

An Dr. Brian Hillery

Mr. Maurice A. Keane

Mr. Knut N. Kjaer

An tOll. Frances Ruane

BAINCÉIRÍ

Banc Ceannais na hÉireann

Sr. an Dáma

Baile Átha Cliath 2

CAOMHNÓIR

The Bank of New York Mellon (BNYM)

One Canada Square

London, E14 5AL

INIÚCHÓIRÍ

An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste

Caisleán Bhaile Átha Cliath

Baile Átha Cliath 2

BAINISTEOIR

Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

Áras an Stáitchiste

Sr. na Canáile Móire

Baile Átha Cliath 2

Tuarascáil Infheistíochtaí

Deimhníonn an Coimisiún straitéis infheistíochta an Chiste ach amháin i gcás Infheistíochtaí Stiúrtha. Infheistíodh sócmhainní an Chiste mar a lean ag an 31 Nollaig 2010:

	2011 €m	% d'Iomlán na Sócmhainní Infheistíochta	2010 €m	% d'Iomlán na Sócmhainní Infheistíochta
Cothromais				
Cothromais Luaite, Margaí Forbartha	1,943	14.5%	7,751	34.2%
Cothromais Luaite, Margaí ag Teacht chun Cinn	386	2.9%	1,040	4.6%
Céadroghanna ar Dhíol Cothromais	264	2.0%	-	0.0%
Ciste Cothromais Domhanda	84	0.6%	88	0.4%
Cistí Margaí ag Teacht chun Cinn	-	0.0%	448	2.0%
Iomlán Cothromas	2,677	20.0%	9,327	41.2%
Bannaí				
Bannaí Corparáideacha Luaite	150	1.1%	412	1.8%
Bannaí Corparáideacha Neamhluaithe	194	1.5%	405	1.8%
Bannaí Rialtais Luaite	-	0.0%	138	0.6%
Iomlán Bannaí	344	2.6%	955	4.2%
Infheistíochtaí Maoine	507	3.8%	487	2.1%
Infheistíochtaí i gCothromais Príobháideach	772	5.8%	948	4.2%
Infheistíochtaí i dTráchtearraí	241	1.8%	496	2.2%
Infheistíochtaí Foraoiseachta	32	0.2%	30	0.1%
Airgeadra agus Cistí Infheistíochta Eile	170	1.3%	172	0.8%
Comhaontaithe Athcheannacháin Comhthaobhaithe	-	0.0%	200	0.9%
Taiscí, Airgead agus Infheistíochtaí eile				
Taiscí agus Airgead Tirim	749	5.6%	2,443	10.8%
Gnóthachan / (caillteanas) neamhréadaithe ar chonarthaí todhchaíochta	(1)	0.0%	-	0.0%
Gnóthachan / (caillteanas) ar chonarthaí malartáin iasachta	(93)	(0.7%)	(64)	(0.3%)
Babhtáil Tras-Airgeadra	-	0.0%	17	0.1%
Iomlán Taiscí, Airgead Tirim agus Infheistíochtaí Eile	655	4.9%	2,396	10.6%
Iomlán Sócmhainní Infheistíochta sa Chiste Lánroghnach	5,398	40.4%	15,011	66.3%
Infheistíochtaí Stiúrtha	7,962	59.6%	7,627	33.7%
Iomlán na Sócmhainní Infheistíochta	13,360	100.0%	22,638	100.0%



Paul Carty
Cathaoirleach
Coimisiún an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean



John C. Corrigan
Príomhfheidhmeannach
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta
(mar Bhainisteoir)

Ráiteas Maidir Le Freagrachtaí An Choimisiúin

Éilíonn an tAcht um an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean, 2000 ar an gCoimisiún ráitis airgeadais a ullmhú maidir lena chuid oibriúchán do gach bliain airgeadais.

Agus na ráitis seo á n-ullmhú, tá na dualgais seo a leanas ar an gCoimisiún:

- beartais fheiliúnacha cuntasáochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama;
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn ghnóthas leanúnaí ach amháin nuair nach bhfuil sé sin feiliúnach;
- aon imeacht ábhartha ó na caighdeáin chuntasáochta infheidhme a nochtadh agus a mhíniú.

Tá an Coimisiún freagrach as na gnáthchuntais cuí faoin airgead go léir a fhaigheann sé agus a chaitheann sé a choinneáil faoi mar a fhaomhann an tAire Airgeadais, agus as taifid chuntasáochta a choinneáil a nochtann le cruinneas réasúnta ag aon am seasamh airgeadais an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean agus costais riaracháin an Choimisiúin.

Tá an Coimisiún freagrach freisin as sócmhainní atá faoina stiúir a choinneáil slán agus dá réir sin as bearta réasúnta a ghlacadh chun calaois agus mírialtachtaí eile a bhrath agus a chosc.



Paul Carty

Cathaoirleach

Coimisiún an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean



John C. Corrigan

Príomhfheidhmeannach

*Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta
(mar Bhainisteoir)*

Ráiteas maidir leis an gcóras Rialú Airgeadais Inmheánach

Freagracht maidir leis an gCóras Rialú Airgeadais Inmheánach

Aithníonn an Coimisiún an fhreagracht atá air maidir lena chinntiú go mbíonn córas éifeachtach rialú airgeadais inmheánach ann maidir le hoibriú an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean (“an Ciste”).

Tá Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (“an Bainisteoir”) ceaptha mar Bhainisteoir ar an gCiste agus feidhmíonn sé mar ghníomhaire an Choimisiúin agus é i mbun a chuid feidhmeanna. Cuireann an Bainisteoir an córas rialú inmheánach airgeadais i bhfeidhm thar ceann an Choimisiúin.

Ní féidir leis an gcóras ach deimhniú réasúnach neamhdhaingean a thabhairt go gcoinnítear sócmhainní slán, go n-údaráítear bearta agus go ndéantar iad a thaifead go cuí, agus go bhfuil earráidí ábhartha nó neamhrialtachtaí a gcosc nó go mbraithfí go tráthúil iad.

Príomhnósanna Imeachta Rialaithe

Tá bearta glactha ag an mBainisteoir chun timpeallacht rialaithe cuí a chinntiú mar seo a leanas:

- freagrachtaí bainistíochta a shainmhíniú go soiléir;
- nósanna imeachta foirmiúla a bhunú chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú don Choimisiún agus gníomhaíocht cheartúcháin chuí a chinntiú.

Tá próisis bunaithe ag an mBainisteoir chun rioscaí áirithe a aithint agus a mheas trí:

- cineál, réimse agus impleacht airgeadais na rioscaí atá ann don Chiste a aithint agus monatóireacht a dhéanamh orthu de réir na gcaighdeán atá inghlactha don Choimisiún;
- measúnú a dhéanamh ar an dóchúlacht go dtarlóidh rioscaí atá aitheanta;
- cumas an Chiste chun bainistíocht a dhéanamh ar na rioscaí a tharlaíonn a mheas agus iad a mhaolú;
- na costais a bhaineann le rialuithe áirithe a mheas i gcomparáid leis an leas a fhaightear astu.

Tá an córas rialú airgeadais inmheánach bunaithe ar chreatlach d’fhaisnéis rialta bainistíochta, ar nósanna imeachta riaracháin lena n-áirítear leithscaradh dualgas, agus ar chóras tharmhligin agus freagrachta.

Tá na nithe seo a leanas go háirithe san áireamh:

- córas cuimsitheach buiséadaithe do chostais riaracháin an Chiste, le buiséad bliantúil atá cinntithe ag an gCoimisiún;
- athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais a léiríonn feidhmiú airgeadais i gcomparáid le réamh-mheastacháin;
- Spriocanna a leagan amach chun feidhmíocht airgeadais agus eile a thomhas;
- treoirlínte maidir le rialú infheistíochta a shainmhíniú go soiléir;
- disciplíní foirmiúla um bhainistíocht tionscadail.

Ráiteas maidir leis an gcóras Rialú Airgeadais Inmheánach *(ar leanúint)*

Príomhnósanna Imeachta Rialaithe *(ar leanúint)*

Faoi rialachas an Choimisiúin, tá feidhmiú inmheánach iniúchóireachta ag an mBainisteoir, a oibríonn de réir an Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit. Tá an obair iniúchóireachta inmheánach curtha ar an eolas ag anailís ar na rioscaí oibriúcháin atá ann don Chiste, agus bíonn na pleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánaigh bunaithe ar an anailís seo. Bíonn an anailís riosca agus na pleananna iniúchóireachta inmheánacha faofa ag an gCoimisiún agus ag an mBainisteoir. Cuireann an tIniúcháir Inmheánach (PricewaterhouseCoopers faoi láthair), tuarascáil faoin ngníomhaíocht iniúchóireachta inmheánach ar fáil don Choimisiún agus don Bhainisteoir uair sa bhliain ar a laghad.

Bíonn tuairim an Iniúcháir Inmheánaigh faoi dhóthanacht agus faoi éifeachtacht an chóras rialú inmheánach airgeadais san áireamh sa tuarascáil. internal financial control. Bíonn monatóireacht agus athbhreithniú an Bhainisteora ar éifeachtúlacht an chóras rialú inmheánach airgeadais faoi threoír ag obair an iniúcháir inmheánaigh, ag feidhmeannaigh an Bhainisteora atá freagrach asforbairt agus cothabháil an chreatlach rialú airgeadais, agus tuairimí an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste ina litir bhainistíochta nó i dtuarascálacha eile.

Athbhreithniú Bliantúil ar Rialuithe

Tá athbhreithniú déanta ag an gCoimisiún ar éifeachtacht a chóras rialú inmheánach airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2011, tar éis comhairle a ghlacadh ó Choiste Iniúchóireachta an CNP.



Paul Carty

Cathaoirleach

Coimisiún an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean



John C. Corrigan

Príomhfheidhmeannach

*Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta
(mar Bhainisteoir)*

An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste Tuarascáil le cur i láthair Tithe an Oireachtas

Coimisiún an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean don bhliain dár críoch 31 Nollaig 2011 faoin Acht um an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean 2000. Tá na ráitis airgeadais, a ullmhaíodh de réir an Acht um an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean 2000, i bhformaid atá faofa ag an Aire Airgeadais, comhdhéanta de na beartais chuntasaíochta, cuntas an chiste, ráiteas na nglansócmhainní, an cuntas riaracháin, an ráiteas sreabhadh airgid agus na nótaí a ghabhann leo.

Freagrachtaí an Choimisiúin

Tá Coimisiún an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú, as a chinntiú go dtugann siad léargas fíor agus cóir de thorthaí oibriúcháin an Chiste don bhliain agus dá iarmhéideanna ag deireadh na bliana, agus as rialtacht na n-ibhirbheart a chinntiú.

Freagrachtaí an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Is é mo fhreagracht féin iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais de réir na riachtanas ábhartha dli

Le linn dom an t-iniúchadh a dhéanamh tagraím do na breithnithe speisialta a ghabhann le bainistiú agus le feidhmiú comhlachtaí Stáit.

Déanaim an t-iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúcháireachta (An Ríocht Aontaithe agus Éire) agus i gcomhlíonadh Chaighdeáin Eiticíúla de chuid an Bhoird um Chleachtais Iniúcháireachta d'Iniúcháirí.

Scóip an Iniúchta ar na Ráitis Airgeadais

Baineann iniúchadh le fianaise a bhailiú faoi na suimeanna agus na nochtáí atá sna ráitis airgeadais, fianaise ar leor í agus dearbhú réasúnta go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó aon mhíríteas ábhartha, cibé mar gheall ar chalaóis nó earráid é. Áiríonn sé seo measúnú ar

- cibé an oireann na beartais chuntasaíochta do chúinsí an Bhoird, agus an raibh siad á gcur i bhfeidhm ar bhonn comhsheasmhach agus á nochtadh go leordhóthanach
- réasúntacht na meastachán suntasach cuntasaíochta a rinneadh i rith ullmhú na ráiteas airgeadais, agus
- cur i láthair foriomlán na ráiteas airgeadais.

Chomh maith leis sin, le linn dom an t-iniúchadh a dhéanamh, déanaim iarracht fianaise a fháil maidir le rialtacht na n-idirbheart airgeadais.

Ina theannta sin, léim an fhaisnéis airgeadais agus neamhairgeadais uile atá sa Tuarascáil Bhliantúil ar mhaithe le haon neamhréachtaí ábhartha leis na ráitis airgeadais iniúchta a aithint. Má thugaim aon mhíríteas nó neamhréachtaí dealraitheacha faoi deara, déanaim mo mhachnamh faoin tionchar a bheadh ag a leithéid ar mo thuairisc féin.

Tuairim i leith na Ráiteas Airgeadais

Is í mo thuairim go dtugann na ráitis airgeadais, a ullmhaíodh go ceart de réir an Acht um an Chiste Náisiúnta Pinsean 2000 i bhformaid atá faofa ag an Aire Airgeadais, léargas fíor agus cóir de thorthaí oibriúcháin an Chiste don bhliain dár críoch 31 Nollaig 2011 agus dá iarmhéideanna ar an dáta sin.


I mo thuairim, tá leabhair chuntais chearta coimeáda ag an gCoimisiún. Tá na ráitis airgeadais i gcomhaontú leis na leabhair chuntais.

Nithe a bhfuil orm Tuairisciú Eisceachta a dhéanamh orthu

Bíonn tuairisciú eisceachta i gceist sna cásanna seo a leanas:

- Mura bhfuil an fhaisnéis agus na mínithe uile a theastaigh uaim le haghaidh m'iniúchta faighte agam, nó
- má tharraing mé aird i m'iniúchadh ar aon chás ábhartha nár úsáideadh airgead chun críocha beartaithe nó sa chás nach raibh na hidirbhearta ag teacht le rialacha an údaráis rialaithe, nó
- mura bhfuil an fhaisnéis atá i dTuarascáil Bhliantúil an Choimisiúin don bhliain ar ullmhaíodh na ráitis airgeadais comhsheasmhach leis na ráitis airgeadais, nó
- má léiríonn an Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais nach bhfuil an Cód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit á chomhlíonadh ag an gCoimisiún, nó
- Sa chás gur léir dom gur ann d'aon ní ábhartha eile a bhaineann leis an mbealach a réachtáladh gnó poiblí.

Nil tada le tuairisciú agam maidir leis na hábhair seo a ndéantar tuairisciú eisceachta orthu.



Seamus McCarthy

Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste
29 Meitheamh 2012

Beartais Chuntasáíochta

Bunaíodh an Cúlchiste Náisiúnta Pinsean faoin Acht um an Chúlchiste Náisiúnta, 2000. Is iad seo a leanas na beartais shuntasacha chuntasáíochta a glacadh maidir leis an gCiste:

(a) Bunús ullmhúcháin

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir an Acht um an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean, 2000, i bhformáid atá faofa ag an Aire Airgeadais.

Tugann na ráitis airgeadais achoimre de bhearta agus de ghlansócmhainní an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean.

In ainneoin sealúchais mhóra a bheith ag an gCiste i gcothromas Bhanc na hÉireann agus Bhainc-Aontas Éireann níl sé ar chumas an Choimisiúin rialú, tionchar ceannasach ná tionchar suntasach a imirt ar Infheistíochtaí Stiúrtha. Dá bhrí sin ní dhéanann an Coimisiún comhtháthú ar thorthaí agus ar sheasamh airgeadais Bhanc na hÉireann nó Bhainc-Aontas Éireann i ráitis airgeadais an Chiste.

(b) Tréimhse Tuairisceoireachta

Is í an bhliain dár críoch an 31 Nollaig 2011 an tréimhse tuairisceoireachta.

(c) Airgeadra Tuairisceoireachta

Is é an Euro an t-airgeadra tuairisceoireachta agus léirítear é leis an siombal €. Mura gcuirtear a mhalairt is i €,000 a luaitear méideanna airgid. San áit a úsáidtear iad, seasann 'm' do milliún agus 'bn' do billiún.

(d) Infheistíochtaí

Tá dhá chineál infheistíochta i seilbh an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean:

(a) *Infheistíochtaí Lánroghnacha*

Infheistíochta a dhéantar de réir Acht an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean 2000, Infheistíochtaí atá á rialú agus á mbainistiú ag an gCoimisiún leis an údarás lánroghnach straitéis infheistíochta a dheimhniú agus a fheidhmiú d'fhonn na cuspóirí a bhaint amach le ciste airgid a sholáthar le freastal ar chostais leasa sóisialaigh agus pinsin na seirbhísí poiblí sa todhchaí.

(b) *Infheistíochtaí Stiúrtha*

Infheistíochtaí a dhéantar de réir an Acht um Infheistíocht an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean

agus Forálacha Ilghnéitheacha 2009, faoina n-ordaíonn an tAire Airgeadais don Choimisiún infheistiú i bhforais airgeadais nó eisiúint scaireanna ag na forais sin a fhrithghealladh de réir mar a chinneann sé go bhfuil ordú dá leithéid ag teastáil ar leas an phobail.

(e) Luacháin Infheistíochtaí Lánroghnacha

Déantar infheistíochtaí a thaifeadadh ar bhonn dáta trádála agus luaitear iad ag luach cóir an mhargaidh. Déantar luach cóir an mhargaidh a dheimhniú mar a leanas le haghaidh infheistíochtaí luaite, neamhluaite agus díorthacha:

(i) *Infheistíochtaí Luaite*

Is ionann luach cóir an mhargaidh agus luach dúnta an mhargaidh ar an bpríomh-mhalartán nó margadh ina luaitear an infheistíocht.

(ii) *Infheistíochtaí Neamhluaite*

Measann Bainisteoir an Chiste luach cóir an mhargaidh agus faomhann an Coimisiún é. Is iad seo a leanas na príomhluachálacha neamhluaite:

Infheistíochtaí i maoin agus i gcistí cothromais príobháideacha

Tá luach cóir measta infheistíochtaí neamhluaite i maoin agus i gcistí cothromais príobháideacha nach bhfuil margadh gníomhach ann dóibh bunaithe ar an luacháil iniúchta is déanaí a cuireadh ar an gciste nó ar an gcomhpháirtíocht ag bainisteoir seachtrach an chiste nó na comhpháirtíochta sin. Mura mbíonn luacháil iniúchta ar fáil, má tharlaíonn mar shampla nach ionann deireadh bliana an chiste nó na comhpháirtíochta agus deireadh bliana an Chiste, baintear úsáid as an luacháil neamhiniúchta is déanaí.

Bíonn luacháil na n-infheistíochtaí seo dearbhaithe ag bainisteoirí seachtracha a úsáideann modhanna glactha luachála an tionscail agus treoirilínte a fhoilsíonn na comhlachtaí ábhartha sa tionscal. D'fhéadfadh breithniúcháin ar nós iolraigh tuillimh chuideachtaí inchomparáde a thrádáiltear go poiblí, sreabhanna lascainithe airgid agus bearta treaspháirtí, nó imeachtaí eile a léiríonn lagú nó feabhsú i luach cóir na hinfeistíochta a bheith i measc na modheolaíochtaí luachála a d'úsáidfeadh bainisteoirí seachtracha. Sa chéad bhliain den úinéireacht, meastar costas a bheith ina mheastúchan cuí ar luach cóir infheistíochtaí i maoin agus i gcothromas príobháideach mura léirítear go bhfuil lagú buan sa luach.

Beartais Chuntasaíochta *(ar leanúint)*

(e) Luacháin Infheistíochtaí Lánroghnacha

(ar leanúint)

Is féidir le réimse luachanna féideartha a bheith ann do na hinfeistíochtaí seo, agus is féidir le luachanna córa measta a bheith éagsúil ó na luachanna a bheadh úsáidte dá mbeadh luach gníomhach margaidh ann do na hinfeistíochta seo.

Bíonn an Coimisiún ag brath ar luacháil an bhainisteora seachtrach mar mheastúchán ionadaíoch ar luach cóir infheistíochta. Tá nósanna imeachta bunaithe ag an gCoimisiún, i gcomhar leis an mBainisteoir, le hathbhreithniú tréimhsiúil a dhéanamh ar an gciste nó a luacháil na comhpháirtíochta d'infheistíochtaí aonair maoiné nó cothromais príbháideach. Bunaithe ar a bhreithiúnas, agus ar fhaisnéis ábhartha atá ar fáil dó, féadfaidh an Coimisiún i dtosca áirithe a dheimhniú go bhfuil sé cuí coigeartú a dhéanamh ar luacháil an bhainisteora seachtrach nuair atá luach cóir infheistíochta á thaifeadadh.

Bannaí neamhluaithe

Déantar Banna Neamhluaithe a luacháil ag a luach cóir mar atá measta ag an mBainisteoir ag úsáid samhla luachála bannaí bunaithe ar shonraí inbhraite an mhargaidh.

Cistí airgeadra agus infheistíochtaí neamhluaithe eile

Déantar luacháil ar chistí airgeadra agus ar infheistíochtaí neamhluaithe eile ag a nGlanluach Sócmhainní is déanaí mar atá foilsithe ag riarthóirí na gcistí.

(iii) Díorthaí

Todhchaíochtaí

Déantar conarthaí todhchaíochta a úsáideann bainisteoirí infheistíochta an Chiste a luacháil ag luach dúnta an mhargaidh ar a dtrádáiltear iad agus aithnítear mar shócmhainní infheistíochta iad.

Céadroghanna cothromais

Nuair a bhíonn infhaighteacht luachála ann, úsáidtear praghsanna dúnta an mhargaidh mar léiriú ar luach cóir. Nuair a mheastar nach bhfuil praghsanna dúnta an mhargaidh ar fáil, úsáid samhail Bloomberg d'fhonn na roghanna cothromais a luacháil.

(f) Luacháil Infheistíochtaí Stiúrtha

Luacháiltear Infheistíochtaí Stiúrtha mar a leanas:

Gnáthscaireanna

Nuair a mheastar nach meastachán iontaofa ar luach cóir iad praghsanna dúnta an mhargaidh, déantar gnáthscaireanna a luacháil ag úsáid modh luachála cuí. Féadfadh anailís ar shreabhadh lascainithe airgid úsáidtear anailís ar iomlán na gcothromas agus anailís chomparáideach chuideachtaí poiblí a bheith ar na modheolaíochta luachála a úsáidtear.

Agus é ag sannadh luach cóir do na sealúchais seo ag deireadh na bliana 2011, mar a bhí aontaithe aige leis an gCoimisiún, bhunaigh an Bainisteoir an meastachán ar luach cothrom shealúchas na ngnáthscaireanna i mBainc-Aontas Éireann ar chomhairle luachála neamhspleách.

Scaireanna Tosaíochta

Luacháiltear na scaireanna tosaíochta ag luach cóir margaidh.

(g) Gnóthachain agus Cailteanais ar Infheistíochtaí

Deileáiltear le gnóthachain agus le cailteanais réadaithe agus neamhréadaithe caipitil ar infheistíochta i gCuntas an Chiste sa bhliain inar tharla siad.

(h) Ioncam infheistíochta

Aithnítear ioncam ó infheistíochtaí ar bhonn fabhrúithe. Cuirtear díbhinní chun sochair ioncaim ar na dátaí a liostaítear na hurrúis ábhartha mar "ex-díbhinn". Taispeántar ioncam comhlán gan cánacha neamh-inaisghabhála a nochtáitear ar leithligh sa Chuntas Ciste mar chuid den mhuirear cánach.

(i) Speansais

Déantar cuntas ar speansais sa bhliain ina mbíonn siad dlite.

(j) Airgeadraí Eachtracha

Aistrítear gach beart in airgeadraí eachtracha go euro ag na rátaí malairte atá i bhfeidhm ag dátaí na mbearta sin. Aistrítear sócmhainní agus dliteanais in airgeadraí eachtracha go euro ag na rátaí malairte atá i bhfeidhm ag dátaí deireadh na bliana.

Pléitear le difríochtaí malartáin a eascraíonn ar athluacháil infheistíochtaí agus ar shocrú infheistíochta san athrú i luach margaidh na n-infheistíochtaí. Pléitear le difríochtaí malartaíonn a eascraíonn ar mhíreanna ioncaim mar chuid den ioncam infheistíochta.

Beartais Chuntasaíochta *(ar leanúint)*

(k) Iasachtaí Urrúis

Tugann an Ciste faoi shocruithe iasachtaí urrúis trína dtugtar urrúis ar iasacht do pháirtithe conartha seachtracha ar feadh tréimhse socraithe ama. Faigheann an Ciste comhthaobhú ar mó a luach ná na hurrúis a thugtar ar iasacht a fhad is a mhaireann an tréimhse iasachta agus faigheann sé ús san áit a ndéantar athinfheistiú ar na sócmhainní comhthaobhacha. Faoi théarma na gcomhaontaithe iasacht urrúis, coinníonn an Ciste substaint na rioscaí agus luach saothair úinéireacht na n-urrús a bhíonn ar iasacht agus coinníonn sé chomh maith na cearta ar aon sreabhadh airgid a bhaineann leis na hurrúis. Ní bhaintear aitheantas na n-urrús ar iasacht ó chlár comhardaithe an Chiste dá bhrí sin agus ní aithnítear sócmhainní comhthaobhacha gclár comhardaithe an Chiste.

(l) Cáin Iarchurtha


Déantar foráil le haghaidh Cáin Iarchurtha maidir le cánacha breise eachtrannacha a bhfuiltear á réamh-mheas go mbeidh siad iníoctha nuair a réadófar gnóthachain neamhréadaithe ar infheistíochtaí Maoine agus Cothromas Príobháideacha. Déantar cáin iarchurtha a ríomh bunaithe ar na rátaí meánacha cánach a mheastar a bheidh i bhfeidhm nuair atá na gnóthachain le réadú.

Cuntas Ciste

	Nótaí	An Bhliain dár críoch 31 Nollaig 2011 €m	An Bhliain dár críoch 31 Nollaig 2010 €m
Punann Lánroghnach			
- Ioncam Infheistíochtaí Lánroghnacha	1	203	398
- Athrú i Luach Infheistíochtaí Lánroghnacha		(22)	1,426
- Cánachas	2	15	(2)
Toradh ar Infheistíocht Lánroghnach		196	1,822
Punann Infheistíochta Stiúrtha			
- Ioncam Infheistíochtaí Stiúrtha	3	503	661
- Athrú i luach Infheistíochtaí Stiúrtha		(8,937)	(3,190)
Toradh Infheistíochta Stiúrtha		(8,434)	(2,529)
Iomlán Toradh Infheistíochta tar éis Cánach		(8,238)	(707)
Aistriú chuig Cuntas Riaracháin	4	(17)	(21)
Iomlán Toradh Infheistíochta tar éis Cánach agus Speansas		(8,255)	(728)
Ranníocaíochta / (Aistarraingtí)			
- Aistarraingt an Stáichiste	5(a)	(1,018)	-
- Sócmhainní aistrithe chuig an Chiste	5(b)	1	1,079
Ranníocaíochtaí / (Aistarraingtí) Iomlána		(1,017)	1,079
Méadú / Laghdú sa Chiste i rith na Bliana		(9,272)	351
Glansócmhainní an Chiste ag Tús na Bliana		22,687	22,336
Glansócmhainní an Chiste ag Deireadh na Bliana		13,415	22,687



Paul Carty
Cathaoirleach
Coimisiún an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean



John C. Corrigan
Príomhfheidhmeannach
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta
(mar Bhainisteoir)

29 Meitheamh 2012

Ráiteas Glansócmhainní

	Nótaí	An Bhliain dár críoch 31 Nollaig 2011 €m	An Bhliain dár críoch 31 Nollaig 2010 €m
Punann Lánroghnach			
Infheistíochtaí Lánroghnacha	7	5,398	15,011
Sócmhainní Reatha	8	60	65
Dliteanais Reatha	9	(5)	(16)
Glansócmhainní - Punann Lánroghnach		5,453	15,060
Punann Infheistíochta Stiúrtha			
Infheistíochtaí Stiúrtha	10	7,962	7,627
Glansócmhainní - Punann na nInfheistíochtaí Stiúrtha		7,962	7,627
Glansócmhainní an Chiste ag Deireadh na Bliana		13,415	22,687




Paul Carty

Cathaoirleach

Coimisiún an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean

29 Meitheamh 2012




John C. Corrigan

Príomhfheidhmeannach

*Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta
(mar Bhainisteoir)*

Cuntas Riaracháin

		An Bhliain dár críoch	An Bhliain dár críoch
	Nótaí	31 Nollaig 2011	31 Nollaig 2010
		€'000	€'000
Aistriú ó Chuntas an Chiste	4	17,192	21,065
Táillí agus Speansais Ghinearálta Riaracháin	6 (a)	(17,141)	(20,593)
Táillí agus Speansais Stiúrtha	6 (b)	(51)	(472)
		NIL	NIL



Paul Carty
Cathaoirleach
Coimisiún an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean



John C. Corrigan
Príomhfheidhmeannach
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta
(mar Bhainisteoir)

29 Meitheamh 2012

Ráiteas Sreabhadh Airgid

	An Bhliain dár críoch 31 Nollaig 2011 €m	An Bhliain dár críoch 31 Nollaig 2010 €m
SREABHADH AIRGID: INFHEISTÍOCHTAÍ LÁNROGHNACHA		
Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Feidhmiúcháin		
Ceannach Infheistíochtaí	(7,895)	(15,280)
Fáltais ó Dhíol Infheistíochtaí	15,720	17,496
Ioncam Faighte	214	322
Ús agus Aiséileamh Cánach faighte	45	36
Speansais Oibriúcháin Íoctha	(21)	(24)
Airgead glan ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin	8,063	2,550
Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Maoinithe		
Aistriú ó Phunann na nInfheistíochtaí Stiúrtha	214	661
Aistriú chuig Punann na nInfheistíochtaí Stiúrtha	(10,000)	(3,818)
Airgead glan ó Ghníomhaíochtaí Maoinithe	(9,786)	(3,157)
Glanlaghdú in Airgead Tirim	(1,723)	(607)
Airgead Tirim ag Tús na Bliana		
Gnóthachán Malartáin ar Airgead	2,443	2,808
Glanlaghdú in Airgead Tirim	29	242
Glanlaghdú in Airgead Tirim	(1,723)	(607)
Airgead tirim ag Deireadh na Bliana	749	2,443

	An Bhliain dár críoch 31 Nollaig 2011 €m	An Bhliain dár críoch 31 Nollaig 2010 €m
SREABHADH AIRGID: INFHEISTÍOCHTAÍ STIÚRTHA		
Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Feidhmiúcháin		
Ceannach Infheistíochtaí	(6,229)	(5,481)
Fáltais ó Dhíol Infheistíochtaí	1,051	2,194
Ranníocaíocht Caipiti Bhainc-Aontas Éireann	(3,770)	-
Muirir Idirbhearta Íoctha	(34)	-
Ioncam Faighte	214	130
Airgead glan ó Ghníomhaíochtaí Ilbriúcháin	(8,768)	(3,157)
Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Maoinithe		
Aistriú go Punann Lánroghnach	(214)	(661)
Aistriú ón bPunann Lánroghnach	10,000	3,818
Aistarraingt an Stáitchiste	(1,018)	-
Glansreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Maoinithe	8,768	3,157
Glanlaghdú in Airgead Tirim	-	-
Airgead tirim ag Deireadh na Bliana	-	-

Nótaí do na Cuntais

1. IONCAM INFHEISTÍOCHTAÍ LÁNROGHNACHA

	2011 €m	2010 €m
Ioncam ó Infheistíochtaí Lánroghnacha		
Taiscí	60	18
Cothromais	93	284
Bannaí	29	57
Bannaí	13	14
Cothromas Príobháideach	7	11
Iasachtaí Urrús agus Ioncam Eile	1	14
	<u>203</u>	<u>398</u>

2. CÁNACHAS

Tá díolúine ó cháin chorparáideach na hÉireann ag ioncam agus brabús an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean de réir alt 30 den Acht um an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean, 2000. D'fhéadfadh an Cúlchiste Náisiúnta Pinsean dliteanas a bheith aige áfachdo chánacha i ndlínsí thar lear mar nach mbíonn díolúinte iomlán cánach ar fáil. Féadfaidh díbhinní agus ús a bheith faoi réir ar cánacha eachtracha shiarchoinneála nach féidir a athghabháil atá leagtha síos ag an tír as a bhfaightear an t-ionam infheistíochta. Féadfaidh athdháileadh ioncaim agus gnóthachán a fhaigheann an Ciste óna infheistíochtaí maoiné agus ciste cothromais phríobháidigh a bheith faoi réir ag cánacha siarchoinneála eachtracha. Féadfaidh an Ciste a bheith faoi réir freisin ag cánacha breise eachtracha atá iníochta ar infheistíochta Maoine agus Cothromais Phríobháidigh go bliantúil.

Féadfaidh cáin iarchurtha éirí i leith gnóthachan neamhréadaithe ar mhaoin nó ar infheistíochtaí i gcorthromas príobháideach mar a bhfuiltear ag súil go mbeadh cáin bhreise iníochta ar dhiúscairt na ngnóthachan seo.

Tá sonraí na gcánacha eachtracha a soláthraíodh thíos:

	2011 €m	2010 €m
Aiséileamh Cháin Shiarchoinneálach na Fraince	20	16
Cánacha Eachtracha ar Ioncam	(5)	(18)
Glan-ioncam / (Costas) Cánach	<u>15</u>	<u>(2)</u>

Fuair an Ciste €19.6m ó údaráis cánach na Fraince tar éis rialú rathúil a fuarthas i gCúirt Riaracháin na Fraince maidir le haiséilimh stairiúla chánach a rinneadh do na 2006, 2007 agus 2008.

3. IONCAM INFHEISTÍOCHTAÍ STIÚRTHA

	2011 €m	2010 €m
Ioncam ó Infheistíochta Stiúrtha		
Ioncam Faighte - Banc na hÉireann	214	251
Ioncam Faighte - Bainc-Aontas Éireann	289	280
Táill Idirbheart Bainc agus Ioncam Eile	-	130
	<u>503</u>	<u>661</u>

Íocadh díbhinn scaireanna tosaíochta Bhanc na hÉireann, €214m in iomlán i 2011 in airgead tirim agus aistríodh ina dhiaidh sin í chuig an bPunann Lánroghnach.

D'íoc Bainc-Aontas Éireann an díbhinn a bhí dlite (€289) ar na scaireanna tosaíochta i bhfoirm gnáthscaireanna. Fuair an Ciste 1,247 m scaireanna i mBainc-Aontas Éireann.

Nótaí do na Cuntais *(ar leanúint)*

4. AISTRÍÚ CHUIG AN GCUNTAS RIARACHÁIN

Is ionann an tsuim €17.2m (2010: €21.1m) agus an tsuim a bhí ag teastáil le costais bainistiú infheistíochta agus riaracháin an Choimisiúin a chlúdach (Féach Nóta 6).

5. RANNÍOCAÍOCHTAÍ/ AISTARRAINGTÍ

(a) Ranníocaíochta chuig / Aistarraingtí an Státchiste

Faoin Acht um an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean, 2000 éilítear ar an Aire Airgeadais ranníocaíocht bhliantúil cothrom le 1% den Olltáirge Náisiúnta (OTN) a dhéanamh don Chiste.

Rinneadh leasú ar an Acht um an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean, 2000 leis an Acht um Fhorais Airgeadais (Cobhsúchán), 2010 le foráil a dhéanamh go bhféadfadh an ranníocaíocht bhliantúil sa Chiste a bheith níos lú ná 1% den OTN nó go mb'fhéidir nach n-íocfaí aon tsuim isteach sa Chiste do na blianta 2010 agus 2013.

Mar a éilítear i gClár Tacaíochta Airgeadais an AE/IMF d'Éirinn cuireadh €10bn ar fáil don Chlár ón gCiste. Aistríodh an t-airgead seo chuig Punann na nInfheistíochtaí Stiúrtha agus infheistíodh é ina dhiaidh sin i gcóras baincúireachta na hÉireann i mí Iúil 2011.

I rith na bliana 2009 cuireadh €3.0bn isteach sa Chiste le hathchaipitliú a dhéanamh ar Bhanc na hÉireann agus ar Bhainc-Aontas Éireann. Chomh maith leis sin, i rith 2009, 2010, agus 2011 aistríodh sócmhainní cistí pinsean sé ollscoil déag agus comhlachtaí neamhthráchtála stáit, €2.1bn san iomlán go dtí an Ciste. De thoradh na ranníocaíochtaí seo tá réamh-mhaoiniú déanta ar ranníocaíocht bhliantúil an Aire Airgeadais don Chiste go dtí go luath i 2012.

Tugtar sonraí na ranníocaíochtaí agus na n-aistrithe chuig an gCiste thíos:

	2011 €m	2010 €m
Aistarraingt an Státchiste	<u>(1,018)</u>	<u>-</u>

De réir an ordú a fuarthas ón Aire Airgeadais, aistríodh €1,018m chuig an Státchiste i rith na bliana 2011. Bhain an tsuim seo leis na glanfháltais ó dhíol gnáthscaireanna i mBanc na hÉireann ag an gCiste i mí Iúil agus i nDeireadh Fómhair 2011.

(b) Sócmhainní aistrithe chuig an Chiste

	2011 €m	2010 €m
Ranníocaíocht bhreise - sócmhainní aistrithe	<u>1</u>	<u>1,079</u>

Faoin Acht um Infheistíocht an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean agus Forálacha Ilghnéitheacha, 2009, aistríodh sócmhainní chistí pinsin sé ollscoil agus comhlacht neamhthráchtála stát déag chuig an gCiste i rith na bliana 2010.

I rith na bliana 2011 aistríodh €0.7m in iomlán in iarmhéideanna iarmharacha airgid chuig an gCiste ó chuntais na n-ollscoileanna, i gcomparáid le €1,079m in acmhainní ollscoileanna agus chomhlachtaí eile stáit a aistríodh i 2010.

Nótaí do na Cuntais *(ar leanúint)*

6. SPEANSAIS

Faoi alt 26 (1) den Acht um an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean, 2000, éilítear ar an gCoimisiún cuntas ar leithligh de mhuirir agus de speansais a bhí air i riaradh an Chiste a áireamh. Tugtar na sonraí thíos:

(a) Táillí agus Speansais Ghinearálta Riaracháin

	2011	2010
	€'000	€'000
Táillí na mBainisteoirí Infheistíochta	11,981	15,247
Córais agus Seirbhísí	1,875	2,031
Táillí an Chaomhnóra Domhanda	1,827	2,307
Táillí Dlí agus Táillí Comhairleacha Dlí	843	438
Táillí Comhairliúcháin	259	191
Bainistiú Infheistíochtaí	223	223
Táillí Iniúchóireachta Inmheánach	90	111
Táillí Iniúchóireachta Seachtrach	42	30
Speansais an Choimisiúin	1	15
	<u>17,141</u>	<u>20,593</u>

(b) Táillí agus Speansais Infheistíochtaí Stiúrtha

Comhairle Dlí	-	472
Comhairliúchán agus Sainchomhairle	51	-
	<u>51</u>	<u>472</u>

Speansais Iomlána

	<u>17,192</u>	<u>21,065</u>
--	----------------------	----------------------

(c) Luach Saothair agus Speansais

Is é an tAire Airgeadais a leagan síos Luach Saothair an Choimisiúin.

Luach Saothar chomhaltaí an Choimisiúin:

Cathairleach:	€51,424 sa bhliain
Comhaltaí Eile:	€34,283 sa bhliain

Bhí €834 de speansais taistil agus cóiríochta ar chomhaltaí an Choimisiúin i 2011, a thabhaigh comhaltaí nach bhfuil cónaí ortha in Éirinn.

Ní bhfuair Príomhfheidhmeannach Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta aon luach saothair ar son a bhallaíochta sa Choimisiún.

(d) Speansais an Bhainisteora

De bhreis ar na speansais thuasluaite, bhí speansais de €3.7m (2010: €4.5m) tabhaithe ag Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta ina ról mar Bhainisteoir. Cuirtear na costais seo chun dochair sa Chiste Lárnach agus ní áirítear thuas iad.

Nótaí do na Cuntais *(ar leanúint)*

7. SÓCMHAINNÍ IN INFHEISTÍOCHTAÍ LÁNROGHNACHA

(a) Achoimre ar na Sócmhainní	2011 €m	2010 €m
Cothromas Luaite	2,413	8,879
Infheistíochtaí Cothromais Príobháideach Neamhluaite	772	948
Taiscí agus Airgead Tirim	749	2,443
Infheistíochtaí Maoine Neamhluaite	507	487
Céadroghanna Cothromais	264	-
Infheistíochtaí i dTráchtarraí	241	496
Bannaí Corparáideacha Neamhluaite	194	405
Airgeadra agus Cistí Eile	170	172
Bannaí Corparáideacha Luaite	150	412
Infheistíochtaí Foraoiseachta	32	30
Bannaí Rialtais Luaite	-	138
Cistí Margaí ag Teacht chun Cinn	-	448
Comhaontuithe Athcheannacháin	-	200
Babhtáil Tras-Airgeadra	-	17
Conarthaí Todhchaíochtaí Cothromais	(1)	-
Conarthaí Airgeadra Eachtrachs	(93)	(64)
	<u>5,398</u>	<u>15,011</u>
(b) Anailís de réir Rangú Tíreolaíoch	2011 €m	2010 €m
An Eoraip	2,406	7,605
Meiriceá Thuaidh	2,208	4,197
Margaí ag Teacht chun Cinn	392	1,938
An Áise /Aigéan Ciúin (gan an tSeapáin)	234	689
An tSeapáin	158	582
	<u>5,398</u>	<u>15,011</u>

Nótaí do na Cuntais *(ar leanúint)*

7. SÓCMHAINNÍ IN INFHEISTÍOCHTAÍ LÁNROGHNACHA *(ar leanúint)*

(c) **Ba mar seo a leanas a bhí an ghluaiseacht i luach na nInfheistíochtaí Lánroghnacha a bhí i seilbh an Chiste i rith na bliana:**

	2011	2010
	€m	€m
Luach na nInfheistíochtaí ag Tús na Bliana	15,011	15,306
Aistriú go Ciste (Nóta 5)	1	1,079
Aistrithe chuig Punann na nInfheistíochtaí Stiúrtha	(10,000)	(3,818)
Aistrigh ó Phunann na nInfheistíochtaí Stiúrtha	214	661
Glanghluaiseacht Airgid	258	374
Gluaiseacht i Socrúcháin ar Feitheamh	(43)	2
Speansais Ciste Íochta	(21)	(20)
Athrú i Luach Infheistíochtaí	(22)	1,427
Iomlán na nInfheistíochtaí	<u>5,398</u>	<u>15,011</u>

Glanghluaiseacht Airgid Réitithe le hIoncam Infheistíochta

	2011	2010
	€m	€m
Ioncam faighte glan ar cháin siarchoinneálach eachtrannach	<u>258</u>	<u>374</u>
Glanghluaiseacht Airgid Tirim	258	374
Fabhrú Oscailte Ioncaim	(59)	(37)
Fabhrú Dúnta Ioncaim	19	59
Cáin shiarchoinneálach eachtrannach ar Ioncam (Nóta 2)	(15)	2
Ioncam Infheistíochta (Nóta 1)	<u>203</u>	<u>398</u>

Nótaí do na Cuntais *(ar leanúint)*

7. SÓCMHAINNÍ IN INFHEISTÍOCHTAÍ LÁNROGHNACHA *(ar leanúint)*

(d) Bhí sócmhainní infheistíochta lánroghnacha an Chiste ag deireadh na bliana á gcoinneáil mar seo a leanas:

	2011 €m	2010 €m
Bainisteoirí Infheistíochta		
National Treasury Management Agency	902	2,423
Blackrock Advisors (UK) Limited	857	2,251
State Street Global Advisors (UK) Limited	750	3,099
Deutsche Asset Management	149	425
Principal Global Investors	128	216
Schroders Investment Management Limited	123	425
Batterymarch Financial Management Inc	121	221
Goldman Sachs Asset Management International	103	372
Putnam Investment Limited	91	355
Oechsle International Advisors LLC	89	335
Acadian Asset Management Inc.	85	357
Invesco Institutional (N.A.) Inc.	-	505
Lord, Abbett & Co. LLC	-	410
Pioneer Investments Management Ltd	-	106
RCM (UK) Limited	-	218
	3,398	11,718
Infheistíochtaí Eile		
Infheistíochtaí Cothromais Príobháideach Neamhluaite	772	948
Infheistíochtaí Maoine Neamhluaite	507	488
Infheistíochtaí i dTráchtearraí	241	496
Bannaí Corparáideacha	194	406
Airgeadra Neamhluaite agus Cistí	170	172
Generation Investment Managers	84	88
Infheistíochtaí	32	30
Cistí Margaí ag Teacht chun	-	448
Babhtáil Tras-Airgeadra	-	17
Comhaontuithe Athcheannacháin	-	200
	2,000	3,293
Iomlán na Sócmhainní Infheistíochta	5,398	15,011

Nótaí do na Cuntais *(ar leanúint)*

7. SÓCMHAINNÍ IN INFHEISTÍOCHTAÍ LÁNROGHNACHA *(ar leanúint)*

(e) Luacháil na nInfheistíochtaí:

Déantar sócmhainní infheistíochta an Chiste a luacháil ar a luach cóir margaidh mar a thuairiscítear sa bheartas cuntasaoíochta um luacháil infheistíochtaí.

Sa tábla thíos déantar anailís ar na sócmhainní infheistíochta, idir na cinn a bhfuil a luach cóir bunaithe ar:

- Leibhéal 1 - praghsanna luaite i margáí gníomhacha do shócmhainní nó do dhliteanais comhionnana.
- Leibhéal 2 - teicnící luachála nach mbaineann úsáid ach as inchuir shamhlacha atá le feiceáil ar an margadh.
- Leibhéal 3 - teicnící luachála nach mbaineann úsáid ach inchuir shamhlacha atá le feiceáil ar an margadh.

	2011 Leibhéal 1 €m	2011 Leibhéal 2 €m	2011 Leibhéal 3 €m	2011 Iomlán €m	2010 Iomlán €m
(i) Cothromais Liostaithe agus Cistí bainistithe					
Urrúis chothromais liostaithe	2,329	-	-	2,329	8,792
Ciste Cothromais Domhanda	-	84	-	84	88
Margaí ag Teacht chun Cinn	-	-	-	-	448
Infheistíochtaí i dTráchtarraí	-	241	-	241	495
Airgeadra agus Cistí Eile	-	170	-	170	172
Infheistíochtaí Foraoiseachta	-	32	-	32	30
(ii) Urrúis Fhiacha					
Urrúis fhiacha liostaithe	150	-	-	150	550
Urrúis fhiacha neamhliostaithe	-	194	-	194	405
(iii) Comhpháirtíochtaí/Iontaobhais Teoranta					
Maoin	-	-	507	507	487
Cothromas Príobháideach	-	-	772	772	948
(iv) Díorthaigh Sócmhainní airgeadais					
Babhtáil Airgeadraí	-	-	-	-	17
Conarthaí Todhchaíochta	(1)	-	-	(1)	-
Céadroghanna Cothromais	-	264	-	264	-
Airgead agus Coibhéis Airgid	656	-	-	656	2,579
	3,134	985	1,279	5,398	15,011

Áirítear maoin agus cistí cothromais príobháideacha i sócmhainní infheistíochta leibhéal 3 nach bhfuil aon ann mhargadh gníomhach ann dóibh faoi láthair. Chun luacháil a dhéanamh ar na hinfeistíochtaí seo braitheann an Ciste ar luachálacha a fuarthas ó bhainisteoirí seachtracha mar atá imlínithe sa bheartas cuntasaoíochta.

Taispeántar réiteach idir gach gluaiseacht i luach cóir sócmhainní infheistíochta i Leibhéal 3 idir tús agus deireadh na bliana sa tábla a leanas:

Maoin / Cothromas Príobháideach

	2011 €m	2010 €m
Luacháil Tosaigh	1,435	973
Iomlán Gnóthachain agus Cailteanais Leibhéal 3 i gCuntas an Chiste	77	184
Aistrithe chuig an gCiste	-	1
Aistithe isteach nó amach as Leibhéal 3 ⁽¹⁾	(233)	277
Luacháil Deiridh	1,279	1,435

⁽¹⁾ Áirítear sna haistrithe isteach nó amach as Leibhéal 3 díolacháin iomlána de €468m (2010: 53m) agus ceannacháin iomlána de €235m (2010 €330m)

Nótaí do na Cuntais *(ar leanúint)*

8. SÓCMHAINNÍ REATHAS

	2011 €'000	2010 €'000
Suimeanna infhaighte ar urrúis díolta	40,507	5,776
Ús fabhráithe ar chothromais Ioncaim Seasta	6,018	34,591
Ús fabhráithe ar thaiscí	1,363	6,535
Díbhinní infhaighte	3,961	9,463
Athéilimh Chánach inaisghabhálae	7,664	6,054
Ioncam iasachta urrúis infhaighte	-	427
Infhaighte eile	-	1,915
	59,513	64,761

9. DLITEANAIS REATHA

	2011 €'000	2010 €'000
Suimeanna iníochta d'Urrúis Cheannaithe	1,322	8,757
Táillí Iníochta le Bainisteoirí Cistí	2,143	5,064
Táillí Iníochta leis an gCaomhnóir Domhanda	523	938
CBL Iníochta agus Speansais Fhabhráithe Eile	952	1,470
	4,940	16,229

10. INFHEISTÍOCHTAÍ STIÚRTHA

Faoin Acht um Infheistíocht an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean agus Forálacha Ilghnéitheacha, 2009, tugtar cumhacht don Aire ordú a thabhairt don Choimisiún infheistiú a dhéanamh i bhforais airgeadais nó eisiúint scaireanna ag na forais seo a fhorscíobh. Rinneadh roinnt Infheistíochtaí Stiúrtha le linn na bliana 2009. Tá sonraí luachálacha deireadh bliana na nInfheistíochtaí Stiúrtha agus idirbheartanna i rith 2011 leagtha amach thíos:

(a) Luacháil Infheistíochtaí Stiúrtha

	2011 Units Millions	Valuation Per Unit €	2011 €m	2010 €m
Banc na hÉireann				
Gnáthscaireanna	4,512	0.0820	370	712
Scaireanna Tosaíochta ⁽²⁾	1,837	0.8016	1,473	1,459
			1,843	2,171
Bainc-Aontas Éireann				
Gnáthscaireanna ⁽¹⁾	512,610	0.0076	3,896	262
Scaireanna CNV*	-	N/A	-	3,147
Scaireanna Tosaíochta ⁽²⁾	3,500	0.6353	2,223	2,047
			6,119	5,456
Iomlán Infheistíochtaí Stiúrtha			7,962	7,627

⁽¹⁾ Le luach cóir a thabhairt do na sealúchais seo ag deireadh na bliana 2011, bhunaigh an Bainisteoir, mar a bhí aontaithe leis an gCoimisiún, measúnú luach cóir na sealúchas gnáthscaireanna i mBainc-Aontas Éireann ar chomhairle neamhspleách luachála.

⁽²⁾ Mar gur infheistíochtaí neamhliostaithe iAd seo agus nach dtrádáiltear iAd, bhunaigh an Bainisteoir, mar a bhí aontaithe leis an gCoimisiún, mesaúnú luach cóir na sealúchas scaireanna tosaíochta i mBanc na hÉireann agus i mBainc-Aontas Éireann ar chomhairle neamhspleách luachála.

*CNV Scaireanna Neamhvótála Carntha (Cumulative Non-Voting Shares). Athraíodh scaireanna neamhvótála go gnáthscaireanna i mí Aibreáin 2011. (Féach Nóta 10 (d))

Nótaí do na Cuntais *(ar leanúint)*

10. INFHEISTÍOCHTAÍ STIÚRTHA *(ar leanúint)*

(b) Achoimre ar ghluaiseacht luacháil Infheistíocht Stiúrtha

	2011 €m	2010 €m
Banc na hÉireann		
Luacháil Tosaigh	2,171	3,500
Díbhinní Faighte	214	250
Táillí idirbhearta faighte	-	64
Gnóthachan réadaithe ar dhíol barántas	-	479
Infheistíocht i nGnáthscaireanna	1,230	-
Caillteanas Infheistíochta i rith na bliana	(506)	(1,579)
Táillí Idirbhearta Íoctha	(34)	-
Aistriú go infheistíochtaí lánroghnacha	(214)	(543)
Aistarraingt an Stáichiste	(1,018)	-
Luacháil Deiridh	<u>1,843</u>	<u>2,171</u>

	2011 €m	2010 €m
Bainc-Aontas Éireann		
Luacháil Tosaigh	5,456	3,500
Infheistíocht i gCaipiteal Bhainc-Aontas Éireann	8,771	3,818
Táillí idirbhearta faighte	-	66
Díbhinní Faighte	289	280
Gnóthachan réadaithe ar dhíol barántas	-	52
Aistriú go infheistíochtaí lánroghnacha	-	(118)
Caillteanas Infheistíochta i rith na bliana	(8,397)	(2,142)
Luacháil Deiridh	<u>6,119</u>	<u>5,456</u>

(c) Infheistíochtaí Stiúrtha - Banc na hÉireann

2009

Ar an 30 Márta 2009 d'ordaigh an tAire don Choimisiún €3.5 billiún a infheistiú in 2009 i scaireanna neamhcharnacha buana tosaíochta Bhanc na hÉireann, mar aon le barántais os cionn 334,737,148 gnáthscaireanna i mBanc na hÉireann.

D'íoc na scaireanna tosaíochta díbhinn seasta carntha 8% ar dtús ar lánrogha an bhainc. Mura ndíoltar an díbhinn in airgead tirim, gheobhaidh an Ciste luach na díbhinne i scaireanna. Féadfaidh an banc na scaireanna tosaíochta a athcheannach ag €1 laistigh den chéad cúig bliana agus ag €1.25 ina dhiaidh sin.

2010

D'íoc Banc na hÉireann an díbhinn a bhí dlite ar an 19 Feabhra 2010 (€250.4m) ar na scaireanna tosaíochta i bhfoirm gnáthscaireanna. Fuair an Ciste 184,394,378 gnáthscaireanna i mBanc na hÉireann.

Ar an 26 Aibreán 2010 d'fhógair Banc na hÉireann plan le luach €3.4 billiún i gcaipiteal cothromais a chruinniú trí láithriú scaireanna agus eisiúint cearta.

Nótaí do na Cuntais *(ar leanúint)*

10. INFHEISTÍOCHTAÍ STIÚRTHA *(ar leanúint)*

(c) Infheistíochtaí Stiúrtha - Banc na hÉireann *(ar leanúint)*

D'ordaigh an tAire don Choimisiún de réir an Acht um an Chúlchiste Náisiúnta agus Forálacha Ilghnéitheacha, 2009 a bheith rannpháirteach i láithriú scaireanna agus in eisiúint cearta de réir téarmaí an Chomhaontú Idirbheartaíochta le Banc na hÉireann.

Faoi théarmaí an Chomhaontaithe:

- (i) D'aontaigh an Coimisiún le suibscríobh a dhéanamh le haghaidh 576 milliún aonad de ghnáthscaireanna ar phraghas €1.80 an t-aonad, trí 1,036 milliún aonad de Scaireanna Tosaíochta 2009 a chomhshó ina ngnáthscaireanna ag praghas €1 an t-aonad (nó ag luach par).
- (ii) D'athcheannaigh Banc na hÉireann na barántais a eisíodh i gcomhar le scaireanna tosaíochta 2009 ar €491 milliún, lúide táillí cealúcháin de €12m.
- (iii) D'aontaigh an Coimisiún a bheith rannpháirteach in eisiúint chearta Bhanc na hÉireann, ag glacadh leis an leithroinnt iomlán a raibh sé ina theideal, bunaithe ar a shealúchas gnáthscaireanna tar éis an láithriú scaireanna. Sásaíodhan chomaoin do na scaireanna a ceannaíodh faoin eisiúint chearta trí 626,958,696 aonad breise de scaireanna tosaíochta 2009 a chomhshó bunaithe ar an bpraghas cearta de €0.55.
- (iv) Méadaíodh an cúpón ar na 1,837,041,304 scaireanna tosaíochta a bhí fágtha ó 8% go 10.25%.
- (v) Fuair an Ciste €52m i dtáillí idirbheartaíochta (táille idirbheartaíochta €22m, €10 i dtáillí láithriú scaireanna, táille €19m i bhfórsaí agus €0.80m i dtáille dreasachta maidir leis an eisiúint chearta).

^o mar chúiteamh ar son rannpháirtíocht an Choimisiúin san eisiúint chearta, d'íoc Banc na hÉireann táille leis an gCoimisiún a bhí ríofa ar an mbonn céanna leis an gCoimisiún a íocadh leis leis na frithghealtóirí.

2011

Ar 20 Feabhra 2011 d'íoc Banc na hÉireann díbhinn scair tosaíochta €214.4m in airgead tirim.

Mar atá riachtanach i gClár Tacaíochta Airgeadais an AE/IMF d'Éirinn, rinne an Ciste frithghealladh ar thiomsú caipitil Bhanc na hÉireann i rith mhí Iúil 2011 agus d'infheistigh sé €1.2bn i mBanc na hÉireann.

- (i) Ar an 22 Iúil 2011 d'fheidhmigh an Ciste a chearta le 6,839,549,406 gnáthscaireanna i mBanc na hÉireann a cheannach ag €0.10 an scair ar chostas iomlán €684m.
- (ii) Ar 29 Iúil 2011, rinne an Ciste suibscríobh le haghaidh 6,283,859,561 scaireanna breise i mBanc na hÉireann ag €0.10 an scair ar ghlanchoistas €545m, tar éis táillí frithgheallta agus eile de €83m a fháil.

I mí Lúnasa 2011, díoladh 2,381,532,330 gnáthscaireanna i mBanc na hÉireann le hinfheisteoirí príobháideacha ag €0.10 an scair. Íocadh táillí idirbhearta de €4.8m maidir leis an idirbheart seo.

I mí Dheireadh Fómhair 2011 díoladh 8,129,428,433 gcnáthscaireanna eile i mBanc na hÉireann le hinfheisteoirí príobháideacha ag €0.10 an scair. Íocadh táillí idirbhearta de €28.8m maidir leis an idirbheart seo.

Tar éis na n-idirbheartanna seo, bhí sealúchas Phunann Infheistíochtaí Stiúrtha an Coimisiúin i mBanc na hÉireann ar 31 Nollaig 2011 cothrom le 4,512,323,039 gnáthscaireanna, 15.0% dá chaipiteal i ngnáthscaireanna. Choinnigh an Phunann Lánroghnach 0.1% dá chaipiteal gnáthscaireanna.

Nótaí do na Cuntais *(ar leanúint)*

10. INFHEISTÍOCHTAÍ STIÚRTHA *(ar leanúint)*

(d) Infheistíocht Stiúrtha - Bainc-Aontas Éireann

2009

Ar an 12 Bealtaine 2009 d'ordaigh an tAire don Choimisiún €3.5 billiún a infheistiú in 2009 i scaireanna neamhcharnacha buana tosaíochta Bhainc-Aontas Éireann, mar aon le barántais os cionn 294,251,819 gnáthscaireanna i mBainc-Aontas Éireann.

D'íoc na scaireanna tosaíochta díbhinn seasta carntha 8% ar dtús ar lánrogha an bhainc. Mura n-íoctar an díbhinn in airgead tirim, gheobhaidh an Ciste luach na díbhinne i scaireanna. Féadfaidh an banc na scaireanna tosaíochta a athcheannach ag €1 an scair laistigh den chéad cúig bliana agus ag €1.25 ina dhiaidh sin.

2010

Ar an 13 Márta 2010 d'íoc Bainc-Aontas Éireann an díbhinn a bhí dlite (€280m) ar na scaireanna tosaíochta i bhfoirm gnáthscaireanna. Fuair an Ciste 198,089,847 gnáthscaireanna i mBainc-Aontas Éireann. D'ordaigh an tAire don Choimisiún de réir an Acht um an Chúlchiste Náisiúnta agus Forálacha Ilghnéitheacha, 2009 a bheith rannpháirteach i láithriú scaireanna agus in eisiúint cearta de réir téarmaí an Chomhaontú Idirbheartaíochta le Bainc-Aontas Éireann.

Faoi théarmaí an Chomhaontaithe:

- (i) D'aontaigh an Coimisiún le suibscríobh le haghaidh 675m aonad gnáthscaireanna ag praghas €0.3793 an t-aonad agus 10.5bn scaireanna inchomhshóite neamhvótála (CNV) ar phraghas €0.3396 an t-aonad.
- (ii) D'athcheannaigh Bainc-Aontas Éireann na barántais a eisíodh i gcomhar le scaireanna tosaíochta 2009 ar €52.5 milliún.
- (iii) Fuair an Ciste €65.9 milliún i dtáillí láithrithe faoin gcomhaontú.

2011

Ar an 8 Aibreán 2011 iompaíodh sealúchas an Chiste i scaireanna inchomhshóite neamhvótála i mBainc-Aontas Éireann ina ngnáthscaireanna Bhainc-Aontas Éireann. Rinneadh 10,489,899,564 scaireanna inchomhshóite neamhvótála a chomhshó ina ngnáthscaireanna ar bhonn aon le haon.

Ar 13 Bealtaine 2011 d'íoc Bainc-Aontas Éireann an díbhinn a bhí dlite ar scaireanna tosaíochta 2009 i bhfoirm gnáthscaireanna. Fuair an Ciste 484,902,878 gnáthscaireanna i mBainc-Aontas Éireann i mí Bhealtaine 2011 agus 762,370,687 gnáthscaireanna breise i mí Iúil 2011, go luach iomlán de €289m.

Mar atá riachtanach i gClár Tacaíochta Airgeadais an AE/IMF d'Éirinn, rinne an Ciste infheistíocht €5bn i mBainc-Aontas Éireann i mí Iúil 2011. Mar thoradh air sin, fuair an Ciste 500bn gnáthscaireanna i mBainc-Aontas Éireann ar chostas €0.01 an scair.

Rinne an Ciste ranníocaíocht caipitil de €3.8bn le Bainc-Aontas Éireann chomh maith mar a éilítear i gClár Tacaíochta Airgeadais an AE/IMF d'Éirinn.

De thoradh na n-idirbheartanna seo, bhí sealúchas 512.6bn scaireanna ag an gCiste i mBainc-Aontas Éireann ar an 31 Nollaig 2011, agus bhí sé sin cothrom le 99.8% dá chaipiteal gnáthscaireanna.

e) Forbairtí ó dheireadh na bliana i leith

Banc na hÉireann

Ar 20 Febhra 2012 d'íoc Banc na hÉireann díbhinn scaireanna tosaíochta de €188.3m in airgead tirim.

Bainc-Aontas Éireann

Ar 14 Bealtaine 2012 d'íoc Bainc-Aontas Éireann an díbhinn scaireanna tosaíochta €280m i bhfoirm gnáthscaireanna. Bunaithe ar luach margaidh €0.077 an scair, fuair an Ciste 3,623,969,972 gnáthscaireanna Bhainc-Aontas Éireann. Beidh na scaireanna seo á luacháil ag an gCiste ag luach cóir.

Nótaí do na Cuntais *(ar leanúint)*

11. CEANGALTAIS

Ba iad seo a leanas an phríomhshuim bharúlach agus gnóthachan/(caillteanas) neamhréadaithe na gconarthaí díorthacha a rinne an Bainisteoir agus bainisteoirí infheistíochta (seachas bainisteoirí gníomhacha an chiste airgeadra) thar ceann an Chiste:

	2011	2011	2010	2010
	Barúlach	Neamhréadaithe	Barúlach	Neamhréadaithe
	Príomhshuim	gnóthachan/caillteanas	Príomhshuim	gnóthachan/caillteanas
	€m	€m	€m	€m
NTMA				
Réamhchonarthaí Malartán				
Eachtracha	1,488	(91)	3,683	(64)
Babhtáil Tras-Airgeadra	-	-	173	17
Bainisteoirí na gCistí Infheistíochta				
Spotchonarthaí Malartán				
Eachtracha	318	(2)	4	(0)
Todhchaíochtaí Airgeadais	(279)	(1)	(9)	(0)
	<u>1,527</u>	<u>(94)</u>	<u>3,851</u>	<u>(47)</u>

Conarthaí Malartán Eachtracha

Déanann an Ciste fálú ar a riosca airgeadra eachtrach trí úsáid a bhaint as réamhchonarthaí malartán eachtracha. Maidir le cothromais lluaite úsáideann an Ciste réamhchonarthaí airgeadra d'fhonn neamhchosaint a choinneáil ag 50% de thagarmharc bhunúsach an Chiste. Maidir lena infheistíochtaí i maoin agus i gcothromas príobháideach, déanann an Ciste fálú ar 50% dá infheistíochtaí i gcothromas príobháideach agus ar 100% dá infheistíochtaí maoine neamh-euro. Déantar gnóthachain/ (caillteanas) ar na réamhchonarthaí airgeadra eachtracha seo a fhritháireamh i gcoinne an athrú i luach infheistíochtaí neamh-euro an Chiste, a eascraíonn as gluaiseachtaí sa ráta malartáin.

Is féidir le bainisteoirí infheistíochta an Chiste spotchonarthaí malartán eachtrannacha a fheidhmiú freisin chun bainistiú a dhéanamh ar gcuid punann de réir an Ráiteas um Chuspóirí Infheistíochta agus na Srianta atá aontaithe leis an gCiste.

Cuireann an luach barúlach iomlán na gconarthaí malartán eachtrannacha atá gan íoc ag deireadh na bliana in iúl. Seasann suíomh ainmniúil diúltach do shuíomh gearr. Seasann an luach margaidh do ghnóthachan / (caillteanas) ar na conarthaí seo ag deireadh na bliana.

Todhchaíochtaí Airgeadais

Ceadaítear do bhainisteoirí infheistíochta an Chiste conarthaí todhchaíochta a chomhlíonadh ar an gcoiníoll go gcloítear leis an Ráiteas um Chuspóirí Infheistíochta agus na Srianta atá aontaithe leis an gCiste. Léiríonn an luach margaidh an gnóthachan/(caillteanas) neamhréadaithe ar na conarthaí a bhí ina seilbh ag deireadh na bliana

Nótaí do na Cuntais *(ar leanúint)*

11. CEANGALTAIS (ar leanúint)

Infheistíochtaí i Maoin agus i gCothromas Príobháideach

Tá ceangaltais déanta ag an gciste maidir le hinfeistíochtaí áirithe i gCothromas Príobháideach agus in infheistíochtaí maoine.

Ba iad seo a leanas na ceangaltais neamhghlaoite chaipitil maidir leis na suimeanna infheistíochta seo:

	2011	2010
	€m	€m
Infheistíochtaí Maoine	80	131
Infheistíochtaí i gCothromais Príobháideach	414	666
	<u>494</u>	<u>797</u>

12. DLITEANAIS THEAGMHASACHA

Ba é tuairim an Choimisiúin nach raibh dliteanais theagmhasacha ar bith ag an gCúlchiste Náisiúnta Pinsean ag an 31 Nollaig 2010. (2010: tada).

13. IASACHTAÍ URRÚIS

Trí chláir atá á bhainistiú ag a Chaomhnóir Domhanda, tugtar roinnt d'urrúis an Chiste amach ar iasacht ó am go ham.

Faigheann an Ciste Táille ón gCaomhnóir Domhanda ar son urrús a thugtar ar iasacht. I rith na bliana 2010 thuill an Ciste €1m trí iasachtú urrús (2010: €14m).

Tugtar iasachtaí do chéilí conartha faofa a shásaíonn critéir chreidmheasa íosta. Bíonn na hiasachtaí faoi urrús ag comhthaobhacht i bhfoirm bhannaí rialtais, bannaí ó eisitheoirí fhornáisiúnta sonraithe agus ciseáin innéacs cothromais sonraithe. Ní mór do luach 102% ar a laghad de luach margaidh na n-urrús a thugtar ar iasacht a bheith ag an gcomhthaobhacht a choinníonn an Caomhnóir Domhanda, nuair a bhíonn an chomhthaobhacht san airgeadra céanna leis na hurrúis iasachtaithe agus 105% nuair nach mbíonn an chomhthaobhacht san airgeadra céanna leis na hurrúis iasachtaithe. Nuair a thiteann luach na comhthaobhachta atá coinnithe faoi na teorannacha riachtanacha, glaonn an Caomhnóir Domhanda ar chomhthaobhacht bhreise ón gcéile conartha, chun riachtanais chomhthaobhachta a aiscur ar an gcéad lá gnó eile.

Bhí luach €531.2m (2010: €994.9m) ag na hurrúis iasachta ar an margadh ar an 31 Nollaig 2011. Bhí comhthaobhacht de 108.56% (2010: 108.19%) de luach margaidh na n-urrús iasachtaithe.

14. PÁIRTITHE GAOLMHARA

(a) An tAire Airgeadais

Mar atá leagtha amach i nóta 5, déanann an tAire Airgeadais ranníocaíochtaí chuig an gCiste trí mhuipear bhliantúil ar chothrom an Chiste Lárnáigh atá comhionann le 1 faoin gcéad den Olltáirge Náisiúnta (OTN) faoi alt 18(2) den Acht. Leasadh an tAcht um an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean, 2000 sa bhliain 2010 le hAcht na bhForas Creidmheasa (Cobhsúchán) 2010 le foráil a dhéanamh gur féidir leis an ranníocaíocht bhliantúil don Chiste a bheith níos lú ná 1% den OTN nó nach n-íocfar aon tsuim isteach sa Chiste sna blianta 2012 agus 2013.

Cheap an tAire Airgeadais Coimisinéirí an Chiste faoi Alt 7 den Acht um an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean 2000.

Nótaí do na Cuntais *(ar leanúint)*

14. PÁIRTITHE GAOLMHARA *(ar leanúint)*

(b) Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

Faoil alt 21 (2) den Acht um an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean, 2000, ceapadh Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta mar bhainisteoir an Chiste ón 2 Aibreán 2001 go ceann 10 mbliana. Nuair a bhí deireadh leis an tréimhse seo athcheapadh Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta mar Bhainisteoir do na 5 bliana a thosaigh ar an 2 Aibreán 2011 de réir alt 21 (3) den Acht um an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean, 2000.

15. BAINISTIÚ RIOSCA AIRGEADAIS

I ngnáthchúrsaí a ghníomhaíochtaí, déanann an Ciste bainistiú gníomhach ar rioscaí éagsúla airgeadais lena n-áirítear riosca margaidh, riosca creidmheasa agus riosca leachtachta. Déanann an Ciste riosca a aithint, a thomhas agus a fhaire trí mheicníochtaí éagsúla rialaithe mar atá sonraithe sna ranna a leanas. Tomhasann an Ciste torthaí agus déanann monatóireacht ar rioscaí punainne in Euro.

Tá an Coimisiún freagrach as riosca na Punainne Lánroghnaí ach is é an tAire Airgeadais atá freagrach as Infheistíochtaí Stiúrtha. Tagraíonn an nóta seo do riosca airgeadais sa Phunann Lánroghnach amháin.

(a) Riosca margaidh - praghas, airgeadra agus rátaí úis

Is ionann riosca margaidh agus cailteanas ionchasach a d'fhéadfadh an Ciste a fhuilaint mar thoradh ar athruithe díobhálacha ar luach cóir margaidh ionstraimí airgeadais an Chiste.

Is gá riosca a ghlacadh sa mhargadh chun toradh a fháil.

Is í an phríomhfhoinsé riosca don Chiste an méid riosca margaidh absalóideach a bhaineann go dlúh le leithroinnt straitéiseach sócmhainní nó tagarmharcála an Chiste. Áirítear luaineacht i bpraghsanna cothromais, bannaí agus infheistíochtaí eile, i rátaí airgeadra agus i rátaí úis sa riosca margaidh. Tá a dhícheall déanta ag an gCoimisiún an toradh ionchasach a uasmhéadú agus luaineacht a choinneáil laistigh de theorainneacha inghlactha trí éagsúlú a dhéanamh ar infheistíochtaí an Chiste in aicmí líonmhaire sócmhainní.

I rith 2011, cheannaigh an Coimisiún Roghanna Céad Díola le riosca margaidh an Chiste a laghdú.

Déanann an Bainisteoir monatóireacht laethúil ar riosca absalóideach margaidh an Chiste (beart ex-ante) agus ar fheidhmíocht an Chiste (beart ex-post). Is é seo an rialú criticiúil i maoirseoireacht an riosca iomlán a éiríonn laistigh den Chiste. Léirítear anailís níos sonraithe ar ghnéithe de riosca margaidh an Chiste sna nótaí imeachtaí bainistiú riosca a gcuirtear síos orthu sna nóta seo.

Tá luaineacht luach an Chiste faoi láthair níos lú ná an tagarmharc, rud a mhéadaíonn riosca cóibhéiseach an mhargaidh. Déantar an riosca maidir le diallas ó thoradh iarbhír an Chiste ón toradh tagarmharc a thomhas trí earráid a rianadh: Diallas caighdeánach ionchasach na difríochta sa bhfeidhmíocht idir an Ciste iarbhír agus an phunann tagarmharcála. Tá an teorainn fhoriomlán rianta don CNP mar atá deimhnithe ag an gCoimisiún socraithe ag 3.0%. Ciallaíonn sé seo go mbítear ag súil go mbeidh feidhmíocht bhliantúil an Chiste laistigh de 3.0% den bhfeidhmíocht tagarmharcála timpeall dhá thrían den am.

Tá riosca margaidh comhdhéanta de thrí chineál riosca: riosca praghas, riosca airgeadra, agus riosca rátaí úis.

Nótaí do na Cuntais *(ar leanúint)*

15. BAINISTIÚ RIOSCA AIRGEADAIS *(ar leanúint)*

(a) Riosca margaidh - praghas, airgeadra agus rátaí úis *(ar leanúint)*

(i) Riosca praghas

Is ionann riosca praghas agus an riosca go mbeidh luaineacht i luach sócmhainne ina airgeadra áitiúil mar gheall ar athruithe ina athruithe ina phraghas sa mhargadh, a eascróidh as cúinsí a bhaineann go sonrach leis an ionstraim airgeadais aonair nó lena eistheoir, nó cúinsí a théann i bhfeidhm ar gach ionstraim airgeadais dá chineál atá á thrádáil sa mhargadh.

Neamhchosaint i leith riosca praghas

Is ionann an t-uasluach sócmhainne atá nochtaithe i leith riosca praghas ag an 31 Nollaig 2011 agus luach na sócmhainní trádáilte infheistíochta mar atá sonraithe sa tábla a leanas:

Neamhchosaint i leith Riosca Pragha	2011	2010
	€'m	€'m
Infheistíochtaí Luaite	3,238	10,745
Infheistíochtaí Neamhluaite	194	405
Maoin & Foraoiseacht	539	517
Cothromas Príobháideach	772	948
Ionstraimí Díorthacha (glan)	(94)	(47)
Iomlán	<u>4,649</u>	<u>12,568</u>
Gan a Bheith Neamhchosainte do Riosca Praghas		
Airgead Tirim	<u>749</u>	<u>2,443</u>
Iomlán Sócmhainní Infheistíochta sa Chiste Lánroghnach	<u>5,398</u>	<u>15,011</u>

Bainistiú riosca praghas

Tugtar anailís thíreolaíoch ar phunann infheistíochta an Chiste i Nóta 7(b). Léirítear ann go bhfuil éagsúlú déanta de réir margadh. Déanann an Bainisteoir monatóireacht ar an riosca praghas atá sa phunann infheistíochta trí rochtain iomlán tráthúil ar fhaisnéis ábhartha a chinntiú ó bhainisteoirí infheistíochta an Chiste. Tagann an Coimisiún le chéile go rialta agus déantar athbhreithniú ar fheidhmíocht infheistíochta ag gach cruinniú. Glacann an Coimisiún le freagracht fhoriomlán as an straitéis infheistíochta agus as leithdháileadh sócmhainní.

(ii) Riosca Airgeadra

Is ionann riosca airgeadra agus an riosca go mbeidh luaineacht i luach sócmhainne nó dliteanais mar gheall ar athruithe i rátaí malartáin. Is é an Euro bonnairgeadra an Chiste. Tá sócmhainní infheistíochta ag an gCiste atá ainmnithe in airgeadraí seachas an Euro áfach agus bíonn tionchar ag luaineachtaí i rátaí malartáinairgeadra air dá réir.

Níl aon dliteanas suntasach airgeadais ag an gCiste atá ainmnithe in airgeadraí seachas an Euro. Tá ceangaltais amuigh ar an gCiste áfach i leith infheistíochtaí maoine agus infheistíochtaí i gcothromas príobháideach de USD372m, GBP9m agus JPY1,664m mar a bhí ar an 31 Nollaig 2011.

Bainistiú Riosca Airgeadra

Déanann an Ciste falú straitéiseach ar airgeadra. Tomhaiseann an Bainisteoir an neamhchosaint i leith airgeadra eachtrach ar bhonn laethúil agus déantar coigeartú dá réir ar an bhfálú. Úsáidtear conarthaí in airgeadra eachtrach le teorainn a chur le neamhchosaint an Chiste i leith athruithe sa todhchaí a bhféadfadh tionchar docharach a bheith acu ar luach Phunann na nInfheistíochtaí.

Nótaí do na Cuntais *(ar leanúint)*

15. BAINISTIÚ RIOSCA AIRGEADAIS *(ar leanúint)*

(a) Riosca margaidh - praghas, airgeadra agus rátaí úis *(ar leanúint)*

(ii) Riosca Airgeadra *(ar leanúint)*

Neamhchosaint i leith riosca airgeadra

Mar a thuairiscítear i Nóta 11, cleachtaínn an Ciste beartas fáilithe i leith rioscaí airgeadraí eachtracha trí úsáid a bhaint as réamhchonarthaí malartáin iasachta. Le monatóireacht ar neamhchosaint airgeadra i gcomhar le tionchar an fhálú airgeadra is féidir tuiscint a fháil ar an méid atá an phunann neamhchosanta i leith luaineachtaí airgeadra.

Tugtar sonraí sa tábla thíos de luachanna na sócmhainní atá neamhchosanta i leith riosca airgeadra mar A bhí roimh agus tar éis tionchar an fhálú airgeadra:

	2011 m	2011 €m	2011 €m	2011 €m
Airgeadra na Sócmhainní Infheistíochta: 2011	Áitiúil Airgeadra	Base Airgeadra	Fálú	Neamhchosaint Ghlan
Dollar SAM	2,799	2,163	(1,139)	1,024
Yen na Seapáine	14,943	149	(77)	72
Punt na Breataine	167	200	(111)	89
Dollar Hong Cong	1,039	103	(27)	76
Dollar na hAstráile	106	83	(44)	39
Dollar Cheanada	132	100	(52)	48
Franc na hEilbhéise	53	44	(23)	21
Críocha Lochlainn	Éagsúil	28	(14)	14
Eile	Éagsúil	284	(15)	269
Iomlán		3,154	(1,502)	1,652

	2010 m	2010 €m	2010 €m	2010 €m
Airgeadra na Sócmhainní Infheistíochta: 2010	Áitiúil Airgeadra	Base Airgeadra	Fálú	Neamhchosaint Ghlan
Dollar SAM	6,974	5219	(2,283)	2,936
Yen na Seapáine	63,168	581	(306)	275
Punt na Breataine	418	485	(414)	71
Dollar Hong Cong	3,915	377	(106)	271
Dollar na hAstráile	397	302	(159)	143
Dollar Cheanada	274	205	(113)	92
Franc na hEilbhéise	221	177	(98)	79
Críocha Lochlainn	Éagsúil	149	(80)	69
Eile	Éagsúil	824	(67)	757
Iomlán		8,319	(3,626)	4,693

Nótaí do na Cuntais *(ar leanúint)*

15. BAINISTIÚ RIOSCA AIRGEADAIS *(ar leanúint)*

(a) Riosca margaidh - praghas, airgeadra agus rátaí úis *(ar leanúint)*

(iii) Riosca Rátaí Úis

Is ionann riosca rátaí úis agus an riosca go mbeidh luaineacht i sreabhadh ionstraim airgeadais, agus i luach ionstraim airgeadais mar gheall ar athruithe i rátaí úis an mhargaidh. Tá infheistíochtaí ioncaim an Chiste, lena n-áirítear an phunann bannaí dár luach €344m ar an 31 Nollaig 2011, (2010: €1,155m), leochailleach i leith athruithe luacha mar gheall ar luaineacht i rátaí úis an mhargaidh.

Neamhchosaint i leith Rátaí Úis

Tugtar sonraí sa tábla a leanas de luachanna na n-urrús úsghinte atá neamhchosanta i leith riosca rátaí úis mar a bhí ar an 31 Nollaig:

Infheistíochtaí Úsmhara Seasta	2011	2010
	€m	€m
A aibeoídh laistigh de bhliain	22	7
A aibeoídh idir dhá bhliain agus cúig bliana	74	392
A aibeoídh tar éis cúig bliana	194	458
Iomlán Infheistíochtaí Úsmhara Seasta	290	857

Tugtar léargas sa tábla seo den chuid de na sócmhainní airgeadais atá neamhchosanta i leith riosca praghas a bhfuil baint dhíreach acu le hathruithe i riosca rátaí úis. Le haghaidh cuspóirí nochtadh áirítear sócmhainn úsmhara seasta i neamhchosaint i leith riosca praghas agus rátaí úis araon.

Chomh maith leis na hurrús úsmhara atá mionsonraithe sa tábla thuas, tá airgead infheistíochta de €0.7 billiún i seilbh an Chiste (2010: €2.4bn). Is sócmhainní úsmhara iad seo agus beidh luaineacht sna sreabhanna airgid as na sócmhainní seo sa todhchaí de réir mar a athróidh rátaí úis an mhargaidh.

Bainistiú Riosca rátaí úis

Tá aird ag an gCiste ar thionchair ionchasacha a bhíonn athrú sna rátaí úis ar luach cóir na sócmhainní úsmhara airgeadais nuair a dhéantar cinntí infheistíochta.

(b) Riosca Creidmheasa

Is riosca é an riosca creidmheasa go mbeadh cailteanas airgeadais á thabhadh ag an gCiste dá dteipfeadh ar chéile conartha achuid dualgas i leith an Chiste a chomhlíonadh.

Neamhchosaint i leith Riosca Creidmheasa

Eascraíonn an príomhriosca creidmheasa a bhfuil an Ciste neamhchosanta ina leith as infheistíochtaí an Chiste in urrús airgid agus fiachais. Déantar sócmhainní an Chiste a luacháil ag luach cóir an mhargaidh a léiríonn measúnú an mhargaidh faoi dhóchúlacht agus faoi thionchar measta loicthe. Dá bhrí sin déantar bainistiú ar riosca creidmheasa go príomha trí thagairt do riosca phraghas an mhargaidh. Tá an Ciste faoi réir chomh maith ag riosca creidmheasa céile conartha ar thrádáil táirgí díortha, airgead agus coibhéis airgid.

Nótaí do na Cuntais *(ar leanúint)*

15. BAINISTIÚ RIOSCA AIRGEADAIS *(ar leanúint)*

(b) Riosca Creidmheasa *(ar leanúint)*

Is ionann an neamhchosaint is mó i leith riosca creidmheasa ag an 31 Nollaig 2011 agus luach iompair na sócmhainní airgeadais mar atá leagtha amach thíos.

	2011	2010
	€m	€m
Urrúis Fiacha Rialtais	-	138
Urrúis Fiacha Corparáideacha	344	1,017
Airgead agus Coibhéis Airgid ⁽¹⁾	805	2,637
Ioncam Carntha as Infheistíochtaí	5	16
Díorthaigh	1	25
IOMLÁN	<u>1,155</u>	<u>3,833</u>

(1) Lena n-áirítear airgead a choinnítear mar chuid den chlár comhthaobhachta le haghaidh iasachtaí airgid.

Bainistiú riosca creidmheasa

Is é is cuspóir go bhainistiú riosca creidmheasa tionchar loiceadh chéile conartha ar shócmhainní airgeadais an Chiste, agus aon chailteanas airgeadais a bheadh ann dá bharr, a íoslaghdú. Tá sé d'aidhm ag an gCiste, tríd an mBainisteoir, neamhchosaint i leith riosca creidmheasa a chéilí conartha a mhaolú trí mhonatóireacht a dhéanamh ar mhéid a neamhchosaint creidmheasa i leith, agus ar chreidmheasacht a chéilí conartha lena n-áirítear teorannacha cuí i leith neamhchosanta a leagann síos. Roghnaítear céilí conartha ar bhonn a rátáil airgeadais, a dtimpeallacht rialacháin agus cúinsí sonracha eile.

Tugtar sonraí thíos de na beartais um bhainistiú riosca a cuireadh i bhfeidhm do na sócmhainní airgeadais a bhí neamhchosanta i leith riosca creidmheasa:

Cuirtear rátáil creidmheasa an eisitheora san áireamh le haghaidh urrús úsmhara leis an riosca loicthe a bheadh ann don Chiste a íoslaghdú. Tá sé de bheartas ag an gCiste infheistiú in urrúis fhiacha atá ag grád íosmhéid infheistíochta nó os a chionn. Déantar infheistíochtaí thar réimse earnálacha tionscail agus eisitheoirí le comhdhlúthú riosca creidmheasa a laghdú.

Glantar réamhchonarthaí airgeadra trí Ghlanadh Leanúnach Nasctha (CLS) mara ndéantar trádálacha a chomhoiriúnú roimh an dáta glanta ionas go laghdaítear an riosca go dteipfeadh ar an nglanadh.

Coinníonn Caomhnóir an Chiste, Bank of New York Mellon, urrúis an Chiste i gcuntais leithscartha, le risoca nó cailteanas luach na n-urrús atá i seilbh an chaomhnóra a íoslaghdú. I gcás teip, d'fhéadfaí cur isteach go sealadach ar chumas an Chiste urrúis a aistriú. Tá Caomhnóir an Chiste ina bhall de mhórmhalartán urrús agus ag an 31 Nollaig 2011 bhí rátáil creidmheas AA2 aige ó Moody (2010: Aa2). Déanann an Bainisteoir athbhreithniú rialta ar rátáil creidmheasa an chaomhnóra.

Ag an 31 Nollaig 2011 bhí airgead coinnithe i mBanc Ceannais na hÉireann agus ag an gCaomhnóir. Bhí €56m d'airgead comhthaobhach á choinneáil mar chuid de chlár iasachta urrús ag an 31 Nollaig 2011 (2010: €194m). Déanann an Bainisteoir agus Bank of New York Mellon monatóireacht rialta ar na sealúchais airgid seo mar bhainisteoir an chláir. Coinnítear airgead tirim ó am go ham le bróicéirí todhcháiochtaí a cheaptar ag bainisteoirí infheistíochta an Chiste.

Nótaí do na Cuntais *(ar leanúint)*

15. BAINISTIÚ RIOSCA AIRGEADAIS *(ar leanúint)*

(c) Riosca leachtachta

Is ionann riosca leachtachta agus an riosca go mbeidh deacrachtaí ag an gCiste airgead a chruinniú le freastal ar a chuid dualgas nuair a bhíonn siad dlite. Eascraíonn príomhfhoinsí an riosca seo don Chiste as luach cheangaltais an Chiste i leith maoin agus comhpháirtíochtaí teoranta i gcothromas príobháideach agus as íocaíochtaí leanúnacha speansais oibriúcháin.

Bainistiú riosca leachtachta

Déanann an Ciste monatóireacht ar a neamhchosaint i leith riosca leachtachta trí mhonatóireacht rialta a dhéanamh ar leachtacht a phunann infheistíochta agus trí leibhéil chúí de shócmhainní leachtacha a choinneáil. Bhí sócmhainní ardleachtacha de €0.7 billiún i seilbh an Chiste mar a bhí ar an 31 Nollaig 2011 (2010: €2.4bn), comhdhéanta d'airgead tirim agus de shócmhainní coibhéiseacha airgid. Déanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithniú go rialta ar leibhéal na sócmhainní ardleachtacha. Maolaíonn an Ciste a neamhchosaint i leith riosca leachtachta trí infheistíocht in urrúis luaite ar féidir iad a réadú go réidh ar chostas íseal idirbhirt.

16. TEAGMHAIS INA DHIAIDH SIN


Seachas na teagmhais a tharla tar éis dheireadh na bliana atá luaite i nóta 10, ní raibh aon teagmhas suntasach eile ann.

17. FAOMHADH NA RÁITEAS AIRGEADAIS

D'fhaomhaigh an Coimisiún na ráitis airgeadais ar an 29 Meitheamh 2012.

An Cúlchiste Náisiúnta Pinsean

Punann na ninfheistíochtaí
Don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2011



Punann Infheistíochtaí 31 Nollaig 2011

Urrúis Luaite - Cothromais

Sealúchas | Tuairisc an Urrúis | Luach Margaidh € | Sealúchas | Tuairisc an Urrúis | Luach Margaidh € | Sealúchas | Tuairisc an Urrúis | Luach Margaidh €

AN EORAIP

AN OSTAIR

3,229	Andritz	206,979
23,673	Erste Group Bank	321,598
564,273	Immoeast	0
46,574	Immofinanz Nachsprung	0
576,607	Immofinanz	196,717
2,200	Oesterreichische Post	51,260
13,287	OMV	311,447
8,680	Polytec	47,002
4,763	Raiffeisen Bank	95,570
10,803	Strabag	238,854
26,979	Telekom Austria	249,232
5,529	Verbund	114,644
3,118	Vienna Insurance Group	95,473
14,023	Voestalpine	303,878
		2,232,655

% de na hInfheistíochtaí Iomlána **0.02%**

AN DANMHAIRG (AR LEANÚINT)

398	DFDS	19,005
6,804	DSV	94,269
5,834	East Asiatic Company	92,993
1,957	Flsmidth & Co	88,844
21,146	Lundbeck	307,198
45,592	Novo-Nordisk	4,047,607
9,980	Novozymes	238,015
51	Per Aarsteff	2,758
338	Rockwool	20,951
2,183	Royal Unibrew	94,406
1,056	Schow & Co	13,139
222	Simcorp	26,189
941	Tryg	40,378
7,495	Vestas Wind System	62,507
859	William Demant	55,185
		6,547,454

% de na hInfheistíochtaí Iomlána **0.05%**

AN FHRAINIC (AR LEANÚINT)

1,602	Biomerieux	88,494
186,586	BNP Paribas	5,662,885
401	Bollere	60,752
2,846	Bonduelle	177,875
817	Bongrain	39,551
93,741	Bouygues	2,282,125
4,391	Bureau Veritas	247,213
40,107	Cap Gemini	968,384
92,591	Carrefour	1,630,990
3,584	Casino Guich-Perrachon	233,247
4,156	Cegid Group	59,639
26,738	Christian Dior	2,449,468
886	Ciments Francais	52,983
14,392	CNP Assurances	137,847
59,509	Compagnie De Saint- Gobain	1,765,334
12,230	Compagnie Generale De Geophysique	221,730
1,052	CRCAM Brie Picardie	18,505
80,233	Credit Agricole	349,816
53,662	Danone	2,606,363
5,067	Dassault Systemes	313,799
37,411	Derichebourg	87,617
40,373	Edenred	767,894
21,425	EDF	402,790
5,481	Eiffage	102,522
861	Eramet	81,365
17,777	Essilor	969,735
1,091	Euler Hermes	49,913
2,469	Eurazeon	67,885
86,561	Eutelsat Communications	2,609,814
4,275	Faurecia	62,629
2,230	Fonciere Des Regio	110,608
237,736	France Telecom	2,884,926
215,146	GDF Suez	4,543,884
1,484	Gecina	96,460
425,037	GET	2,235,695
9,140	Groupe Steria	120,237
3,527	Hermes	812,444
626	Heurtey Petrochem	16,232
1,813	Icade	110,212
1,759	Iliad	167,721
3,061	Imerys	108,941
1,365	Ipsen Promesses	33,101
5,398	JC Decaux	96,057
7,700	Klepierre	169,708
17,865	Lafarge	485,213
10,648	Lagardere	217,219
4,203	Lectra	19,334
21,693	Legrand	539,071
1,573	Linedata Services	14,472
728	Lisi	36,946
25,156	L'Oreal	2,030,089
30,139	LVMH Moet Hennessy	3,297,207
1,342	M6 Metropole	15,467

AN BHEILG

219,100	Ageas	262,920
258,063	Agfa Gevaert	317,417
232,744	Anheuser-Busch (Vvpr)	233
120,859	Anheuser-Busch	5,717,235
4,371	Barco	169,420
3,680	Bekaert	91,209
13,822	Belgacom	335,045
94	Bois Sauvage	15,346
502	CFE	19,071
5,466	Colruyt	159,881
20,414	Deceuninck	14,902
8,445	Delhaize Group	366,555
47,477	Dexia	14,101
23,314	Elia	697,788
6,738	Groupe Bruxelles	347,074
14,824	KBC Groupe	144,252
459	Kinopolis Group	25,318
1,462	Mobistar	59,196
934	Realdolmen	15,598
3,642	Recticel	16,608
3,900	Sioen Industries	20,475
3,419	Solvay	217,654
33,265	Telenet Group	980,985
31,601	Tessenderlo Chemie	649,085
28,055	UCB	912,068
9,744	Umicore	310,541
		11,879,977

% de na hInfheistíochtaí Iomlána **0.09%**

AN FHIONNLAINN

4,249	Digia	10,283
37,194	Fortum	613,329
5,429	Kesko	140,937
13,823	Kone Corporation	554,302
41,944	Metso	1,201,696
103,139	M-Real	137,175
10,410	Neste Oil	81,250
400,282	Nokia	1,509,864
10,761	Nokian Renkaat	267,734
11,038	Outokumpu	56,073
8,544	Rautaruukki	60,791
46,785	Sampo	896,868
3,961	Sanoma	35,114
49,650	Stora Enso	229,780
25,934	Tieto	285,274
43,427	Upm-Kymmene	369,564
16,468	Wartsila	367,566
		6,817,599

% de na hInfheistíochtaí Iomlána **0.05%**

AN FHRAINIC

41,187	Accor	806,647
28,800	ADP Promesses	1,526,400
12,189	Air France-KLM	48,427
23,325	Air Liquide	2,229,637
4,261	Akka Technologies	68,900
193,503	Alcatel Lucent	233,558
24,541	Alstom	574,996
37,507	Arkema	2,051,633
8,106	Assystem Brime	96,056
30,487	Atos	1,033,136
292,340	Axa	2,936,555
2,981	BIC	204,199

Punann Infheistíochtaí 31 Nollaig 2011

Urrús Luaite - Cothromais

Sealúchas | Tuairisc an Urrúis | Luach Margaidh € | Sealúchas | Tuairisc an Urrúis | Luach Margaidh € | Sealúchas | Tuairisc an Urrúis | Luach Margaidh €

AN FHRAINIC (AR LEANÚINT)		
663	Maisons France Comfort	12,696
713	Mersen	16,649
50,202	Michelin	2,292,976
75,840	Natixis	147,433
4,754	Netgem	10,697
540	Norbert Dentressangle	29,160
11,319	Pagesjaunes Groupe	31,750
1,931	Parrot	33,484
21,908	Pernod-Ricard	1,569,927
32,608	Peugeot	394,883
7,926	PPR	877,012
11,907	Publicis Groupe	423,234
34,958	Rallye	755,268
65,234	Renault	1,748,271
6,482	Rexel Promesses	85,562
19,311	Sabate Diosos	37,270
17,415	Safran	404,115
164,967	Sanofi	9,361,877
1,038	Sartorius Stedim Biotech	50,862
91,608	Schneider Electric	3,726,613
15,244	SCOR	275,307
2,039	SEB	118,507
15,716	Sequana	67,422
64,017	Societe Generale	1,101,412
9,857	Sodexo	546,768
31,310	Suez Environnement	278,690
23,806	Technip	1,728,792
13,091	Tf1-Tv Francaise	98,732
6,588	Thales	160,747
310,554	Total	12,266,488
13,747	Trigano	160,221
157,435	Ubisoft Entertainment	814,096
7,626	Unibail-Rodamco	1,059,251
36,667	Valeo	1,126,044
10,018	Vallourec	502,503
75,341	Veolia Environment	638,063
75,996	Vinci	2,565,625
130,466	Vivendi	2,207,485
2,043	Wendel	105,215
3,421	Zodiac Aerospace	224,007
	102,595,666	
% de na hInfheistíochtaí lomlána		0.77%

AN GHEARMÁIN		
17,473	Adidas	878,193
52,620	Allianz	3,889,144
2,361	Amadeus Fire	62,921
2,113	Aurelius	51,568
23,397	Aurubis	963,956
4,148	Axel Springer	137,734
101,474	BASF	5,468,434
92,413	Bayer	4,565,202

AN GHEARMÁIN (AR LEANÚINT)		
25,139	Bayerische Motoren Werke (BMW)	1,301,195
18,759	Bechtle	491,486
7,367	Beiersdorf	322,822
2,712	Bilfinger Berger	178,667
16,135	Biotest (Non Voting)	642,173
3,182	Brenntag	228,945
16,806	Cancom	148,128
43,179	Celesio	528,511
1,168	Cewe Color	36,658
320,211	Commerzbank	417,235
8,257	Constantin Medien	10,569
6,682	Continental	321,371
87,418	Daimler	2,965,219
150,307	Deutsche Bank	4,424,287
16,286	Deutsche Boerse	659,746
18,588	Deutsche Lufthansa	170,731
209,862	Deutsche Post	2,493,161
270,819	Deutsche Telekom	2,400,810
11,382	Deutz	46,780
5,646	Draegerwerk Ag & Co	354,004
1,963	Duerr Beteiligungs	66,742
157,815	E.On	2,630,776
780	Eckert & Ziegler	17,628
2,089	Elmos Semiconductor	16,628
1,189	Fielmann	87,320
32,567	Fraport	1,237,546
19,174	Freenet	191,740
10,711	Fresenius	765,622
40,196	Fresenius Medical Care	2,110,290
14,940	GEA Group	326,439
1,324	Gesco	83,650
22,065	Hamburger Hafen und Logistik	503,634
4,896	Hannover Rueckversicherung	187,639
15,660	Heidelbergcement	513,491
10,774	Henkel	402,948
34,928	Henkel AG & Co KGaA	1,557,440
4,689	Hochtief	209,575
1,414	Hugo Boss	80,457
89,844	Infineon Technologies	522,533
45,854	Jenoptik	209,186
6,019	Jungheinrich	114,000
27,066	K&S	945,145
42,927	Kabel Deutschland	1,683,382
1,126	Koenig & Bauer	11,226
55	KSB	21,588
28,330	Lanxess	1,133,200
10,667	Linde	1,226,172
5,911	MAN	406,086
13,475	Merck	1,037,979
43,924	Metro	1,238,657
20,425	MTU Aero Engines Investment	1,009,812
29,936	Muenchener Rueckversicherungs	2,837,334

AN GHEARMÁIN (AR LEANÚINT)		
621	Nemetschek	16,022
12,690	Patrizia Immobilien	43,489
50,172	Porsche Automobil	2,074,612
490	Puma	110,250
58,262	QS	121,709
25,088	Rheinmetal	858,888
47,491	RWE	1,289,381
3,660	Salzgitter	141,386
190,613	SAP	7,786,541
134,370	Siemens	9,935,318
845	SMA Solar Technology	36,474
5,284	Software	150,885
152	STO (Non Voting)	15,504
57,249	Suedzucker	1,411,188
2,409	Takkt	20,525
32,227	Thyssenkrupp	571,224
525	Tipp24	17,325
75,479	TUI	362,073
10,246	United Internet	141,395
2,390	Volkswagen	247,724
14,210	Volkswagen (Preference)	1,644,808
1,542	VTG	20,501
1,270	Wacker Chemie	78,931
770	Wuerttembergische Metallwarenfabrik	20,015
93	Wustenrot & Wurtte	1,330
	84,663,006	
% de na hInfheistíochtaí lomlána		0.63%

AN GHRÉIG		
43,072	Alpha Bank	23,173
11,873	Coca-Cola Hellenic Bottling	157,317
32,801	EFG Eurobank Ergas	12,432
9,922	Hellenic Petroleum	63,203
29,918	Hellenic Telecom Organization	83,621
79,789	National Bank of Greece	129,258
19,428	OPAP	132,693
9,419	Public Power	35,792
	637,489	
% de na hInfheistíochtaí lomlána		0.00%

ÉIRE		
3,022,929	Allied Irish Banks	30,229
45,701,961	Bank of Ireland	3,747,561
28,000	CRH	429,067
47,396	Elan	508,085
70,000	Kerry Group	1,979,950
59,059	Ryanair	219,463
	6,914,356	
% de na hInfheistíochtaí lomlána		0.05%

Punann Infheistíochtaí 31 Nollaig 2011

Urrúis Luaite - Cothromais

Sealúchas | Tuairisc an Urrúis | Luach Margaidh € | Sealúchas | Tuairisc an Urrúis | Luach Margaidh € | Sealúchas | Tuairisc an Urrúis | Luach Margaidh €

AN IOSRAEL		
27,604	Africa Israel Investments	64,303
13,107	Checkpoint Software Technologies	532,222
300	Formula Systems (1985)	3,503
42,649	Teva Pharmaceutical Industries	1,330,330
		1,930,357
% de na hInfheistíochtaí Iomlána		0.01%

AN IODÁIL		
127,199	A2A	92,410
129,447	Assicurazioni Generali	1,505,469
296,927	Atlantia	3,672,987
10,329	Autogrill	77,881
35,066	Autost Torino Mila	262,469
51,228	Banca Carige	75,817
428,928	Banca Monte dei Paschi Di	108,047
6,146	Banca Popolare Etrur-Lazio	6,902
143,167	Banco Popolare Societa Cooperativa	143,167
38,588	Benetton	113,989
90,920	Buongiorna	93,102
6,689	Buzzi Unicem	45,218
25,247	Campari	129,896
4,741	CSP	3,506
21,385	Danieli & C'Officine	348,789
31,416	De'Longhi	214,571
42,071	Edison	34,498
907,828	Enel	2,854,211
168,132	Enel Green Power	271,365
332,785	Eni	5,327,888
35,090	Exor	545,650
4,054	Exor Priv	56,999
328,470	Fiat	1,166,069
179,250	Fiat Industrial	1,187,531
35,131	Finmeccica	100,404
522,583	Gemina	311,721
29,302	Immobiliare Grande Distribuzioni	21,669
87,879	Indesit	326,383
1,061,435	Intesa Sanpaolo	1,373,497
440	Italmobiliare	6,406
222,425	KME Group	67,484
4,191	Lottomatica	48,658
11,146	Luxottica Group	241,868
69,209	Mediaset	147,969
35,056	Mediobanca	155,859
17,837	Mediolanum	53,654
28,691	Parmalat	38,159
15,697	Pirelli	102,109
16,985	Prysmian Cables & Systems	162,971
1,074	Reply	17,216

AN IODÁIL (AR LEANÚINT)		
27,247	Saipem	895,064
2,968	Servizi Italia	10,863
55,594	Sias	323,557
1,679,122	Snam	5,719,090
88,832	Sorin	105,266
1,220,272	T. E. R. N. A.	3,177,588
1,116,558	Telecom Italia	927,860
503,290	Telecom Italia Di Risip	348,277
71,436	UBI Banca	226,166
180,693	Unicredit	1,160,049
6,308	Vittoria Assicuraz	18,924
		34,427,160
% de na hInfheistíochtaí Iomlána		0.26%

LUCSAMBURG		
4,753	Aperam	51,808
148,130	Arceleormittal	2,093,077
2,498	Kernel	38,916
291,783	Ses Sa Fiduciary	5,411,116
39,439	Tenaris	563,189
56,286	Ternium	799,984
		8,958,089
% de na hInfheistíochtaí Iomlána		0.07%

AN ÍSILTÍR		
404,066	Aegon	1,253,009
19,530	Akzo Nobel	729,641
36,052	ASML	1,170,789
15,308	Be Semiconductor Industries	78,377
6,385	Boskalis Westminster Groep	181,270
1,059	CNH Global	29,456
7,806	Corio	262,321
57,303	EADS	1,383,867
9,407	First Britannia Mezzanine	0
6,696	Fugro	300,617
19,028	Gemalto	715,072
33,408	Heineken	1,156,181
832,724	ING Groep	4,629,945
1,106	Kendrion	18,249
313,864	Koninklijke KPN	2,901,673
208,660	Koninklijke Ahold	2,171,107
15,361	Koninklijke DSM	550,692
82,355	Koninklijke Philips Electronic	1,340,739
55,750	Koninklijke Vopak	2,275,994
26,638	Lyondellbasell	668,884
28,745	Mediq	338,185
17,876	Ordina	17,250
32,145	Post NL	79,077
18,877	Qiagen	201,040
10,324	Randstad	236,007
60,442	Reed Elsevier	544,401

AN ÍSILTÍR (AR LEANÚINT)		
388,201	Royal Dutch Shell "A"	10,998,546
148,008	Royal Dutch Shell "B"	4,348,278
14,052	SBM Offshore	223,708
36,925	SNS Reaal Groep	62,403
57,005	STMicroelectronics	261,710
9,949	Tetragon Financial	46,135
34,162	TNT Express	197,251
212,352	Unilever	5,642,193
74,095	Wessanen(Kon)	209,541
64,968	Wolters Kluwers	867,648
		46,091,255
% de na hInfheistíochtaí Iomlána		0.34%

AN IORUA		
7,592	Aker Solutions	61,635
3,911	Aktiv Kapital	13,669
26,065	Atea	201,689
28,268	Austevoll Seafood	76,558
29,515	Cermaq	267,211
299,919	DNB	2,264,671
5,597	Gjensidige Forsikring	50,022
10,142	Grieg Seafood	5,664
7,592	Kvaerner	9,546
39,715	Norsk Hydro	142,081
201,500	Norske Skogsindustrier	117,459
215,299	Orkla	1,239,760
74,251	Songa Offshore	175,238
123,339	Statoil	2,441,648
15,399	Statoil Fuel & Retail	88,553
16,712	Storebrand	67,029
31,610	Telenor	399,915
34,453	Yara	1,066,381
		8,688,729
% de na hInfheistíochtaí Iomlána		0.07%

AN PHORTANGÉIL		
384,560	Banco Commercial Portugese	52,300
23,684	Banco Espirito Santo	31,973
